



**Foras na Gaeilge**

**Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge  
don bhliain 2014**

| <b>Dáta</b>         | <b>Lch</b> |
|---------------------|------------|
| 16 Eanáir           | 2          |
| 28 Feabhra          | 6          |
| 11 Aibreán          | 19         |
| 23 Bealtaine        | 31         |
| 27 Meitheamh        | 42         |
| 25 Iúil             | 55         |
| 26 Meán Fómhair     | 69         |
| 31 Deireadh Fómhair | 74         |
| 12 Nollaig          | 78         |

**Miontuairiscí ón 120ú cruinniú Boird a tionóladh Déardaoin 16 Eanáir 2014 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** S. M. Ó Domhnaill, D. Ó hAiniféin, T. Ruane, B. Ní Chonghóile, A. Ní Chiaráin, T. Mac Eochagáin, C. Ní Shúilleabháin, D. Ó Laoghaire agus P. Callaghan (ar an nasc fhíshcomhdhála ó Bhéal Feirste).

**Leithscéalta:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), C. Cavanagh agus L. Kennedy.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**Níor fhreastail E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, S. Mac Donncha ná É. Ó Gribín ar an chruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Ainmníodh S. M. Ó Domhnaill mar Chathaoirleach don chruinniú toisc nach raibh an Cathaoirleach ná an Leas-Chathaoirleach i láthair.

Cuireadh fáilte roimh Dhonnchadh Ó Laoghaire a ainmníodh mar chomhalta Boird i gcomharbacht ar T. Sharkey.

## **02.120 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

### **An Coiste Achomhairc**

Cuireadh in iúl gur iarr dhá eagraíocht, Pobal agus Forbairt Naíonraí Teoranta, nach bhfuair cuireadh chun agallaimh le bheith roghnaithe mar cheanneagraíocht achomharc agus gur pléadh an dá achomharc ag cruinniú den Choiste ar 9 Eanáir 2014. Cuireadh in iúl gur tugadh cur síos don Choiste ar an phróiseas agus ar na cinntí a rinne an painéal measúnaithe i dtaca le Téarmaí Tagartha an Phainéil Roghnaithe (agallamh a chur ar bheirt ar a laghad agus ar thriúr ar a mhéad in aon cheann de na mór-réimsí a mbeadh níos mó ná iarratasóir amháin inti).

Míníodh go ndeachaigh an Coiste tríd an dá aighneacht ceist ar cheist agus marc ar mharc.

Cuireadh in iúl gur scríobh an Príomhfheidhmeannach litir chuig an dá eagraíocht ag míniú na gcéimeanna sa phróiseas measúnaithe agus sa phróiseas achomhairc agus léadh amach cóip den litir sin mar eolas don Bhord. D'aontaigh an Bord go raibh an próiseas ina iomláine trédhearcach, soiléir agus leanta go cruinn. Ghlac an Bord leis an mholadh ón Choiste go dtitfeadh achomharc Pobal. Ghlac an Bord leis an mholadh ón Choiste go dtitfeadh achomharc Forbairt Naíonraí Teoranta.

Ghabh an Bord buíochas le foireann an Fhorais as an obair ar fad a rinneadh.

**Miontuairiscí ón 121ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 17 Eanáir 2014 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, D. Ó hAiniféin, T. Ruane, B. Ní Chonghóile, A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, S. Mac Donncha, T. Mac Eochagáin, C. Ní Shúilleabháin, É. Ó Gribín agus D. Ó Laoghaire.

**Leithscéalta:** P. Callaghan, C. Cavanagh agus L. Kennedy.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**01.120 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go raibh buaireamh an Choiste Nuachtán agus Irisí faoi easpa foirne ag an fheidhmeannas le nótáil ar leathanach 2 de na miontuairiscí agus aontaíodh go leasófaí na miontuairiscí ina leith. Ardaíodh ceist faoi rath na bhfeachtas fógraíochta agus cuireadh in iúl go raibh tuairiscí á n-ullmhú ina leith. Cuireadh in iúl go raibh sainchomhairleoirí bainistíochta athruithe ceaptha agus go mbeadh deis ag na heagrais bhunmhaoinithe comhairle a fháil uathu. Cuireadh in iúl go raibh comhairleoir pleanála teanga le ceapadh freisin.

**09.120 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

**An Coiste Nuachtán agus Irisí**

Cuireadh in iúl gurb é 24 Eanáir 2014 an sprioc d'iarratais ar chonradh an nuachtáin sheachtainiúil ar líne agus gur lorg 15 ghrúpa an t-eolas ina leith go dáta. Cuireadh in iúl go raibh athbhreithniú le déanamh ar na hirisí ar fad, idir chlóite agus ar líne, a fhaigheann maoiniú ó Fhoras na Gaeilge. Aontaíodh go scaipfí cóip de gach iris ar an Bhord agus go ndéanfaí an cheist a phlé ag an chéad chruinniú Boird eile.

**02.120 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 NOLLAIG 2013**

Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe. Scaipeadh cóip uasdátaithe den ráiteas caiteachais agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus aontaíodh go scaipfí an leagan leasaithe ar ríomhphost. Cuireadh in iúl go mbeadh dréachtbhuiséad athbhreithnithe ar fáil don chéad chruinniú Boird eile i mí Feabhra. D'fhág an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú.

**03.120 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais. Cuireadh in iúl go leasófaí an nóta eolais feasta le hiarratais nua amháin a léiriú seachas deontais a ceadaíodh le linn 2013.

**04.120 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir sé in iúl:

- Gur síníodh cuntais 2011 ar 23 Nollaig 2013.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Mír 9.

- Gur tháinig scéal ón ARC&C 13 Eanáir go raibh mionleasuithe eagarthóireachta le cur i bhfeidhm ar na cuntais agus nach scaoilfí an teastas go raibh siad curtha i bhfeidhm. Cuireadh leagan leis na leasuithe ar ais ar 14 Eanáir. Tháinig cóip leictreonach den teastas 15 Eanáir.
- Go raibh cruinniú socraithe don 30 Eanáir leis an ARC&C, OITÉ agus an USA le faomhadh agus leagan chuntais 2012 agus iniúchadh 2013 a phleanáil.
- Go raibh na treoirlínte pleanála teanga do na limistéir pleanála Gaeltachta, na bailte seirbhíse Gaeltachta agus na líonraí foilsithe ag an roinn agus iad le feiceáil ag <http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/AnProiseasPleanalaTeanga/>.
- Go mbeadh go leor cainte ann sna blianta romhainn ar na comórthaí staire éagsúla agus gur chóir don Bhord bheith ag smaoineamh ar shraith mhachnóireachta a choimisiúnú, i bpáirt le mór-nuachtán Béarla ó scríbhneoirí/intleachtóirí aitheanta faoin ról a shamhlaíonn siad don Ghaeilge i gcúrsaí féiniúlachta. Aontaíodh go ndéanfaí seo a phlé arís ag an chéad chruinniú eile.
- Go raibh measúnú déanta ar na tairiscintí a fuarthas don chomhairleoir um bainistiú athraithe, go raibh an toradh fógartha agus conradh le bronnadh de luach nach mó ná €49,406 móide CBL agus costais taistil.
- Go raibh measúnú déanta ar na tairiscintí a fuarthas don tseirbhís i leith pleanála teanga agus conradh le bronnadh de luach nach mó ná €34,600 móide CBL.
- Gur glacadh leis an Scéim Chomhionannais don Fhoras Teanga 13 Nollaig 2013.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6.

- Go raibh an scrúdú do Shéala an Aistriúcháin ann Dé Sathairn 07 Nollaig. Go ndearna 53 an scrúdú agus gur éirigh le 13 sa scrúdú agus go mbeadh bronnadh le heagrú amach anseo.

#### **05.120 COLMCILLE**

D'fhag L. Ó Maolmhichíl an cruinniú agus chuaigh E. Mac Cormaic sa chathaoir don mhír seo. Cuireadh in iúl go raibh babhta deontas fógraithe agus go mbeadh cruinniú de Chomhchoiste Cholmcille ann i mí an Mhárta. Cuireadh in iúl nach raibh aon dul chun cinn leis na ranna urraíochta sna trí dhlínse maidir leis an mholadh aontaithe ag an Bhord agus ag Bord na Gàidhlig faoi thodhchaí Cholmcille. D'fhill L. Ó Maolmhichíl agus chuaigh sé sa chathaoir arís.

#### **06.120 CUR I LÁTHAIR AG AMÁRACH RESEARCH FAOIN MHÓRSHUIRBHÉ**

Tháinig O. Deasy ó Amárach Research i láthair an chruinnithe agus thug sí cur i láthair don Bhord ar an mhórshuirbhé agus d'fhreagair sí ceistanna ina dhiaidh. Ghabh an Bord buíochas le O. Deasy as an chur i láthair. Aontaíodh go scaipfí cóip den chur i láthair agus cóip den dá cheistneoir ar an Bhord mar eolas ach go gcoinneofaí an t-eolas faoi rún go dú go bhfoilseofaí i mí an Mhárta é le linn Sheachtain na Gaeilge.

### **07.120 LÍOFA**

Tugadh uasdátú ar an togra Líofo agus roinnt deacrachtaí a bhí tagtha chun solais le tamall. Léirigh an Bord díomá ina leith agus aontaíodh tuairisc eile a fháil ag an chéad chruinniú Boird eile.

### **08.120 AON GHNÓ EILE**

Thug Cathaoirleach Choiste Chlár na Leabhar Gaeilge nuashonrú ar an fheachtas margaíochta a reáchtáladh faoi Leabhar na Bliana. Pléadh an tuairisc a cuireadh ar fáil faoi Fhéile Leabhar na Nollag (2012) agus tugadh le fios gurb iad an raidió agus na meáin shóisialta na bealaí is éifeachtaí le scéalta a phoibliú. Bhí plé ar an obair atá déanta chun straitéis léitheoireachta a ullmhú agus ar na chéad chéimeanna eile.

### **09.120 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

#### **An Coiste Forbartha**

**D'fhág E. Mac Cormaic, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí agus É. Ó Gribín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Cuireadh in iúl gur tugadh cuireadh chun agallaimh le bheith mar cheanneagraíocht do 11 eagraíocht agus gur eagraíodh na hagallaimh ar 07 agus 08 Eanáir i mBaile Átha Cliath. Cuireadh in iúl gurb iad seo a leanas na heagraíochtaí molta sna réimsí éagsúla:

1. Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge – Gaelscoileanna
2. Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d'aoisigh agus deiseanna úsáide do dhaltai scoile – Gael-Linn
3. Forbairt Phobail agus Eacnamaíochta – Glór na nGael
4. Deiseanna a thacaíonn le hÚsáid na Gaeilge agus le Bunú Gréasán – Oireachtas na Gaeilge
5. Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht – Conradh na Gaeilge
6. Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasán do Dhaoine Óga – Cumann na bhFiann

Cuireadh in iúl gur tháinig fostaí de chuid an óstáin isteach sa seomra agallaimh de dhearmad nuair a bhí eagraíocht amháin ag gabháil dá n-agallamh agus go bhfuarthas litir ghearáin ón eagraíocht sin ina leith. Cuireadh in iúl gur cuireadh an eachtra sin san áireamh nuair a bhí an mharcáil á déanamh, nach raibh tionchar diúltach aici ar an Phainéal agus iad a bronnadh a marcanna agus go raibh an cháipéisíocht ar fad ann agus sínithe ag an Phainéal Roghnaithe. Léadh amach an freagra a cuireadh ar ais chuig an eagraíocht mar eolas don Bhord.

Ghabh an Bord buíochas le baill an Choiste Forbartha agus leis na Stiúrthóirí agus Clárghainisteoirí cuí as an obair iontach a rinneadh. Ghabh an Príomhfheidhmeannach buíochas ar leith leis an Leas-Phríomhfheidhmeannach.

**D'fhill E. Mac Cormaic, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí agus É. Ó Gribín ag an phointe seo.**

Tugadh cóip den phreasráiteas dóibh agus cuireadh toradh an phróisis in iúl dóibh.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**

**Cathaoirleach**

**28 Feabhra 2014**

## **Miontuairiscí ón 122ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 28 Feabhra 2014 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), T. Ruane, A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, T. Mac Eochagáin, C. Ní Shúilleabháin, É. Ó Gribín agus D. Ó Laoghaire.

**Leithscéalta:** D. Ó hAiniféin, B. Ní Chonghóile, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, P. Callaghan, C. Cavanagh agus L. Kennedy.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Léadh amach litir a tugadh don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach an mhaidin sin ó Iontaobhas Ultach, Pobal agus Altram a bhí ag picéadú taobh amuigh den oifig. D'iarr an Bord ar an Phríomhfheidhmeannach litir a chur ar ais chucu le cur in iúl gur nótáil an Bord an litir.

### **01.122 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

D'aontaigh an Bord leis an leasú ar leathanach 4 – ‘an obair’ in áit ‘aon obair’. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go raibh tuairisc ar na feachtais chumarsáide díreach faighte agus go gcuirfí faoi bhráid an Bhoird í ag an chruinniú i mí Aibreáin.

### **02.122 DRÉACHTBHUISÉAD DO 2014**

Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe ar an nasc físchomhdhála agus pléadh an dréachtbhuiséad do 2014. Cuireadh in iúl go raibh an REOG ag moladh ciorrú 7% ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge i mbliana cé nach mbeadh ach ciorrú de 5% ar bhuiséad Uiscebhealaí Éireann. Léirigh an Bord díomá agus míshástacht go raibh an REOG ag caitheamh le Foras na Gaeilge ar bhealach éagsúil agus aontaíodh go gcuirfeadh an Cathaoirleach litir ghearáin chuig an REOG ina leith.

Pléadh an achoimre ar cheangaltais agus an achoimre ar dhíscríobh agus ghlac an Bord leo. Ghabh an Bord buíochas le Clár bhainisteoir agus le foireann na Rannóige Airgeadais. D'fhág an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú.

### **03.122 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

#### **Coiste na nDeontas**

**D'fhág E. Mac Cormaic agus É. Ó Gribín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

| <b>Ainm an Tionscadail</b> | <b>Uimhir Thagartha</b> | <b>Eagras</b>                  |
|----------------------------|-------------------------|--------------------------------|
| Bunmhaoiniú 2014           | 1301144                 | Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge |

Ghlac an Bord leis an leasú ar bhriseadh síos an deontais toisc nár cuireadh an soláthar de €3,000 (faoin mhír ‘An Próiseas Athraithe’) san áireamh san fhigiúr mhóir-iomlán de €230,448 a ceadaíodh ag cruinniú Boird den 13 Nollaig 2013 agus gurb é €233,448 an figiúr ceart don deontas anois.

**D'fhill E. Mac Cormaic agus É. Ó Gribín ag an phointe seo agus cuireadh in iúl nach raibh coimhlint leasa ag É. Ó Gribín a thuilleadh.**

Thug an Bord suntas don nóta eolais faoin Áisaonad.

Ghlac an Bord leis an mholadh ar dhíscríobh deontais do ‘Bain Triail As agus Ar Ais Arís’ (**Aguisín 1**).

Ghlac an Bord leis an fhoirm iarratais agus na treoirlínte don Scéim Raidió Pobail 2014-2015. Cuireadh in iúl go raibh aguisín breise le cur leis maidir le tuarastail ó thuaidh.

Ghlac an Bord leis na critéir mhaoinithe don Scéim Tacaíochta Gnó 2014.

### **An Coiste Iniúchta**

Pléadh an polasaí sceithireachta. Ghlac an Bord leis an pholasaí sceithireachta agus aontaíodh go scaipfí ar an fhoireann agus na leasuithe cuí déanta air.

Pléadh an ráiteas calaoise agus ghlac an Bord leis. Pléadh an polasaí maidir le cárta creidmheasa corparáideach agus ghlac an Bord leis. Pléadh an clár rioscaí agus ghlac an Bord leis. Cuireadh in iúl gur tháinig litir bhainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le roinnt ceisteanna ach go raibh na ceisteanna sin freagartha ó shin. Cuireadh in iúl nach raibh aon cheann de na ceisteanna ag leibhéal ard. Aontaíodh go scaipfí cóip den litir sin ar an Bhord mar eolas.

|                                                                                                                          |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6. |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

### **Coiste an Fhoclóra**

Pléadh na roghanna a bhí ann maidir le spriocanna thionscadal an fhoclóra nua Béarla-Gaeilge agus cuireadh in iúl gur ghlac Coiste an Fhoclóra le rogha 3. Ghlac an Bord leis an mholadh (**Aguisín 2**) agus cuireadh in iúl go mbeadh an moladh le cur faoi bhráid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas lena fhaomhadh. Cuireadh in iúl go raibh cás gnó ullmhaithe le cur in éineacht leis an mholadh.

### **An Coiste Nuachtán agus Irisí**

Cuireadh in iúl go raibh na measúnuithe ar siúl ar na hiarratais ar an Scéim Nuachtán ar Líne.

Moladh nach soláthrófaí aon mhaoiniú do Feasta, An tUltach agus Gaelport i ndiaidh mhí an Mheithimh, nuair a thiocfadh deireadh leis an bhunmhaoiniú do na heagraíochtaí bunmhaoinithe, agus gur ceist do na heagrais áirithe cé acu an leanfaí leo amach anseo. Moladh nach leanfaí ag foilsiú na nuachtlitreach SAOL i ndiaidh mhí an Mheithimh. Cuireadh in iúl go raibh deireadh leis na conarthaí le [www.beo.ie](http://www.beo.ie) agus Nós\* ag deireadh mhí an Mheithimh. Ghlac an Bord leis na moltaí. Aontaíodh go nullmhófaí scéim trí bliana le haghaidh iris stílmhaireachtála comhaimseartha.

Moladh go ndéanfaí anailís ar leith ar na foilseacháin ar líne ar an ábhar nárbh ionann ceisteanna dáileacháin agus díolacháin leo.

Pléadh an tábhacht a bhí ann gan deireadh a chur leis an mhaoiniú do na foilseacháin reatha gan socrú bheith déanta cad é a thiocfadh ina n-áit, agus sin bheith ar fáil. D'iarr comhaltaí ar an Fheidhmeannas a chinntiú nach gcuirfí deireadh le maoiniú do gach iris gan na socruithe cuí bheith déanta don rud a thiocfadh ina n-áit.

Chuir an Feidhmeannas in iúl nach mbeadh am go leor ann an scéim trí bliana le haghaidh iris stílmhaireachtála comhaimseartha a bheith ceadaithe ag an Bhord roimh dheireadh mhí an Mheithimh.

Mhol an Cathaoirleach don Fheidhmeannas teacht ar ais chuig an Bhord lena moltaí ina leith seo chuig an chéad chruinniú eile.

### **Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge**

Pléadh na moltaí maidir le Scéim na Foilsitheoireachta agus ghlac an Bord leis an mholadh €401,532 a cheadú do Ghrúpa A faoi Scéim na Foilsitheoireachta agus €263,400 a cheadú do Ghrúpa B (**Aguisín 3**). Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hIarratais ar Thionscadail Litríochta (**Aguisín 4**).

### **An Coiste Téarmaíochta**

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le ballraíocht ar an Choiste Téarmaíochta.

### **An Coiste Osradhairc**

|                                                                                                                          |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6. |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

Cuireadh in iúl go raibh athbhreithniú á dhéanamh ar na coistí éagsúla Boird faoi láthair agus go gcuirfí na torthaí amach chuig an Bhord go luath. Pléadh ceist na gcoistí agus aontaíodh gurb iad seo a leanas na coistí riachtanacha: An Coiste Iniúchta, Coiste na nDeontas, An Coiste Osradhairc, An Coiste Forbartha, An Coiste Achomhairc agus An Coiste Nuachtán agus Irisí (go dtí deireadh an tsamhraidh). Aontaíodh go raibh na coistí eile roghnach.

D'iarr an Príomhfheidhmeannach go gcuirfeadh comhaltaí scéal chuige maidir leis na sainscileanna s'acu le ceist bhallraíocht na gcoistí a éascú agus go ndéanfaí ballraíocht na gcoistí a phlé ag an chéad chruinniú Boird eile.

Ghlac an Bord leis an Scéim Tarmligin agus aontaíodh go ndéanfaí cur i láthair ar an scéim ag an chéad chruinniú eile.

Cuireadh in iúl go raibh an ceistneoir don Ghradam Barrmhaitheasa le comhlánú ag roinnt comhaltaí Boird fós agus go mbeadh an measúnóir ag teacht chuig an chruinniú Boird i mí Aibreáin le haghallamh a dhéanamh le comhaltaí áirithe.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach Coiste as an obair ar fad go dáta.

### **04.122 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

### **05.122 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Gur cuireadh cuntais 2011 faoi bhráid an Chomh-Aireachta ar 04 Feabhra leagadh iad ar 06 Feabhra.
- Gur tharla an cruinniú leis an ARC&C, OITÉ agus an USA maidir le cuntais 2012 agus iniúchadh 2013. Tá clár ama aontaithe.
- Gur cheadaigh sé féin agus an Cathaoirleach €31,895.80 do Gael-Linn agus €30,582.80 do Chonradh na Gaeilge leis an scéim Gaelbhratach a riar don



tréimhse Eanáir go Meitheamh

- Ag an chruinniú ar 26 Iúil cheadaigh an Bord cur chuige agus buiséad le riar a dhéanamh ar an bhunachar náisiúnta téarmaíochta, [www.focal.ie](http://www.focal.ie) Tá measúnú déanta ar na tairiscintí a fuarthas don obair eagarthóireachta agus óstáil focal.ie Tá Conradh 3 bliana ó 01 Bealtaine de luach €220,000 + CBL aontaithe le Fiontar leis an eagarthóireacht agus obair forbartha a dhéanamh. Tá Conradh 3 bliana ó 01 Bealtaine de luach  
€ 39,410 + CBL aontaithe le Tibus leis an óstáil a dhéanamh.+
- Go raibh conarthaí againn le comhairlí ó thuaidh nach mbeidh ann nuair a thiocfas an tAthbhreithniú ar Riarachán Poiblí (RPA) i bhfeidhm. Faoi láthair tá 3 oifigeach ann:
  1. Doire – beidh sin i gceart (Doire & an Srath Bán a bheas ann)
  2. Machaire Fíolta & Léim an Mhadaidh – Léim an Mhadaidh, Cúl Raithin & Moyle a bheidh ann (Causeway Coast & Glens)
  3. Tír Eoghain Theas agus na Corra Críche – Tír Eoghain Theas, Machaire Fíolta agus na Corra Críche a bheas ann. (Lár Uladh)Beidh conarthaí nua le haontú leis na comhairlí nua siocair go mbeidh conarthaí againn le grúpaí nach ann dóibh níos mó.
- Go raibh an REOG ag dul a fhógairt próiseas comhairliúcháin maidir leis na Bailte seirbhísí Gaeltachta.
- Go raibh an LPF agus an SSF ag Coiste CEF ar 13 Feabhra maidir leis an socrú nua do na heagrais bhunmhaoinithe.
- Go raibh na heagrais uilig ag diúltú plé leis an Chomhairleoir um Bainistíocht Athruithe siocair nach bhfuil Gaeilge acu ach tá socrú in áit aistritheoir a bheith ar fáil más mian sin.
- Gur cuireadh in iúl ag cruinniú leis na ranna ar 17 Feabhra go raibh comhaontú seirbhíse aontaithe idir na ranna. Tá siad lena chur chugainn le heolas a chur isteach ann faoi spriocanna srl.
- Go raibh an REOG chun iarraidh orainn díriú ar chomóradh 1916 mar chuid den deich mbliana de chomórthaí.
- Go raibh cruinniú le Bord na Gàidhlig ar 20 agus 21 Feabhra.
- Go mbeadh cruinniú CATT ar 3 Aibreán 2014.

Cuireadh in iúl go raibh an Fóram Forbartha Teanga le bunú agus thug an Bord cead don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach Cathaoirleach a cheapadh ar an Fhóram sin.

#### **06.122 COLMCILLE**

Pléadh an moladh le comhdháil a reáchtáil maidir le Slí Cholmcille agus ghlac an Bord leis an mholadh conradh a thabhairt d'Urras nan Leabhraichean ar luach £9,910 leis an chomhdháil a eagrú agus buiséad de £10,810 a chur ar leataobh as buiséad Cholmcille ag Foras na Gaeilge do shainghnéithe a bhaineann le heagrú na comhdhála in Éirinn, agus ar thaifeadadh & fiseáin is féidir a úsáid in aipeanna. Cuireadh in iúl go mbeadh na Ranna ag teacht le chéile le todhchaí Cholmcille a phlé go luath.

#### **07.122 LÍOFA**

Cuireadh in iúl go raibh roinnt deacrachtaí le Líofo a fhorbairt ar bhonn uile-oileáin ach go raibh an suíomh Idirlín [www.liofa.eu](http://www.liofa.eu) seolta anois agus ag feidhmiú. Cuireadh

in iúl go raibh an seoladh uile-oileáin a bhí le bheith ann ag tús Sheachtain na Gaeilge curtha ar athló ach go rabhthas ag fanacht le haiseolas ó na Ranna ar an 3ú plépháipéar a chuir Foras na Gaeilge faoina mbráid go luath i mí Eanáir.

#### **08.122 COMÓRTHAÍ AGUS FÉINIÚLACHT**

Aontaíodh go ndéanfaí an mhír seo a phlé ag an chéad chruinniú Boird eile agus go gcuirfí níos mó eolais ar fáil ina leith.

#### **09.122 TUAIRISC AR THORTHAÍ SCRÚDÚ AN tSÉALA**

Thug an Bord suntas don tuairisc ar thorthaí scrúdú an tséala. Moladh gurbh fhiú séala an aistriúcháin a chur faoi bhráid QQI le bheith aitheanta go náisiúnta.

#### **10.122 CÓD IOMPAIR NA FOIRNE**

Pléadh Cód Iompair na Foirne agus cuireadh in iúl gur leasaíodh an píosa faoi choimhlint leasa. Ghlac an Bord le Cód Iompair na Foirne.

#### **11.122 POLASAÍ CHOIMHLINT LEASA**

Pléadh Polasaí Choimhlint Leasa na foirne agus ghlac an Bord leis.

#### **12.122 COMHFHREAGRAS**

Cuireadh in iúl go raibh litir ghearáin faighte maidir le ball Boird faoi ábhar a bhí scríofa sna meáin shóisialta agus go raibh an Cathaoirleach ag déileáil leis an ghearán. D'iarr an Cathaoirleach ar an Bhord bheith an-chúramach maidir le hábhar a scríobh sna meáin shóisialta.

#### **13.122 AON GHNÓ EILE**

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**11 Aibreán 2014**

## **Moladh ar Dhíscríobh Deontais**

**Uimhir Thagartha:** 0801426  
**Ainm an Eagrais:** Preas Ultach  
**Ainm an Tionscadail:** Bain Triail As agus Ar Ais Arís

Ag cruinniú de Bhord Fhoras na Gaeilge ar an 19ú Meán Fómhair 2008, faoi Scéim na nÁiseanna Teagaisc, ceadaíodh deontas nach mó ná £30,478stg do Phreas Ultach chun dhá leabhar a chur ar fáil chun tacú le teagasc na Gaeilge i scoileanna, ó thuaidh go príomha, ina bhfuil an Béarla mar mheánteagaisc i. *Bain Triail As* (dírithe ar dhaltaí Bhliain 10), agus *Ar Ais Arís* (dírithe ar dhaltaí Bhliain 9).

### **Íocaíochtaí**

Íocadh na sciaranna den deontas mar seo a leanas:

Sciar 1 - £16,290 i 2008 (íocaíocht chun tosaigh)

Sciar 2 - £10,000 i 2009 (íocaíocht chun tabhairt faoin dara leabhar – bhí an chéad leabhar i gcló agus ar fáil)

Sciar 3 - £3,000 i 2011 (íocaíocht chun an obair a eascú le leagan ‘ceamra réidh’ a dhéanamh)

Sciar 4 - £1,188 – tá an méid seo fós le híoc ag deireadh an tionscadail.

### **Margadh**

Bhí an chéad leabhar - *Bain Triail As* - dírithe ar dhaltaí Bhliain 10, agus bhí an dara leabhar - *Ar Ais Arís* - dírithe ar dhaltaí Bhliain 9. Le trí bliana anuas tá titim suntasach i ndiaidh tarlú ar líon na ndaltaí ata ag roghnú na Gaeilge mar ábhar scoile ag an iarbhunleibhéal ó thuaidh. Leis an titim seo sna huimhreacha, tháinig laghdú san éileamh ar leabhair do dhaltaí ó scoileanna. Tá níos mó béime agus fócas anois ar na cláracha bána agus ar ábhar atá ríomhaire-bunaithe in iarbhunscoileanna toisc é bheith níos saoire agus níos fusa uasdátú a dhéanamh ar ábhar de réir mar is gá. Tá cuid ábhar ar fáil saor in aisce do theangacha ar líne, rud a dhéanann dochar do mhargadh na leabhar.

### **Moladh**

Moltar an deontas seo a dhíscríobh.

|                                                                                                                 |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus faoi Chuid 2, Mír 6. |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

## TIONSCADAL AN FHOCLÓRA NUA BÉARLA-GAEILGE – ATHBHREITHNIÚ AR AN bPLEAN DON TRÉIMHSE 2013-2015 5/02/14

### A. PLEAN REATHA (FAOFA FEABHRA 2013)

Sa chéad ráithe den bhliain 2013, d'fhaomh Bord Foras na Gaeilge na spriocanna thíos maidir leis an bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge:

| Dáta                                                | Líon aonad céille (AC) nua | Líon carnach d'AC ar líne | STÁDAS          |
|-----------------------------------------------------|----------------------------|---------------------------|-----------------|
| Márta 2013 – athuaslódáil ar na hiontrálacha reatha | n/bh                       | 30,000                    | curtha i gcrích |
| Meitheamh 2013                                      | 8,000                      | 38,000                    | curtha i gcrích |
| Nollaig 2013                                        | 20,000                     | 58,000                    | curtha i gcrích |
| Meitheamh 2014                                      | 20,000                     | 78,000                    | idir lámha      |
| Nollaig 2014                                        | 22,000                     | 100,000                   | idir lámha      |

Tá sé leagtha síos sa phlean freisin go dtabharfar faoi leagan clóite sa bhliain 2015.

### B. STÁID REATHA AN TIONSCADAIL

Tá na spriocanna thuasluaite go léir maidir le 2013 bainte amach agus 58,000 míle AC ar líne anois. Anuas air sin, cuireadh leaganacha leictreonacha iomlána de *English-Irish Dictionary* (de Bhaldráithe) agus *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Ó Dónaill) ar fáil ar líne in 2013, mar aon le Bunachar Gramadaí agus Bunachar Foghraíochta.<sup>1</sup>

### C. TOSCA NUA A BHFUIL IMPLEACHTAÍ SUNTASACHA ACU I DTACA LE SPRIOCANNA 2014

I bhfianaise na taithí atá anois ag an bhfoireann tar éis trí sciar den fhoclóir a uaslódáil agus de bharr athruithe suntasacha i líon agus i gcomhdhéanamh na n-acmhainní eagarthóireachta, táthar ag moladh go ndéanfaí athbhreithniú ar spriocanna 2014 toisc go mbeidh tionchar nach beag ag na tosca thíosluaite ar an méid ábhair is féidir a chur faoi eagarthóireacht in 2014:

- acmhainn eagarthóireachta a cailleadh mar gheall ar eagarthóirí a bhí ar chonarthaí ach a d'imigh roimh dheireadh thréimhse an chonartha;
- spleáchas suntasach ar acmhainní eagarthóireachta seachtracha uaidh seo amach, agus na himpleachtaí bainistithe agus monatóireachta a théann leis sin;
- ró-ualach oibre go leanúnach ar an bhfoireann mar gheall ar spriocanna táirgeachta ar léir ón taithí le bliain anuas nach féidir iad a bhaint amach ar an gcaighdeán cuí laistigh de ghnáthuaireanta oibre;
- tascanna riachtanacha foclóireachta eile ar nós fhorbairt agus chothabháil [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie), <http://breis.focloir.ie> agus Chorpas na Nua-Ghaeilge.

### D. ROGHANNA MAIDIR LE SPRIOCANNA AN TIONSCADAIL

I bhfianaise na dtosca thuasluaite, tá trí rogha ann maidir le spriocanna an tionscadail:

#### Rogha 1: Cloí leis na spriocanna agus leis an sceideal reatha

- Bunaithe ar anailís staitistiúil ar an ualach oibre a bhí ar fhoireann an tionscadail ó tosaíodh ag foilsiú an ábhair ar líne de réir a chéile, is léir nach mbeadh na hacmhainní foirne reatha in ann an sprioc reatha a bhaint amach gan bheith ag obair go leanúnach ag 125% dá gcuid ama.
- Bheadh riosca suntasach ag baint leis sin i dtaca le freagracht Foras na Gaeilge mar fhostóir agus a dhualgaís cúraim i leith na foirne. Dá réir sin, chun na spriocanna

<sup>1</sup> Féach <http://breis.focloir.ie>

reatha a bhaint amach, bheadh acmhainní breise ag leibhéal na heagarthóireachta sinsearaí ag teastáil agus níl teacht ar na hacmhainní sin faoi láthair ná ní fhéadfaí baill foirne nua a earcú agus a oiliúint sa ghearrthréimhse gan baint go suntasach den acmhainn eagarthóireachta atá ann.

- Chomh maith leis sin, faoi Rogha 1, ní fhéadfaí tabhairt faoi fhorbairtí riachtanacha i dtaca le Corpas na Gaeilge agus <http://breis.focloir.ie> mar atá leagtha síos sa Straitéis Foclóireachta atá faofa ag Bord Fhoras na Gaeilge.

## **Rogha 2: An sprioc do 2014 a laghdú go 32,000 aonad céille agus tabhairt faoin leagan clóite in 2015**

- Agus na tosca thuasluaite á gcur san áireamh, moltar an sprioc do 2014 a laghdú ó **42,000 AC** go dtí **32,000 AC**. D'fhágfadh sé seo go mbeadh **90,000 AC** curtha i gcrích faoi dheireadh 2014, laghdú de 10% ar an sprioc de **100,000 AC** a bhí leagtha síos ag tús na bliana seo caite.
- Anuas ar an sprioclíon 32,000 AC, moltar na spriocanna eile seo a leanas a chur sa phlean do 2014:
  1. 15,000 comhad fuaime sa bhreis a chur leis an bhFoclóir nua agus leis an mbunachar foghraíochta ar <http://breis.focloir.ie>;
  2. 1,600 comhad gramadaí sa bhreis a chur leis an bhFoclóir nua agus leis an mbunachar gramadaí ar <http://breis.focloir.ie>;
  3. Aip a chur ar fáil don Fhoclóir Nua;
  4. 1.5 milliún focal de chaint chomhaimseartha a chur le Corpas na Gaeilge Labhartha (500,000 as gach ceann de na trí mhórchanúint) mar dhúshraith d'fhoclóir nua Gaeilge-Béarla agus d'fhoclóir nua Gaeilge-Gaeilge;
  5. Na feidhmeanna cuardaigh a fhorbairt ar an suíomh <http://breis.focloir.ie>;
  6. Tús a chur le faomhadh an 14,000 téarma nua atá molta san Fhoclóir Nua.
- Faoi Rogha 2 thabharfaí faoin leagan clóite den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge i dtús 2015 nuair a bheadh an 90,000 aonad céille foilsithe ar líne.
- Os a choinne sin, is léir nach mbeadh cumhdach chomh hiomlán agus ab inmholta á dhéanamh ó thaobh an raon ceannfhocal Béarla a bheadh curtha faoi eagarthóireacht dá stadfaí ag 90,000 aonad céille; is timpeall 20,000 ceannfhocal a bheadh curtha in eagar agus bheadh go leor ceannfhocal coitianta nach mbeadh san áireamh. Ar an mbonn gur féidir cur go leanúnach le soláthar ar líne ach gur dócha gurb é an leagan clóite den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge an ceann deiridh dá leithéid go ceann 10-15 bliain ar a laghad, bheadh an baol ann go measfaí an soláthar ann a bheith easnamhach le taobh an raon ceannfhocal atá i bhfoclóirí dátheangacha comhaimseartha eile.

## **Rogha 3: Rogha 2 thuas móide bliain bhreise don tionscadal chun 40,000 AC breise a sholáthar in 2015, agus tabhairt faoin leagan clóite ansin i 2016**

- Agus na tosca thuasluaite á gcur san áireamh, moltar an sprioc do 2014 a laghdú ó 42,000 AC go dtí 32,000 AC ach bliain bhreise a cheadú – laistigh de bhuiséad reatha an tionscadail – chun 40,000 AC eile a dhéanamh in 2015. D'fhágfadh sé seo go mbeadh 130,000 AC curtha i gcrích faoi dheireadh 2015, méadú de 30% ar an sprioc de 100,000 AC a bhí leagtha síos ag tús 2013 agus méadú suas le 60% ar líon na gceannfhocal aonair a bheadh curtha ar fáil (.i. 100,000 aonad céille = 25,000 ceannfhocal ach 130,000 aonad céille = 35,000-40,000 ceannfhocal).
- Gan trácht ar chumhdach an fhoclóra a mhéadú go suntasach sula dtabharfaí faoin leagan clóite, chiallódh an síneadh ama sa tionscadal go mbeadh eagarthóireacht deiridh déanta ar 85% den ábhar Béarla a seachadadh i gCéim 2A agus a aistríodh ina iomláine i gCéim 2B. Fágann sé seo go mbeadh luach ar airgead i bhfad níos fearr ag gabháil leis an rogha seo.
- Thabharfadh an bhliain bhreise deis dúinn aiseolas a fháil ón bpobal maidir leis an leagan ar líne, sula gcuirfí an leagan clóite i gcrích, agus deis chun beachtú a dhéanamh ar an éileamh ar an leagan clóite.

## **E. MOLADH**

Ar mhaithe le táirge deiridh i bhfad níos cuimsithí agus níos inmhathana a sholáthar do phobal na teanga, agus i bhfianaise na dtosca agus na bhfigiúirí thuasluaite, moltar gurb í Rogha 3 a chuirfí faoi bhráid Bhord Fhoras na Gaeilge, na Ranna, agus an CATT. Bheadh an rogha sin á cur i gcrích laistigh de bhuiséad faofa an tionscadail.

#### **F. ACHOIMRE**

Moltar an plean thíos a chur i gcrích in ionad an phlean reatha don tionscadal:

| <b>Dáta</b>    | <b>Líon AC nua</b> | <b>Líon carnach d'AC beo</b> | <b>Spriocanna eile</b>                                                                                                                                                                                                                                                                                            |
|----------------|--------------------|------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Meitheamh 2014 | 16,000             | 74,000                       | <ul style="list-style-type: none"> <li>• 7,500 comhad fuaime breise</li> <li>• 1,600 comhad gramadaí breise</li> <li>• Feidhmeanna cuardaigh breise ar <a href="http://breis.focloir.ie">http://breis.focloir.ie</a></li> </ul>                                                                                   |
| Nollaig 2014   | 16,000             | 90,000                       | <ul style="list-style-type: none"> <li>• 7,500 comhad fuaime breise</li> <li>• 1.5 milliún focal curtha le Corpas na Gaeilge (ábhar labhartha)</li> <li>• An Aip curtha ar fáil</li> <li>• Ar a laghad 6,000 de na téarmaí nua atá á moladh san Fhoclóir Nua a bheith faofa ag an gCoiste Téarmaíochta</li> </ul> |
| Meitheamh 2015 | 20,000             | 110,000                      |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |
| Nollaig 2015   | 40,000             | 130,000                      |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |
| 2016           |                    |                              | Tabhairt faoi leagan clóite an Fhoclóra                                                                                                                                                                                                                                                                           |

**Scéim na Foilsitheoireachta**

Phléigh Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge na hiarratais faoi Scéim na Foilsitheoireachta ag cruinniú den choiste ar an Déardaoin, 13 Feabhra 2014. Seo a leanas na moltaí a rinneadh:

| <b>Grúpa A</b>      | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid Iarrtha</b> | <b>Méid Molta 2014</b> | <b>Moladh/poinnte faoi leith</b>                                           |
|---------------------|-------------------------|---------------------|------------------------|----------------------------------------------------------------------------|
| <b>Foilsitheoir</b> |                         | <b>€</b>            | <b>€</b>               |                                                                            |
| Cló Iar-Chonnacht   | CLG13052                | 224,977.00          | 168,000.00             | Moladh gan maoiniú a chur ar fáil don tionscadail ainm.ie faoin scéim seo. |
| Cois Life           | CLG13050                | 112,941.00          | 100,181.00             |                                                                            |
| Futa Fata           | CLG13058                | 132,764.00          | 72,351.00              |                                                                            |
| Leabhar Breac       | CLG13055                | 94,288.44           | 61,000.00              |                                                                            |
| <b>Iomlán</b>       |                         | <b>564,970.44</b>   | <b>401,532.00</b>      |                                                                            |

**Moltar deontais nach mó ná €401,532.00 a cheadú do Ghrúpa A don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2014 ach plean comhaontaithe a bheith curtha ar fáil ag na foilsitheoirí.**

| <b>Grúpa B</b>      | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid Iarrtha</b> | <b>Méid Molta 2014</b> | <b>Moladh/poinnte faoi leith</b>                                                        |
|---------------------|-------------------------|---------------------|------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Foilsitheoir</b> |                         | <b>€</b>            | <b>€</b>               |                                                                                         |
| An Sagart           | CLG13060                | 76,600.00           | 41,000.00              |                                                                                         |
| An tSnáthaid Mhór   | CLG13063                | 124,635.69          | 22,500.00              | Moltar seo a chur ar fáil do chostais táirgeachta amháin.                               |
| Arlen House         | CLG13059                | 78,700.00           | 22,500.00              |                                                                                         |
| Coiscéim            | CLG13061                | 202,320.00          | 112,000.00             | Iarrfar ar Choiscéim teacht ar ais le eolas maidir leis na socruithe eagarthóireachta a |

|                                 |          |                   |                   |                                                                                                                                                            |
|---------------------------------|----------|-------------------|-------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
|                                 |          |                   |                   | bheidh in úsáid aige do gach teidil sa phlean comhaontaithe faoi 11 Aibreáin 2014. Beidh gá do na socruithe seo a bheith chun sástachta Fhoras na Gaeilge. |
| Foilseacháin Ábhair Spioradálta | CLG13051 | 28,975.60         | 23,400.00         | Moladh gan maoiniú a chur ar fáil d'fhorbairt stráitéis gnó.                                                                                               |
| LeabhairCOMHAR                  | CLG13057 | 49,600.00         | 22,500.00         |                                                                                                                                                            |
| Púca Press                      | CLG13056 | 8,440.00          | 6,000.00          |                                                                                                                                                            |
| Oidhreacht Chorca Dhuibhne      | CLG13054 | 4,574.00          | 4,500.00          |                                                                                                                                                            |
| Éabhlóid                        | CLG13053 | 57,965.00         | 9,000.00          | Moladh gan maoiniú a chur ar fáil don saothar Tomhaiseanna ná an aip a bheadh ag dul leis.                                                                 |
| <b>Iomlán</b>                   |          | <b>631,810.29</b> | <b>263,400.00</b> |                                                                                                                                                            |

**Moltar deontais nach mó ná €263,400.00 a cheadú do Ghrúpa B don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2014 ach plean comhaontaithe a bheith curtha ar fáil ag na foilsitheoirí.**

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9.



**Iarratais ar Thionscadail Litríochta**

Phléigh Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge na hiarratais ar Thionscadail Litríochta ag cruinniú den Choiste ar an Déardaoin, 13 Feabhra 2014. Seo a leanas na moltaí a rinneadh:

**Oireachtas na Gaeilge CLG14003**

| <i><b>Gníomh</b></i>                                                                                                                                                                                                                                  | <i><b>Méid Iarrtha</b></i> | <i><b>Méid molta</b></i> |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------|--------------------------|
|                                                                                                                                                                                                                                                       | €                          | €                        |
| Comórtais Liteartha an Oireachtais                                                                                                                                                                                                                    | 19,500                     | 17,000                   |
| Leabhar na Bliana 2014                                                                                                                                                                                                                                | 23,000                     | *                        |
| <b>Iomlán</b>                                                                                                                                                                                                                                         | <b>42,500</b>              | <b>17,000</b>            |
| Moladh an comórtas Úrscéal – ficsean éadrom a athrú go Úrscéal – ficsean ginearálta.<br>*Moladh athbhreithniú a dhéanamh ar Leabhar na Bliana mar sin níl cinneadh déanta i leith an maoiniú iarrtha den chuid seo den tionscadail ag an bpointe seo. |                            |                          |

Moltar suim nach mó ná **€17,000** a chur ar fáil d'Oireachtas na Gaeilge don tréimhse ó 01 Eanáir go 31 Nollaig 2014 i leith Comórtais Liteartha an Oireachtais.

**Gaelchultúr CLG14006**

| <i><b>Gníomh</b></i>                                                                                                                          | <i><b>Méid Iarrtha</b></i> | <i><b>Méid molta</b></i> |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------|--------------------------|
| <i><b>Clubleabhar.com</b></i>                                                                                                                 | €                          | €                        |
| Is í aidhm clubleabhar.com ná daoine atá in Éirinn agus i dtíortha eile ar fud an domhain a spreagadh chun a bheith ag léamh leabhar Gaeilge. |                            |                          |
| Costais an Chlub (costais teicniúla, margaíochta, riarachán, gluaiseanna, físeáin)                                                            | 52,350                     | 30,000                   |
| <b>Iomlán</b>                                                                                                                                 | <b>52,350</b>              | <b>30,000</b>            |

Moltar suim nach mó ná **€30,000** a chur ar fáil do Ghaelchultúr i leith Clubleabhar.com don tréimhse ó 01 Eanáir go 31 Nollaig 2014.

**IMRAM CLG14005**

| <i><b>Gníomh</b></i>                                                  | <i><b>Méid Iarrtha €</b></i> | <i><b>Méid molta €</b></i> |
|-----------------------------------------------------------------------|------------------------------|----------------------------|
| Costais Féile Litríochta IMRAM agus imeachtaí a eagrú ag féilte eile. | 45,000                       | 42,000                     |
| <b>Iomlán</b>                                                         | <b>45,000</b>                | <b>42,000</b>              |

Moltar suim nach mó ná **€42,000** a chur ar fáil d'IMAM ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2014.

**Móinín – An Scríobhlann CLG14002**

| <i><b>Gníomh</b></i>    | <i><b>Méid Iarrtha €</b></i> | <i><b>Méid molta €</b></i> |
|-------------------------|------------------------------|----------------------------|
| Dianchúrsa i scríobh an | 13,850                       | 9,000                      |

|                                |               |              |
|--------------------------------|---------------|--------------|
| Ghearrscéil agus an<br>Úrscéil |               |              |
| <b>Iomlán</b>                  | <b>13,850</b> | <b>9,000</b> |

Moltar suim nach mó ná **€9,000** a chur ar fáil do Mhóinín don Scríobhlann ó 1 Eanáir 2014 go 31 Nollaig 2014.

### **Oidhreacht Chorca Dhuibhne CLG14001**

| <b>Gníomh</b>                                                                       | <b>Méid Iarrtha €</b> | <b>Méid molta €</b> |
|-------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------|---------------------|
| Duaischiste do scéim<br>Blagála agus<br>Léirmheastóireachta do<br>scolaí meánscoile | 1,000                 | 1,000               |
| <b>Iomlán</b>                                                                       | <b>1,000</b>          | <b>1,000</b>        |

Moltar suim nach mó ná **€1,000** a chur ar fáil do dhuaischiste an scéim Blagála agus Léirmheastóireachta ó 1 Eanáir 2014 go 31 Nollaig 2014.

### **Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig – Scathán 2014 CLG14004**

| <b>Gníomh</b>          | <b>Méid Iarrtha €</b> | <b>Méid molta €</b> |
|------------------------|-----------------------|---------------------|
| Ríomhíris Scathán 2014 | 1,500                 | 1,500               |
| <b>Iomlán</b>          | <b>1,500</b>          | <b>1,500</b>        |

Moltar suim nach mó ná **€1,500** a chur ar fáil do ríomhíris Scathán 2014 ó 1 Eanáir 2014 go 31 Nollaig 2014.

**Miontuairiscí ón 123ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 11 Aibreán 2014 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Ráth Chairn.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), T. Ruane, A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, D. Ó hAiniféin, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, C. Ní Shúilleabháin, É. Ó Gribín agus D. Ó Laoghaire.

**Leithscéalta:** B. Ní Chonghóile, T. Mac Eochagáin, C. Cavanagh agus P. Callaghan.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus M. Uí Fhaogháin.

**01.123 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh ceist faoin litir maidir leis an bhuiséad a cuireadh chuig an Aire Stáit.

|                                                                                        |
|----------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Mír 6. |
|----------------------------------------------------------------------------------------|

**02.123 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 28 FEABHRA AGUS DRÉACHTBHUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO DEIREADH 2014**

Pléadh an ráiteas caiteachais agus an dréachtbhuiséad athbhreithnithe. Thug an Príomhfheidhmeannach cur síos ar an dréachtbhuiséad go deireadh 2014. Mhínigh sé go rabhthas ag feidhmiú ar bhuiséad 2013 lúide 7%. Chuir sé in iúl go mbeadh moltaí maidir leis an bhuiséad faoi bhráid an Bhoird ag an chéad chruinniú eile agus ag gach cruinniú mar go raibh gá súil ghéar a choinneáil ar chaiteachas. Thug sé le fios go raibh 7 gceist Dála i seachtain amháin maidir le Foras na Gaeilge. Cuireadh in iúl go raibh ciorrú 13% ar bhuiséad Colmcille agus go mbeadh athdháileadh le déanamh ar an fhoireann mar nach raibh obair bheirte ann níos mó. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe.

**03.123 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

**Coiste na nDeontas**

**D'fhág an Cathaoirleach an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh E. Mac Cormaic sa chathaoir.**

Bhí plé ar Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2014 agus ghlac an Bord leis na moltaí uile (**Aguisín 1**).

**D'fhill an Cathaoirleach ag an phointe seo agus chuaigh sé sa chathaoir arís.**

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le scéim sparánachtaí Cholmcille le haghaidh cúrsaí Gàidhlig do chainteoirí Gaeilge (**Aguisín 2**).

**D'fhág E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Phléigh an Bord cás Iontaobhas Ultach a cuireadh siar ag an chruinniú i mí na Nollag 2013.

|                          |              |            |
|--------------------------|--------------|------------|
| Uimhir thagartha 1301150 | Méid iarrtha | Méid molta |
| Iontaobhas Ultach        | £92,873      | £86,850    |

Ghlac an Bord leis an mholadh ar mhaoiniú d'Iontaobhas Ultach.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar Scéim Cholmcille (**Aguisín 3**).

**D'fhill E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach ag an phointe seo.**

### **An Coiste Iniúchta**

Cuireadh in iúl go raibh fadhb ann cruinniú a eagrú ceal córaim. Cuireadh in iúl gur seoladh dréacht-tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais chuig an Ard-Reachtair agus chuig na Ranna faoin sprioc 31 Márta.

Cuireadh in iúl go bhfuiltear ag súil cuntais 2012 a bheith sínithe ag tús an tsamhraidh.

Cuireadh in iúl go bhfuil an t-iniúchadh suímh ar chuntais 2013 socraithe do mhí an Mheithimh.

### **An Coiste Forbartha**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ag ar pléadh na leasuithe ar Phlean Corparáideach 2014-2016. Ghlac an Bord le Plean Corparáideach 2014-2016 agus aontaíodh go seolfá chuig na ranna é.

**D'fhág E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí agus S. Mac Donncha an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Cuireadh in iúl go rabhthas ag iarraidh an sceideal fostaíochta do na ceanneagraíochtaí a cheadú go luath le go mbeadh siad in ann feidhmiú ar 01 Iúil. Tugadh cead don Chathaoirleach, Chathaoirleach an Choiste Forbartha agus don Phríomhfheidhmeannach an sceideal fostaíochta a cheadú agus tuairisciú ar ais don Bhord i mí na Bealtaine. Ardaíodh ceist faoi chúrsaí iomarcaíochta. Aontaíodh go scríobhfadh an Cathaoirleach chuig na Ranna ag iarraidh orthu amharc arís ar cheist na hiomarcaíochta.

**D'fhill E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí agus S. Mac Donncha ag an phointe seo.**

### **An Coiste Nuachtán agus Irisí**

**D'fhág Á. Ní Chiaráin an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Chuir an Cathaoirleach moladh faoi bhráid an Bhoird an Conradh le nuachtán seachtainiúil ar líne a fhoilsiú le buiséad €1,200,000 thar ceithre bliana a bhronnadh ar Tuairisc.ie. Ghlac an Bord leis an mholadh. Aontaíodh go mbeadh spriocanna le plé go mion agus le haontú leis an eagraíocht.

**D'fhill Á. Ní Chiaráin ag an phointe seo**

Ghlac an Bord leis na moltaí a leanas:

Síneadh trí mhí a chur le Conradh Rua Media leis an iris Nós\* a fhoilsiú.

Scéim dar luach €240,000 (€80,000 sa bhliain thar trí bliana) le hiris stíl mhaireachtála mhíosúil a fhoilsiú ar líne a fhógairt ag deireadh na Bealtaine. Déanfar tuilleadh plé faoi na téarmaí tagartha ag cruinniú na Bealtaine.

Scéim dar luach €360,000 (€120,000 sa bhliain thar trí bliana) le hIris Ilghnéitheach mhíosúil a fhoilsiú a fhógairt san fhómhar. Déanfar tuilleadh plé faoi seo ag cruinniú Iúil.

Aontaíodh gurb é fíis Fhoras na Gaeilge pobal léitheoireachta a mhealladh agus a chothú agus go rabhthas ag tabhairt faoi sin ar bhealach straitéiseach leis an bhuiséad teoranta a bhí ar fáil.

### **Coiste na Gaeilge**

Tugadh uasdátú ar an tionscadal Líofa agus na deacrachtaí a bhí tagtha chun solais. Cuireadh in iúl go mbeadh an feidhmeannas i mbun cainteanna le Conradh na Gaeilge agus le Gael Linn faoin ról a bheidh acusan sa chomhthéacs seo.

### **Comhchoiste Cholmcille**

Cuireadh in iúl go raibh tuairisc iarrtha ag na Ranna ar obair Cholmcille.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh sé féin, an Leas-Chathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach ag ullmhú moltaí maidir le Coistí do chruinniú na Bealtaine. Chuir sé in iúl gurb iad na coistí a bheadh ann ná: An Coiste Iniúchta; An Coiste Osradhairc; Coiste na nDeontas; An Coiste Achomhairc; agus An Coiste Forbartha. Chuir sé in iúl go mbeadh an Coiste Nuachtán agus Irisí ag leanúint go mbeadh na téarmaí tagartha don Iris ilghnéitheach réidh i mí Iúil. Dúirt sé go raibh barraíocht coistí ann faoi láthair agus go raibh súil aige go réiteodh seo an deacracht a bhaineann le córam ag coistí áirithe.

### **04.123 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

### **05.123 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- gur éirigh Liam Kennedy as an Bhord go hoifigiúil ar 25 Márta.
- nach mbeadh Foras na Gaeilge in ann Scéim Phobal Gaeilge a fhógairt in am le tús a chur leis ag tús 2015 mar nach raibh an cháipéisíocht a bhaineann leis an chomhairliúchán glanta ag RCEF.
- go raibh i gceist socruithe úra a chur in áit maidir leis an oifig fháilte, úsáid a bhaint as CCTV agus cloigín, agus obair eile a thabhairt don fháilteoir – ag plé le comhaid, leis an fhoclóir srl.
- go raibh plé tosaíthe le Bord na nOibreacha Poiblí (OPW) faoi oifigí a aimsiú i mBaile Átha Cliath.
- go raibh tús le cur leis an chóras úr forbartha foirne agus feabhsaithe feidhmíochta i mí an Mheithimh.
- go raibh 2 chruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta ann i mí an Mhárta, agus go mbeadh an chéad chruinniú eile ann ar an 15 Aibreán.
- Gur bhronn Donnchadh Mac Fhionnlaoich T.D., Aire Stáit na Gaeltachta na teastais creidiúnaithe ar aistritheoirí nua-chreidiúnaithe ar an 9 Aibreán.
- go raibh cruinniú aige agus ag an LPF le Príomh-Oifigigh ó na ranna:
  - Cuireadh in iúl nach raibh an REOG ag iarraidh go mbunófaí feachtas feasachta a bheadh Foras na Gaeilge a mhaoiniú don oileán ar fad ar Líofa, de bharr gur chur chuige é a bhí bunaithe ar riachtanais an tuaiscirt, cé go mbeadh siad sásta dá ndéanfaí feachtas feasachta ó dheas a bheadh bunaithe ar riachtanais na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge. Pléadh na féidearthachtaí a bhainfeadh le straitéis ardaithe feasachta don oileán ar fad agus cur chuige ar leith bunaithe ar dhalai réigiún ar leith – líofa ó thuaidh agus cur chuige eile ó dheas, agus ról na Ceanneagraíochta ina leithéid d'fheachtas.
- gur pléadh ceist na hiomarcaíochta sna heagrais bhunmhaoinithe.

- go raibh an Dr. Regina Uí Chollatáin ceaptha mar Chathaoirleach ar an Fhóram Forbartha Teanga (FFT)

#### **06.123 TUAIRISC AR AN CATT DEN 03 AIBREÁN 2014**

Tugadh uasdátú ar an chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas a bhí ann ar 3 Aibreán 2014 agus cuireadh in iúl gur:

- Léirigh an tAire ó thuaidh inné maidir leis an chuíchóiriú go háirithe i dtaca le:
  - Straitéis cumarsáide leis na heagraíochtaí ó thuaidh nár éirigh leo sa chomórtas;
  - Ceadú poist do na ceanneagraíochtaí;
  - Cúrsaí comhionannais i dtaca le cúrsaí fostaíochta;
- Faomhadh an moladh síneadh bliana a chur le tionscadal an fhoclóra;
- Faomhadh an Cód Iompair do Chomhaltaí an Bhoird;
- Faomhadh an Cód Iompair don fhoireann;
- Níl aontú idir na ranna maidir le cúrsaí buiséid agus dá thairbhe nótladh Plean Gnó 2013, Plean Gnó 2014 agus Plean Corparaideach 2014-2016;
- Nótladh an dul chun cinn maidir le tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais an Fhorais Teanga;

#### **07.123 COMÓRTHAÍ AGUS FÉINIÚLACHT**

Pléadh an moladh maidir le sraith alt ar chúrsaí féiniúlachta mar chuid de chomóradh 1916. Ghlac an Bord leis an mholadh. Cuireadh in iúl go mbeadh feachtas náisiúnta agus feachtas áitiúil araon i gceist. Cuireadh in iúl go raibh fiosrú á dhéanamh faoi ról na nÉireannach le Gaeilge sa Chéad Chogadh Domhanda.

Moladh comóradh 1916 a cheangal le Seachtain na Gaeilge mar go mbeidh an Cháisc luath i 2016 agus go mbeadh íogaireacht ar leith de dhíth ina thaobh seo ó thuaidh. Moladh go bhfiosrófaí na pleananna atá ag TG4 agus gur chóir iarracht a dhéanamh ceangal a dhéanamh le cibé comóradh a dhéanfar ansin.

#### **08.123 TUAIRISC AR LÉASANNA FHORAS NA GAEILGE**

Pléadh an tuairisc ar léasanna Fhoras na Gaeilge agus aontaíodh an dá oifig i mBaile Átha Cliath a nascadh nuair a bheadh an oifig ar Chearnóg Mhuirfean le bogadh.

#### **09.123 ACHOIMRE AR AN SCÉIM TARMLIGIN**

Pléadh an achoimre ar an Scéim Tarmligin agus cuireadh i gcuimhne gur glacadh leis an scéim ag cruinniú mhí Feabhra.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Mír 6.

#### **10.123 COMHFHREAGRAS**

Pléadh an comhfhreagras a bhí faighte ó Ghael Linn maidir leis na hirisí Gaeilge. Nótáil an Bord an comhfhreagras ó D. Ó Brolchain, CTR. Thug an Príomhfheidhmeannach agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach cur síos cuimsitheach ar an chruinniú a bhí acu le D. Ó Brolcháin agus Cathaoirleach an tUltach.

**D'fhág E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí agus S. Mac Donncha an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Pléadh an comhfhreagras a bhí faighte ó Chomhar na Múinteoirí Gaeilge ar 13 Márta agus aontaíodh ligint don eagraíocht fanacht san oifig i gCearnóg Mhuirfean.

**D'fhill E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí agus S. Mac Donncha ag an phointe seo.**

### **11.123 AON GHNÓ EILE**

Cuireadh in iúl go raibh socruithe i dtaca le rialacha iontrála do scoileanna de ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ag cur bac ar ghaelscoileanna fás. Moladh litir a dhréachtú le seoladh chuig an Roinn.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**23 Bealtaine 2014**

**Tuairisc do Choiste na nDeontas  
Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2014**

**Fógraithe : Samhain 2013  
Spriocdháta : 7 Feabhra, 2014**

**Díríonn an scéim seo ar Chomplachtaí Drámaíochta Gaeilge a bhfuil mar aidhm acu drámaíocht na Gaeilge a chothú, a fhorbairt, agus a chur ar fáil d'earnáil na n-ealaíon, do phobal na Gaeilge, don mhórphobal, agus don earnáil oideachais.**

**Critéir na Scéime:**

- 1. Ábhar na ndrámaí, líon na léirithe agus ionais na léirithe, samhlaíocht agus nualaíocht chlár oibre an chomhlachta.**
- 2. Caighdeán arda ealaíonta bainte amach ó thaobh na scrípteanna/na haisteoireachta/na léirithe.**
- 3. Cur le rannpháirtíocht agus cruthaitheacht sa Ghaeilge trí mheán na n-ealaín.**

**Líon na n-iarratas rathúil: 11 iarratas**

**Líon na n-iarratas le ceadú : 11 iarratas**

**Buiséad: €230,000**

**Méid iomlán molta : €229,779**

- 1. Ababú**
- 2. Aisling Ghéar**
- 3. Axis**
- 4. Aisteoirí an Lóchrainn**
- 5. Branar**
- 6. Downtcha Puppets**
- 7. Fibín**
- 8. Graffiti**
- 9. Guthanna Síoraí**
- 10. Moonfish Theatre Company**
- 11. Mouth on Fire Theatre Company**



## Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2014

| Ainm na Complachta            | Uimhir Thag. | Méid a lorgaíodh 2014 | Deontas molta 2014 |
|-------------------------------|--------------|-----------------------|--------------------|
| Ababú                         | 1401018.01   | £16,565               | £10,000<br>€11,628 |
| Aisling Ghéar                 | 1401018.02   | £55,000               | £47,000<br>€54,651 |
| Axis                          | 1401018.03   | €35,000               | €22,000            |
| Aisteoirí an Lóchrainn        | 1401018.04   | €2,500                | €2,000             |
| Branar                        | 1401018.05   | 48,495                | €30,000            |
| Dowtcha Puppets               | 1401018.06   | €8,900                | €4,500             |
| Fibín                         | 1401018.07   | €41,200               | €32,000            |
| Graffiti                      | 1401018.08   | €28,561               | €26,000            |
| Guthanna Síoraí               | 1401018.09   | €22,000               | €15,000            |
| Moonfish Theatre Company      | 1401018.10   | €30,431               | €17,000            |
| Mouth On Fire Theatre Company | 1401018.11   | €25,000               | €15,000            |

## Aguisín 2

### **Scéim sparánachtaí le haghaidh cúrsaí Gàidhlig do chainteoirí Gaeilge**

**Tús an tionscadail** – Meitheamh 2014    **Críoch an tionscadail** Meán Fómhair 2014

#### **Achoimre ar an tionscadal**

Ó thosaigh Colmcille, nó Iomairt Cholmcille, tá scéim sparánachtaí ann do chainteoirí líofa Gaeilge atá ag foghlaim Gàidhlig. Tá na sparánachtaí seo á gcur ar fáil do chúrsaí ag Sabhal Mòr Ostaig san Eilean Sgitheanach, agus ag Rubha an Fhèich in Eilean Leòdhais. Bíonn liúntas taistil ar fáil do mhic léinn, agus do dhaoine atá dífhostaithe, nó in aois an phinsin. Bíonn na sparánachtaí á mbronnadh de réir na gcritéar sna treoir thíos. Sa bhliain 2013 bhí 48 iarrthóir ag an scéim, agus tairgeadh sparánacht do 37 duine.

Tá na cúrsaí á rith ar na dátaí a leanas:

Sabhal Mòr Ostaig                      24 – 27 Meitheamh 2014 (bunrang)

Sabhal Mòr Ostaig                      21 – 25 Iúil                      2014 (ardrang)

Rubha an Fhèich, Leòdhas    2 – 9 Iúil 2014

| <b>Spriocanna</b>                                | <b>Torthaí</b>                                                                           |
|--------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------|
| 35 cainteoir líofa Gaeilge freastal ar na cúrsaí | Tuilleadh eolais ar an Ghàidhlig i measc cainteoirí Gaeilge agus feasacht faoin Ghaeilge |

#### **Comhpháirtithe**

Sabhal Mòr Ostaig  
Co-chomann na Pàirce, Rubha an Fhèich, Leòdhas

#### **Baineann an scéim sparánachtaí leis an réimsí a leanas de chuid oibre Cholmcille:**

|                                                                                                                              |          |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------|
| Scileanna teanga – Gaeilge na hÉireann in Albain nó Gaeilge na hAlban in Éirinn .                                            | <b>X</b> |
| Cainteoirí Ghaeilge na hÉireann agus Ghaeilge na hAlban a thabhairt le chéile.                                               | <b>X</b> |
| Caidreamh a chothú idir pobail Gaeilge agus Gáidhlig.                                                                        | -        |
| Úsáid agus comhthuiscint a éascú nuair atá Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban á labhairt ag an aon ócáid amháin.     | <b>X</b> |
| Feasacht ar theanga agus chultúr Ghaeilge na hÉireann in Albain agus ar theanga agus ar chultúr Ghaeilge na hAlban in Éirinn | <b>X</b> |
| Naisc a úsáid idir Gaeilge na hAlban agus na hÉireann le ceann amháin de na teangacha nó leis an dá theanga a neartú.        | -        |

| <b>Spriocanna</b>                         | <b>Torthaí</b>                           |
|-------------------------------------------|------------------------------------------|
| 35 cainteoir líofa Gaeilge freastal ar na | Tuilleadh eolais ar an Ghàidhlig i measc |

|         |                                                 |
|---------|-------------------------------------------------|
| cúrsaí. | cainteoirí Gaeilge agus feasacht faoin Ghaeilge |
|---------|-------------------------------------------------|

### Comhpháirtithe

Sabhal Mòr Ostaig  
Co-chomann na Pàirce, Rubha an Fhèich, Leòdhas

Treoirilínte: Tá líon teoranta sparánachtaí á gcur ar fáil do dhaoine a bhfuil toil agus deis acu cur leis an chumarsáid le cainteoirí Gaeilge na hAlban/Gaeilge na hÉireann. Caithfidh gach iarrthóir Gaeilge a bheith ar a dtoil acu, agus freastal a dhéanamh ar an chúrsa uilig.

1. Beidh tús áite ag:
  - mic léinn lánaimseartha 3ú leibhéal,
  - daoine ar féidir leo a léiriú go bhfuil ceangal acu le hobair na Gaeilge, agus go bhfuil deis agus toil acu nascanna a thógáil le pobal Ghaeilge na hAlban
  - daoine atá ag cur isteach den chéad uair, nó nach bhfuil níos mó ná dhá chúrsa déanta acu.
2. Is é £350 luach na sparánachta, (nó £270 i gcás mic léinn ag Sabhal Mòr Ostaig) agus íocfar í leis an institiúid oideachais.
3. is féidir le mic léinn lánaimseartha, agus le daoine atá dífhostaithe nó ar an phinsean, liúntas taistil suas go £200 a éileamh sa bhreis air sin ach na hadmhálacha ar chaiteachas a chur chuig oifigigh Cholmcille.
4. Is iad na cúrsaí a bheas incháilithe,
5. na cúrsaí thíos a eagraíonn Sabhal Mòr Ostaig, agus Co-chomann Rubha an Fhèich do chainteoirí Gaeilge, agus
6. an cúrsa Inntrigidh (cúrsa fad bliana) ag SMO d'iarrthóirí a roghnaíonn é, de rogha ar an chúrsa ghairid (ní bheidh aon ardú ar an sparánacht lena linn seo).

### Moladh

1. go n-eagrófar scéim sparánachtaí do chainteoirí Gaeilge le freastal chúrsaí Gàidhlig i samhradh 2014;
2. go mbeidh buiséad de £15,000 ag an tionscadal
3. go n-íocfar an chuid den sparánacht a bhaineann leis an chúrsa (seachas taistil) leis an institiúid oideachais.
4. gurb iad na cúrsaí a bheas incháilithe, na cúrsaí thíos a eagraíonn Sabhal Mòr Ostaig, agus Co-chomann Rubha an Fhèich do chainteoirí Gaeilge
5. gur féidir le mic léinn le Gaeilge ar an chúrsa Inntrigidh ag SMO an sparánacht chéanna agus ar an luach chéanna a úsáid le haghaidh an cúrsa inntrigidh ag Sabhal Mòr Ostaig (cúrsa bliana), de rogha ar an chúrsa ghairid.

### Aguisín

Tá costais na gcúrsaí teanga i 2014 mar a leanas:

**Sabhal Mór Ostaig: gnáthráta**

|                        |         |
|------------------------|---------|
| Cúrsa 5 lá: gnáthráta: | £200    |
| lóistín cúig oíche     | £160.00 |
| Cúrsa móide lóistín    | £360.00 |

**Sabhal Mór Ostaig – mic léinn lánaimseartha**

|                      |         |
|----------------------|---------|
| Cúrsa 5 lá mic léinn | £140.00 |
| Lóistín 5 oíche      | £130.00 |
| Cúrsa móide lóistín  | £270.00 |

**Cúrsa Rubha an Fhèich**

Cúrsa, lóistín san áireamh

Le teaghlaigh a labhraíonn Gàidhlig    £ 449

Cúrsa & lóistín i mbrú óige                £ 339

|                                                                                        |
|----------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4. |
|----------------------------------------------------------------------------------------|

## **Scéim Cholmcille – Feabhra 2014**

### **Éire – Ó Thuaidh**

| <b>Uimhir Thag.</b> | <b>Ainm na hEagraíochta</b> | <b>Ainm an Tionscadail</b>                | <b>Maoiniú á mholadh</b> |
|---------------------|-----------------------------|-------------------------------------------|--------------------------|
| <b>CC14001</b>      | East Belfast Mission        | Turas le Chéile                           | £3,950.00                |
| <b>CC14002</b>      | Ollscoil Uladh              | Cuairt an Fhómhair                        | £8,750.00*               |
| <b>CC14003</b>      | Armagh Pipers Club          | Lá na Meánscoileanna                      | £3,000.00*               |
| <b>CC14004</b>      | Glór na Móna                | Comhthionscadal Ceiliúrtha                | £4,500.00                |
| <b>CC14005</b>      | Cairde Teo                  | Càirdeas thar Chríochan                   | Cinneadh curtha siar     |
| <b>CC14006</b>      | Glór na Speiríní            | Nascanna idir pobail Ghaeilge & Ghàidhlig | £3,000.00                |
|                     |                             |                                           |                          |
| <b>CC14008</b>      | An Gaeláras                 | Claisceadal Shruth na Maoile              | £600.00                  |
|                     |                             |                                           | <b>£23,800.00</b>        |

### **Éire – Ó Dheas**

| <b>Uimhir Thag.</b> | <b>Ainm na hEagraíochta</b>   | <b>Ainm an Tionscadail</b>                                                                | <b>Maoiniú á mholadh</b>                                                                              |
|---------------------|-------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>CC14016</b>      | Oideas Gael                   | Colmcille sa Ghleann – ag ceiliúradh Oidhreacht Cholm Cille                               | €3,500.00                                                                                             |
| <b>CC14017</b>      | Scoil Cheoil an Earraigh      | Scoil Cheoil an Earraigh                                                                  | €2,500.00                                                                                             |
|                     |                               |                                                                                           |                                                                                                       |
| <b>CC14018</b>      | Scoil Samhraidh Willie Clancy | Éirinn is Alba: Promoting the Scottish Gaelic connection at Scoil Samhraidh Willie Clancy | €6,000.00*                                                                                            |
| <b>CC14015</b>      | Ionad Ealaíne Áras Éanna      | Cultúr Árann & Albain                                                                     | €3,000.00*<br>Coinníol go ndéanfaí iarracht nascanna a chothú idir na pobail in Éirinn agus in Albain |
| <b>CC14010</b>      | Draoinscáth                   | Físeán; 'Droichead na nGael'                                                              | Cinneadh curtha siar                                                                                  |

|                |                                           |                                                                                                                    |                |
|----------------|-------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------|
| <b>CC14014</b> | Coiste Fhéile Chomórtha Joe Éinniú        | Féile Chomórtha Joe Éinniú                                                                                         | €2,000.00      |
| <b>CC14013</b> | Féile Bheag Filíochta                     | An Fhéile Bheag Filíochta 2014                                                                                     | €1,920.00      |
| <b>CC14011</b> | Glór na nGael                             | Duais Cholmcille 2014                                                                                              | €2,960.00      |
| <b>CC14009</b> | Cumann Merriman                           | Scoil Gheimhridh Mherriman 2014                                                                                    | €3,000.00*     |
| <b>CC14021</b> | Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge            | Turas na bhFilí 2014 (Éire Amháin) & Comórtas Filíochta an Choirnéil Eoghain Uí Néill 2014                         | €9,600.00      |
| <b>CC14020</b> | Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Ard an Rátha | Féile Ceoil Sheáin Uí Dhochartaigh 2014                                                                            | €2,000.00      |
| <b>CC14019</b> | Bord na Gaeilge, UCD                      | Malartán idir Teach na Gaeilge, Bord na Gaeilge, An Coláiste Ollscoile, BAC & Taigh na Gàidhlig, Oilthigh Ghlaschù | €1,840.00      |
|                |                                           |                                                                                                                    | <b>€38,320</b> |

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 & 9.

## **Miontuairiscí ón 124ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 23 Bealtaine 2014 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, D. Ó hAiniféin, B. Ní Chonghóile, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, T. Mac Eochagáin, É. Ó Gribín agus D. Ó Laoghaire.

**Leithscéalta:** E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), T. Ruane, C. Ní Shúilleabháin, C. Cavanagh agus P. Callaghan.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

### **01.124 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl nach raibh glactha ag Iontaobhas Ultach leis an tairiscint mhaoinithe go fóill agus go raibh siad ag ceistiú cinneadh an Bhoird maidir leis na ciorruithe ar an mhaoiniú a bhí Foras na Gaeilge sásta a chur ar fáil do chúrsaí pá. Rinneadh tagairt d'athdháileadh foirne Cholmcille mar nach raibh buiséad mór go leor ann le beirt a choinneáil ag obair go lánaimseartha. Cuireadh in iúl nach raibh comharba L. Kennedy ainmnithe go fóill. Cuireadh in iúl go raibh comhfhreagras faighte ó iarratasóir nár éirigh leis an chonradh don nuachtán seachtainiúil Gaeilge ar líne a fháil ag léiriú míshásaimh faoin phróiseas roghnúcháin srl.

### **02.124 RÁITEAS CAITEACHAIS DO 2014**

Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe. Pléadh an ráiteas caiteachais agus an dréachtbhuiséad athbhreithnithe. Cuireadh in iúl go bhfuarthas scéala ó bhéal ón REOG go mbeadh fuilleach 2013, €324,018, le coinneáil againn, go mbeadh airgead le dáileadh dá réir agus go mbeadh moladh ina leith ag an chéad chruinniú Boird eile. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe.

Cuireadh ceist an mbeadh an Scéim Miondeontas ag teacht faoi bhráid an Bhoird gan mhoill agus thuairiscigh an SSF go mbeadh an t-ábhar faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú mhí an Mheithimh.

D'fhág an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú.

### **03.124 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

#### **Coiste na nDeontas**

#### **D'fhág M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Bhí plé ar Scéim na gCampaí Samhraidh 2014 agus ghlac an Bord leis na moltaí uile (**Aguisín 1**). Cuireadh in iúl go raibh spré tíreolaíoch na gcampaí fós i bhfabhar an Tuaiscirt ainneoin na n-iarrachtaí ar fad a rinneadh é a chothromú. Moladh gurbh fhiú plé le Gaelscoileanna Teo i leith na ceiste seo chun na scoilphobail a spreagadh le cur isteach ar Scéim na gCampaí.

#### **D'fhill M. Mac Ruairí ag an phointe seo.**

Thug an Bord suntas don nóta eolais faoi Altram (**Aguisín 2**).

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €4,000 a chur ar fáil do Chló Iar-Chonnacht i dtreo an tionscadail LÉIM, go n-íocfaí suas go €2,500 in 2014 agus fuilleach an deontais in 2015.

| Ainm Eagraíochta  | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|-------------------|------------------|--------------|------------|
| Cló Iar-Chonnacht | CLG14008         | €4,280       | €4,000     |

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €5,000 a chur ar fáil do Futa Fata i leith an tionscadail Spraoi sa Leabharlann, go n-íocfaí suas go €2,500 in 2014 agus fuilleach an deontais in 2015.

| Ainm Eagraíochta | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|------------------|------------------|--------------|------------|
| Futa Fata        | CLG14014         | €5,090       | €5,000     |

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €15,000 a chur ar fáil d'Oireachtas na Gaeilge chun tacú le Leabhar na Bliana agus maoiniú a chur i dtreo duaischiste agus táillí moltóireachta.

| Ainm Eagraíochta      | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|-----------------------|------------------|--------------|------------|
| Oireachtas na Gaeilge | CLG14003         | €27,500      | €15,000    |

Scaipeadh cáipéis ‘Scéim le tacaíocht mhargaíochta a sholáthar d’Earnáil na Foilsitheoireachta Gaeilge’ agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl gur scéim trí bliana a bhí i gceist agus buiséad €210,000 ar fáil ina leith. Aontaíodh go leasófaí an tríú phointe sna critéir go ‘taithí agus saineolas ar reáchtáil feachtas mhargaíochta, imeachtaí agus ócáidí i siopaí leabhar, i leabharlanna agus ar líne’. Ghlac an Bord leis an scéim.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Cathaoirleach agus baill Choiste na nDeontas.

### **An Coiste Forbartha**

#### **D’fhág M. Mac Ruairí agus S. Mac Donncha an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an oíche roimhe agus go raibh moladh ann maidir leis an bhealach chun cinn do na ceanneagraíochtaí. Scaipeadh cóip den mholadh ar an Bhord agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas:

- go gceadóidh Foras na Gaeilge buiséad maoinithe do na ceanneagraíochtaí, bunaithe ar an méid a cuireadh ar fáil dóibh don tréimhse Iúil go Nollaig 2013, móide buiséad le híoslíon foirne a earcú a bheadh de dhíth le riachtanais a mór-réimse a thabhairt chun cinn don chuid eile de 2014.
- go gceadóidh Foras na Gaeilge an t-íoslíon foirne a mbeidh siad sásta maoiniú a chur ar fáil ina leith, a bheadh de dhíth le riachtanais a mór-réimse a thabhairt chun cinn don chuid eile de 2014.
- go dtabharfadh an Bord cead don Chathaoirleach, do Chathaoirleach an Choiste Forbartha agus don PF, an buiséad tascach (bunaithe ar dheontas 2013 móide deontas breise le haghaidh íoslíon foirne le linn 2014), agus an líon íosta foirne do gach ceann de na Ceanneagraíochtaí a cheadú.

Aontaíodh go dtiocfadh tuairisc ar mhaoiniú chuig an Bhord ag cruinniú mhí an Mheithimh agus go dtiocfadh moltaí ar mhaoiniú don bhliain 2015-2018 chuig Coiste na nDeontas don chruinniú Boird ar an 12 Nollaig 2014 nó níos luaithe más féidir.

#### **D’fhill M. Mac Ruairí agus S. Mac Donncha ag an phointe seo.**



### **An Coiste Nuachtán agus Irisí**

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh an Scéim Iris Stíl Mhaireachtála le fógairt anois. Chuir sé in iúl go mbeadh moladh ag teacht chuig an Bhord faoi iris chlóite go luath. Cuireadh in iúl go raibh litir faighte ó dhlíodóir maidir le An tUltach agus gur cuireadh an litir sin ar aghaidh chuig dlíodóir Fhoras na Gaeilge dá réir.

### **Comhchoiste Cholmcille**

Cuireadh in iúl go raibh an tuairisc a d'iarr na ranna ar obair Cholmcille aontaithe le Bòrd na Gàidhlig agus curtha sna Dropboxes. Iarradh moltaí an Bhoird faoi am lóin Dé Luain 26 Bealtaine mar go raibh an tuairisc le cur chuig na ranna in Éirinn agus in Albain.

### **Coiste Osradhairc**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an lá roimhe ag ar pléadh an cuíchóiriú agus ballraíocht na gcoistí Boird. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh an Gradam Barrmhaitheasa buaite ag Foras na Gaeilge agus ghabh sé buíochas leis an fhoireann agus leis an Bhord féin as an obair ar fad a rinneadh chun an ghradam sin a bhaint amach.

|                                                                                        |
|----------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Mír 6. |
|----------------------------------------------------------------------------------------|

### **04.124 COISTÍ BOIRD**

Scaipeadh cáipéis maidir le ballraíocht na gcoistí do 2014 agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go ndearnadh cinneadh deireadh a chur le Coiste na Gaeilge, Coiste an Fhoclóra agus le Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge agus ghlac an Bord leis an chinneadh sin. Cuireadh in iúl go mbeadh deireadh ag teacht leis an Choiste Nuachtán agus Irisí faoi dheireadh 2014. Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le ballraíocht na gcoistí do 2014 (**Aguisín 3**). Scaipeadh cóip de na téarmaí tagartha do na Coistí agus bhí plé ina leith. Aontaíodh go mbeadh na téarmaí tagartha mar mhír ag an chéad chruinniú de gach coiste agus go dtiocfadh moltaí maidir leis na téarmaí tagartha chuig an Bhord ansin.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach duine ar na coistí éagsúla as an obair ar fad a rinneadh go dáta. Chuir sé in iúl go raibh fochoiste de chuid an Choiste Osradhairc ag plé le hathbhreithniú ar an Bhord agus moltaí chun feabhais agus go mbeadh tuairisc ina leith ag an chéad chruinniú Boird eile.

### **05.124 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

### **06.124 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Scaip an Príomhfheidhmeannach cóip uasdátaithe dá thuairisc agus chuir sé in iúl:

- Gur tháinig scéal ar 19 Bealtaine go raibh an cháipéisíocht maidir leis an chomhairliúchán ar an SPG glanta anois ag RCEF ach nach mbeadh muid in ann an scéim a fhógairt in am le tús a chur leis ag tús 2015.
- Go raibh an REOG ag iarraidh orainn Scéim Líonraí Gaeilge a fhógairt ó dheas san fhómhar. Beidh seasamh dlíthiúil ag líonraí ó dheas.
- Go rabhthas chun fianaise a thabhairt don Fhochoiste um an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus Rudaí Gaolmhara ar an Mháirt 27 Bealtaine.

- Go raibh scéal tagtha go bhfuil an tAire ó thuaidh sásta bualadh leis an Chathaoirleach ag eascairt as an litir a chuir sé faoi íocaíochtaí iomarcaíochta leis na heagrais.
- Go raibh réamhthuirisc ó bhéal faighte ar an chigireacht a rinneadh ar scéim na gCampaí Samhraidh ag an Education & Training Inspectorate agus go raibh sé dearfach agus moltach gan aon mhórimní
- Go raibh óstáil focal.ie le haistriú ó DCU go Tibus agus mar gheall air sin beidh éradh seirbhíse ann fad a bheidh an t-aistriú ar siúl. Ní bheidh rochtain ar [focal.ie](http://focal.ie) ó 17:00 Dé Luain, 26 Bealtaine, go dtí 09:00 Dé Céadaoin, 28 Bealtaine
- Go raibh cead an veain atá ag Foras na Gaeilge a dhíol.
- Go raibh an próiseas comhairliúcháin maidir leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta fógartha.
- Go raibh seisiún oiliúna le heagrú i mí Iúil nó mí Mhéan an Fhómhair.

D'aontaigh an Bord gurbh fhearr an seisiún oiliúna a réachtáil i mí Mheán an Fhómhair.

#### **07.124 COMHFHREAGRAS**

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh litir faighte aige ó na hAirí ag iarraidh air tuairisc chuimsitheach a chur ar fáil dóibh maidir le dul chun cinn an Bhoird agus éifeachtúlacht an dá ghníomhaireachta faoin 12 Meitheamh 2014. Aontaíodh go lorgófaí síneadh ama áfach mar gheall ar an bhrú ón phróiseas cuíchóirithe srl. Thug an Bord cead don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach an tuairisc sin a chur ar fáil do na hAirí.

Pléadh ríomhphost a fuarthas ó Raymond Kieran thar ceann choiste An tUltach

#### **08.124 AON GHNÓ EILE**

Chuir an Cathaoirleach i gcuimhne do na comhaltaí go raibh sé tábhachtach freastal ar gach cruinniú Boird agus go mbeadh leithscéal le cur ar fáil ag comhalta ar bith a chaillfeadh trí chruinniú as a chéile.

Tógadh ceist faoin dáta a mbeadh Scéim na bhFéilte ag teacht faoi bhráid an Bhoird agus thuiriscigh an SSF go mbeadh moladh faoi bhráid an Bhoird i mí an Mheithimh.

Chuir D. Ó hAiniféin in iúl go raibh litir le scríobh aige chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le bac ar fhás na ngaelscoileanna. Chuir sé in iúl go raibh cruinniú le lorg le Gaelscoileanna Teo agus aontaíodh go mbeadh S. Mac Donncha i láthair ag an chruinniú céanna.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**27 Meitheamh 2014**

### Aguisín 1

| Uimh. Thag. | Ainm an Eagrais                           | Ainm an Tionscadail                                              | Contae            | Marc faighte sa mheasú nú % | Méid Molta € | Méid Molta £stg |
|-------------|-------------------------------------------|------------------------------------------------------------------|-------------------|-----------------------------|--------------|-----------------|
| 1401026.01  | An Droichead                              | Campa Samhraidh do Dheisceart agus Oirthear Bhéal Feirste 2014 A | Aontroim          | 91%                         |              | £1,750          |
| 1401026.02  | An Droichead                              | Campa Samhraidh do Dheisceart agus Oirthear Bhéal Feirste 2014 B | Aontroim          | 91%                         |              | £1,750          |
| 1401026.03  | Balbriggan Youth Service (Foróige)        | Gaeltacht sa Bhrigín (1)                                         | Baile Átha Cliath | 85%                         | €2,500       |                 |
| 1401026.04  | Balbriggan Youth Service (Foróige)        | Gaeltacht sa Bhrigín (2)                                         | Baile Átha Cliath | 85%                         | €2,500       |                 |
| 1401026.05  | Ballyholland PS                           | Campa Cholmáin 2014                                              | An Dún            | 77%                         |              | £1,750          |
| 1401026.06  | Ballymana Irish Camp                      | Campa Gaeilge, Campa Spraoi                                      | Gaillimh          | 91%                         | €2,240       |                 |
| 1401026.07  | Bunscoil an Traoinigh                     | Campa Samhraidh Bunscoil an Traonaigh                            | Fear Manach       | 87%                         |              | £1,750          |
| 1401026.08  | Cairde Teo                                | Campa Mhacha                                                     | Ard Mhacha        | 94%                         |              | £1,750          |
| 1401026.09  | Cairde Uí Néill                           | 2014 Campa Samhraidh Sóisir                                      | Tír Eoghain       | 91%                         |              | £1,750          |
| 1401026.10  | Cairde Uí Néill                           | 2014 Campa Samhraidh Sinsir                                      | Tír Eoghain       | 91%                         |              | £1,750          |
| 1401026.11  | Cairdeas, Kilmovee Family Resource Centre | Kilmovee Summer Camp as Gaeilge                                  | Maigh Eo          | 85%                         | €1,730       |                 |
| 1401026.12  | Campa Chormaic An Droim Mór               | Campa Chormaic An Droim Mór                                      | Tír Eoghain       | 88%                         |              | £1,750          |
| 1401026.13  | Campa Chormaic An Dúin                    | Campa Chormaic an tIúir agus Múrna                               | An Dún            | 93%                         |              | £1,750          |
| 1401026.14  | Campa Chormaic An Dúin                    | Campa Chormaic an Dúin                                           | An Dún            | 95%                         |              | £1,750          |
| 1401026.15  | Campa Chormaic Co. Aontroma               | Campa Chormaic Seachtain 1                                       | Aontroim          | 97%                         |              | £1,750          |

|            |                                          |                                        |                |     |        |        |
|------------|------------------------------------------|----------------------------------------|----------------|-----|--------|--------|
| 1401026.16 | Campa Chormaic Co. Aontroma              | Campa Chormaic Seachtain 2             | Aontroim       | 97% |        | £1,750 |
| 1401026.17 | Campa Chormaic Dhoire                    | Campa Chormaic Dhoire                  | Doire          | 95% |        | £1,750 |
| 1401026.18 | Campa Chormaic Thír Eoghain (1)          | Campa Chormaic Thír Eoghain            | Tír Eoghain    | 95% |        | £1,750 |
| 1401026.19 | Campa Chormaic Thír Eoghain (2)          | Campa Chormaic Thír Eoghain            | Tír Eoghain    | 95% |        | £1,750 |
| 1401026.20 | Clanna Gaeilge an Eachréidh              | Campa Damhsa & Amhránaíochta (1)       | Gaillimh       | 62% | €1,300 |        |
| 1401026.21 | Clanna Gaeilge an Eachréidh              | Campa Damhsa & Amhránaíochta (2)       | Gaillimh       | 62% | €1,300 |        |
| 1401026.22 | CLG Bhéal Leice                          | Campa Samhraidh Béal Leice             | An Dún         | 71% |        | £1,750 |
| 1401026.23 | Club Óige Luraigh                        | Spraoi Charn Tóchair                   | Doire          | 89% |        | £1,750 |
| 1401026.24 | Club Óige Mhachaire Bóthain              | Scéim Samhraidh Mhachaire Botháin 2014 | Aontroim       | 94% |        | £1,750 |
| 1401026.25 | Club Óige na Carraige Móire              | Campa an Tearmann                      | Tír Eoghain    | 84% |        | £1,750 |
| 1401026.26 | Club Spraoi                              | Campa Samhraidh Chlub Spraoi           | Ard Mhacha     | 89% |        | £1,750 |
| 1401026.27 | Coiste Forbartha Charn Tóchair           | Coláiste Charn Tóchair                 | Doire          | 98% |        | £1,750 |
| 1401026.28 | Coláiste Bhlinne                         | Coláiste Bhlinne                       | Ard Mhacha     | 77% |        | £1,750 |
| 1401026.29 | Coláiste Phádraig                        | Bí Réidh (1)                           | Tiobraid Árann | 77% | €2,478 |        |
| 1401026.30 | Coláiste Phádraig                        | Bí Réidh (2)                           | Tiobraid Árann | 77% | €2,240 |        |
| 1401026.31 | Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh     | Campa Samhraidh 7-12 An Fhail Mhór     | Ciarraí        | 86% | €802   |        |
| 1401026.32 | Conradh na Gaeilge                       | Bealach an Doirín                      | Ros Comáin     | 84% | €2,500 |        |
| 1401026.33 | Conradh na Gaeilge                       | Caisleán an Bharraigh                  | Maigh Eo       | 79% | €2,330 |        |
| 1401026.34 | Conradh na Gaeilge - Craobh na hAchréidh | Campa Samhradh Corra Finne             | Gaillimh       | 83% | €2,500 |        |
| 1401026.35 | Conradh na Gaeilge - Craobh na hAchréidh | Campa Samhradh Leacaigh                | Gaillimh       | 79% | €2,405 |        |
| 1401026.36 | Conradh Na Gaeilge - Craobh              | Clár Clainne Mhuiris                   | Maigh Eo       | 79% | €2,330 |        |

|            |                                          |                                                  |                   |     |        |        |
|------------|------------------------------------------|--------------------------------------------------|-------------------|-----|--------|--------|
|            | Uileog De Búrca                          |                                                  |                   |     |        |        |
| 1401026.37 | Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar       | Scoil Samhraidh Bhoirche Íochtair                | An Dún            | 81% |        | £1,750 |
| 1401026.38 | Croí Éanna                               | Campa Samhraidh Croí Éanna                       | Aontroim          | 91% |        | £1,750 |
| 1401026.39 | Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain          | Campa Samhraidh Mhic Reachtain                   | Aontroim          | 89% |        | £1,750 |
| 1401026.40 | Cumann Gaelach Leath Chathail            | Scéim Shamhraidh                                 | An Dún            | 89% |        | £1,750 |
| 1401026.41 | Gaeilcholáiste Phort Láirge              | Glór na Déise                                    | Port Láirge       | 81% | €2,020 |        |
| 1401026.42 | Gaeilge Locha Riach                      | Campa Locha Riach                                | Gaillimh          | 86% | €1,645 |        |
| 1401026.43 | Gael Chlub Chaitlín Maude                | Gaelchampa Caitlín Maude                         | Baile Átha Cliath | 81% | €2,500 |        |
| 1401026.44 | Gaelphobal an Lorgan                     | Campa Samhraidh 2014                             | Ard Mhacha        | 97% |        | £1,750 |
| 1401026.45 | Gaelscoil an Chaistil                    | Scéim Shamhraidh an Chaistil                     | Aontroim          | 82% |        | £1,750 |
| 1401026.46 | Gaelscoil an Chaistil                    | Scéim Shamhraidh an Chaistil                     | Aontroim          | 79% |        | £1,750 |
| 1401026.47 | Gaelscoil Bhríde                         | Taitneamh is Taithí                              | Tiobraid Árann    | 84% | €2,234 |        |
| 1401026.48 | Glór na Móna                             | Scéim Samhraidh Cumann Óige Uachtar Chluanaí (1) | Aontroim          | 96% |        | £1,750 |
| 1401026.49 | Glór na Móna                             | Scéim Samhraidh Cumann Óige Uachtar Chluanaí (2) | Aontroim          | 92% |        | £1,750 |
| 1401026.50 | Glór Uachtar Tíre                        | Scéim Spraoi Uachtar Tíre                        | An Dún            | 88% |        | £1,750 |
| 1401026.51 | Greencastle Youth Club                   | Coláiste Mhuintir Luinigh 4 - Bunscoil           | Tír Eoghain       | 84% |        | £1,750 |
| 1401026.52 | Greencastle Youth Club                   | Coláiste Mhuintir Luinigh 4 - Meánscoil          | Tír Eoghain       | 81% |        | £1,750 |
| 1401026.53 | Ionad Uíbh Eachach                       | Ionad Uíbh Eachach Scéim Samhraidh               | Aontroim          | 91% |        | £1,750 |
| 1401026.54 | Ionad Uíbh Eachach                       | Ionad Uíbh Eachach Scéim Samhraidh               | Aontroim          | 91% |        | £1,750 |
| 1401026.55 | Kingswood Community & Leisure Centre LTD | Spraoi Choill na Rí                              | Baile Átha Cliath | 62% | €1,500 |        |
| 1401026.56 | Knocks Grattans Hurling Club             | Campa Samhraidh - Knocks Grattans                | Fear              | 70% |        | £1,600 |

|            |                              |                                     |                   |     |        |        |
|------------|------------------------------|-------------------------------------|-------------------|-----|--------|--------|
|            |                              |                                     | Manach            |     |        |        |
| 1401026.57 | Lecanvey Community Centre    | Campaí Samhraidh Cois an Leác       | Maigh Eo          | 77% | €2,350 |        |
| 1401026.58 | Lilliput Adventure Centre    | Campa Samhraidh Lilliput            | An Iarmhí         | 84% | €2,500 |        |
| 1401026.59 | M.C.Y.P. Baile na nGallógach | Campa Samhraidh Baile na nGallógach | Dún na nGall      | 79% | €2,450 |        |
| 1401026.60 | Mayobridge Community Centre  | Mayobridge Irish Summer Camp        | An Dún            | 89% |        | £1,750 |
| 1401026.61 | Ógras                        | Campa An Phort Thoir                | Baile Átha Cliath | 86% | €1,600 |        |
| 1401026.62 | Ógras                        | Campa Inis Chórthaigh               | Baile Átha Cliath | 86% | €1,400 |        |
| 1401026.63 | Ógras                        | Campa An Chaisleán Gearr            | Baile Átha Cliath | 86% | €1,431 |        |
| 1401026.64 | Ógras                        | Campa An Charraig Dhubh             | Baile Átha Cliath | 86% | €1,398 |        |
| 1401026.65 | Ógras                        | Campa Biorra                        | Baile Átha Cliath | 86% | €1,899 |        |
| 1401026.66 | Ógras                        | Campa Nás na Ríogh                  | Baile Átha Cliath | 86% | €1,339 |        |
| 1401026.67 | Ógras                        | Campa Bheannchar                    | Baile Átha Cliath | 86% | €1,847 |        |
| 1401026.68 | Ógras                        | Campa Longfort                      | Baile Átha Cliath | 86% | €1,855 |        |
| 1401026.69 | Ógras                        | Campa Rath Maoinis                  | Baile Átha Cliath | 86% | €1,806 |        |
| 1401026.70 | Ogras                        | Gaelscoil Mhic Amhlaigh             | Baile Átha Cliath | 86% | €1,221 |        |
| 1401026.71 | Ogras                        | Inse Chór                           | Baile Átha Cliath |     | €1,548 |        |
| 1401026.72 | Ógras na Mumhan              | Campa Thrá Lí                       | Ciarraí           | 72% | €1,590 |        |

|            |                                 |                         |            |                   |         |                    |
|------------|---------------------------------|-------------------------|------------|-------------------|---------|--------------------|
| 1401026.73 | Ógras na Mumhan                 | Campa Baile Uí Thaidhg  | Ciarraí    | 72%               | €1,550  |                    |
| 1401026.74 | Ógras na Mumhan                 | Campa Baile an Mhuilinn | Ciarraí    | 72%               | €1,650  |                    |
| 1401026.75 | Ógras na Mumhan                 | Campa Ghníomh go leith  | Ciarraí    | 67%               | €1,550  |                    |
| 1401026.76 | Ógras na Mumhan                 | Campa Oileán Chiarraí   | Ciarraí    | 72%               | €1,540  |                    |
| 1401026.77 | Scoil Padre Pio, Páirc na Cille | Campa Samhraidh         | Corcaigh   | 81%               | €2,500  |                    |
| 1401026.78 | Gaeilge Locha Riach             | Campa Locha Riach (2)   | Gaillimh   | 86%               | €1,225  |                    |
| 1401026.79 | Conradh na Gaeilge              | Bealach an Doirín (2)   | Ros Comáin | 84%               | €2,500  |                    |
|            |                                 |                         |            |                   |         |                    |
|            |                                 |                         |            | Iomlán            | €77,803 | £66,350            |
|            |                                 |                         |            |                   |         |                    |
|            |                                 |                         |            | Stg go Euro       |         | €77,151.16         |
|            |                                 |                         |            |                   |         |                    |
|            |                                 |                         |            | <b>Mórlom lán</b> |         | <b>€154,954.16</b> |

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 agus 9.

## Aguisín 2

**Eagraíocht:** Altram  
**Uimh. Thag:** 1301155

### Nóta Eolais

Ag cruinniú dár dáta 13 Nollaig 2013, cheadaigh bord Foras na Gaeilge deontas nach mó ná **£80,145** don tréimhse 01 Eanáir 2014 go 30 Meitheamh d'Altram.

Is mian le hAltram an leasú seo a leanas a lorg ar an deontas:

|                                                                                                                      | <b>Ceadaithe<br/>£<br/>(01 Ean 2014 go<br/>30 Meith 2014)</b> | <b>Leasú Iarrtha<br/>07/02/14</b> |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------|-----------------------------------|
| <b>Tuarastail</b>                                                                                                    |                                                               |                                   |
| Bainisteoir Réigiúnach Páirtaimseartha (Béal Feirste/Doire)<br>(Scála 119 NICS 2009, Pointe 1 ó 01.01.11 – 31.12.11) |                                                               |                                   |
| Bainisteoir Réigiúnach Páirtaimseartha (Béal Feirste/Doire)<br>(Scála 119 NICS 2009, Pointe 1 ó 01.06.11 – 31.12.11) |                                                               |                                   |
| Comhairleoir Luathbhlianta 1 (Doire)<br>(NJC SO1, 2009, Pointe 30, ó 01.01.11 – 31.12.11)                            |                                                               |                                   |
| Comhairleoir Luathbhlianta 2 (BF)<br>(Scála 193 NICS 2009, Pointe 1 ó 01.01.11 – 31.12.11)                           |                                                               |                                   |
| Comhairleoir Maoinithe/Bainisíochta (D)<br>(NJC SO1, 2009, Pointe 31 ó 01.01.11 – 31.12.11)                          |                                                               |                                   |
| Oifigeach Eolais agus Áiseanna (BF)<br>(Scála 193 NICS 2009, Pointe 1 ó 01.01.11 – 31.12.11)                         |                                                               |                                   |
| Riarthóir Páirtaimseartha (30 uair sa tseachtain) (BF)<br>(Scála 338 NICS 2009, Pointe 1 ó 01.01.11 – 31.12.11)      |                                                               |                                   |
| <b>Fó-iomlán</b>                                                                                                     | <b>76,552</b>                                                 | <b>68,972</b>                     |
|                                                                                                                      |                                                               |                                   |
| <b>Gnáthchostais Reatha</b>                                                                                          |                                                               |                                   |
| Taisteal agus cothabháil                                                                                             | 1,891                                                         | 3,891                             |
| Costais Reatha                                                                                                       | 1,552                                                         | 7,132                             |
| <b>Fó-iomlán</b>                                                                                                     | <b>3,443</b>                                                  | <b>11,023</b>                     |
|                                                                                                                      |                                                               |                                   |
| <b>Imeachtaí / Tionscadail</b>                                                                                       | 150                                                           | 150                               |
| <b>Iomlán</b>                                                                                                        | <b>£80,145</b>                                                | <b>£80,145</b>                    |

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1 Mír 4 agus faoi Chuid 2, Mír 6.

### **Moladh:**

Moltar an leasú seo a cheadú le gur féidir an leas is fearr a bhaint as an deontas chun an clár oibre a chur i gcrích. Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 11 Feabhra 2014.



**Coistí Fhoras na Gaeilge 2014**

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

## **Miontuairiscí ón 125ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 27 Meitheamh 2014 in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chonghóile, T. Ruane, C. Ní Shúilleabháin, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, É. Ó Gribín agus D. Ó Laoghaire.

**Leithscéalta:** D. Ó hAiniféin, T. Mac Eochagáin, C. Cavanagh agus P. Callaghan.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

### **01.125 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go raibh glactha ag Iontaobhas Ultach leis an tairiscint mhaoinithe anois d'Eanáir go Meitheamh 2014. Cuireadh in iúl go raibh tuairisc aontaithe Cholmcille curtha chuig na Ranna agus go mbeadh moladh faoi bhráid na CATT ina leith ag an chruinniú i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh in iúl go raibh dréacht de thuairisc an Chathaoirligh do na hAirí ullmhaithe agus go gcuirfí faoina mbráid é Dé Luain 30 Meitheamh. Ardaíodh ceist faoi bhac ar fhás na ngaelscoileanna agus go lorgófaí cruinniú leis an Aire Oideachais agus Scileanna le toscaireacht ó Bhord Fhoras na Gaeilge dá réir.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus faoi Chuid 2, Mír 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

### **02.125 RÁITEAS CAITEACHAIS DO 2014**

Pléadh an ráiteas caiteachais agus an dréachtbhuiséad athbhreithnithe. Cuireadh in iúl go raibh meancóg sa ráiteas caiteachais maidir leis na fuílligh bainc a luadh ach gur ceartaíodh é ó shin. Cuireadh in iúl go raibh €250,000 le hathdháileadh agus go mbeadh moltaí ina leith faoi bhráid an Bhoird ar 25 Iúil. Cuireadh in iúl go raibh rótharraingt ag Áis ar 19 Bealtaine ach gur ceartaíodh sin an lá dár gcionn. Ardaíodh ceist an dtiocfadh cuntas Áis a bhogadh isteach faoi chuntas Fhoras na Gaeilge le nach dtarlódh a leithéid arís agus aontaíodh go ndéanfaí an cheist sin a fhiosrú. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe.

Cuireadh in iúl gur chosúil go mbeadh ciorrú 7% ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge in 2015 a chiallódh nach mbeadh ach thart faoi €1.2milliún le dáileadh ar iarratais nuair a chuirfí na ceangaltais nach dtiocfadh éalú uathu agus riar na heagraíochta san áireamh agus go bhfuil seans ann go mbeifí ag amharc ar iomarcaíochtaí laistigh den eagraíocht. Cuireadh in iúl go raibh an buiséad céanna ag Foras na Gaeilge anois agus a bhí siar in 2001. Aontaíodh gurbh fhiú cruinnithe a lorg le polaiteoirí ó gach uile pháirtí agus imní a léiriú i leith cúrsaí buiséid. Aontaíodh gurbh fhiú don Chathaoirleach litir a scríobh chuig na hAirí ag léiriú imní an Bhoird maidir le ciorruithe ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge. Aontaíodh go ndéanfaí tuilleadh plé ar bhuiséad an Fhorais ag an chéad chruinniú eile.

### **03.125 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

Aontaíodh go ndéanfaí na tuairiscí ó Choiste na nDeontas agus ón Choiste Forbartha a phlé ag deireadh an chruinnithe.

#### **Coiste Nuachtán agus Irisí**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an oíche roimhe agus scaipeadh tuairisc ina leith. Pléadh ceist an chartlannaithe agus aontaíodh go mbeadh sé tábhachtach cuidiú leis na dreamanna cuí chun ábhar ó na foilseacháin a chartlannú. Cuireadh in iúl go raibh ‘Scéim Iris Ilghnéitheach’ le hathrú go ‘Scéim Iris Ghaeilge’ agus go raibh na critéir don scéim sin le beachtú. Cuireadh in iúl nár leasaigh an Coiste na téarmaí tagartha don Choiste toisc go mbeadh deireadh leis an Choiste roimh i bhfad.

#### **Comhchoiste Cholmcille**

Cuireadh in iúl go raibh tuairisc curtha chuig na Ranna anois maidir le Colmcille.

#### **Coiste Osradhairc**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an mhaidin sin ag ar pléadh na téarmaí tagartha don Choiste. Cuireadh in iúl gur leasaíodh na téarmaí tagartha agus ghlac an Bord leis na téarmaí tagartha leasaithe.

#### **Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge**

Cuireadh in iúl go raibh mionleasuithe á ndéanamh ar Scéim na Foilsitheoireachta 2015 agus go bhfógrófar an Scéim i mí Iúil. Tuairiscíodh go ndearnadh measúnú ar fhoilseacháin le foilsitheoirí ar leith agus gur cuireadh aiseolas ar aghaidh chuig na foilsitheoirí.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 & 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Tuairiscíodh go raibh cruinniú ag feidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge le roinnt de na hoidí atá ag obair faoi Scéim na nOidí agus go bhfuil sé i gceist cruinniú a eagrú le cuid de na printísigh amach anseo. Tuairiscíodh go bhfuil deireadh le Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge mar fhochoiste de chuid an Bhoird ach go rachaidh an Coiste ar aghaidh mar choiste comhairleach.

### **04.125 MOLADH MAIDIR LEIS AN FHÓRAM FORBARTHA TEANGA**

Pléadh an liosta ainmniúcháin don Fhóram Forbartha Teanga agus thug an Bord cead na daoine ar an liosta a cheapadh. Sa chás go ndíoltaíonn duine leis an ainmniúchán, thug an Bord cead don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach daoine eile a ainmniú dá réir.

### **05.125 COMHAONTÚ SEIRBHÍSE LEIS NA RANNA URRÁIOCHTA**

Pléadh an comhaontú seirbhíse agus aontaíodh gur chóir cruinniú den Fhoras Teanga a réachtáil i mí Iúil chun ceist an chomhaontaithe seirbhíse a phlé.

### **06.125 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

## 07.125 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh cruinniú ag an Leas-Chathaoirleach, an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus aige féin leis an Aire Ní Chuilín ar 10 Meitheamh ag ar pléadh: Íocaíochtaí iomarcaíochta; foireann; agus buiséad do na ceanneagraíochtaí.
- Go raibh litir tagtha ón REOG maidir le pleananna contae do 3 chontae – Dún na nGall, Gaillimh agus Ciarraí. Beidh ionadaíocht ag Foras na Gaeilge ar na coistí a bheidh ag dréachtú na bpleananna.
- Go mbeadh dréacht den cháipéisíocht maidir le Scéim Líonraí Gaeilge faoi bhráid an Bhoird i mí Iúil.
- Gur cuireadh na dréachtchuntais comhdhlúite chuig an ARC&C ar an Aoine 13 Meitheamh.
- Go raibh tairiscintí lorgtha le haghaidh athchreidiúnú a dhéanamh ar na haistritheoirí creidiúnaithe.
- Go ndearnadh uaslódáil ar 16,700 aonad céille (6,300 ceannfhocal) ar shuíomh an fhoclóra ar 18 Meitheamh. Tá anois 75,000 aonad céille (21 – 22,000 ceannfhocal) beo ar an suíomh. Mórsprioc an tionscadal ná 130,000 aonad céille.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus faoi Chuid 2, Mír 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

- Go raibh cruinniú ag an LPF, an SSF agus aige féin lé Bòrd na Gàidhlig ar 18 Meitheamh. Tá pleananna againn a leanas a dhéanamh fríd Cholmcille:
  1. Feachtas feasachta fógraíochta dírithe ar an phobal Protastúnach / Aontachtach / Dílseach ó thuaidh maidir leis an Ghaeilge. Beidh baint ag an East Belfast Mission leis an fheachtas. Le toiseacht luath 2015.
  2. Taighde trí ghrúpaí fócais ar na cúiseanna a roghnaíonn pobal na Gaeltachta sa dá thír an Ghaeilge clann a thógáil le Gaeilge / Gàidhlig nó a mhalairt. Ag eascairt as an taighde seo tá súil le plean margadóir agus feasachta a ullmhú agus a fheidhmiú.
  3. Tá teagmháil le cothú idir an Gúm agus an Stórlann agus idir Clár na Leabhar Gaeilge agus Comhairle nan Leabhraichean.

Moladh: Níl scéim cheart luathléitheoireachta acu don tumoideachas in Albain. Aistriúchán ón Bhéarla atá sa cheann atá acu. Moltar cead a thabhairt don Stórlann Séideán Sí a chur in oiriúint má tá sé fóirsteanach. Thug an Bord an cead sin. Cuireadh in iúl go mbeadh cead le fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna chomh maith. Cuireadh in iúl go raibh clár luath léitheoireachta ag an Áisaonad agus gur cheart sin a chur ar fáil chomh maith más mian leis an Stórlann. Ghlac an Bord leis an mholadh sin.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh luathscor á lorg ag beirt fhostaithe faoi láthair. Thug an Bord cead don Phríomhfheidhmeannach agus don Chathaoirleach cuntais 2012 a shíniú agus iad réidh. Cuireadh in iúl nach raibh David Nicholl ar fáil le seisiún oiliúna a thabhairt don Bhord i mí Mheán an Fhómhair agus d'aontaigh an Bord go labhródh an Príomhfheidhmeannach le hAidan Horan ón IPA fáil amach an mbeadh sé féin ar fáil chun an seisiún a thabhairt.

### 08.125 COMHFHREAGRAS

Scaipeadh cóip uasdátaithe de na moltaí maidir leis na Boird Oideachais agus Oiliúna agus bhí plé ina leith. Pléadh an litir a bhí faighte ina leith agus míníodh an dóigh a ndéanfaí na hainmniúcháin. Leasaíodh an liosta le beirt a chur chun tosaigh ó gach ceantar (fear agus bean) agus aontaíodh go gcuirfí an leagan leasaithe ar aghaidh chuig an Aire Oideachais agus Scileanna dá réir. Sa chás go ndiúltaíonn duine nó dhó leis an ainmniúchán, thug an Bord cead don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach daoine eile a ainmniú dá réir.

D'fhág M. Mac Ruairí an cruinniú ag an phointe seo.

Pléadh an comhfhreagras a fuarthas ón Ghaeláras maidir le cruinniú a reáchtáil ann i mí Mheán an Fhómhair agus cuireadh in iúl go raibh an cruinniú Boird sin socraithe do Ghaillimh ach go mbeadh an Bord sásta cruinniú a reáchtáil sa Ghaeláras am éigin in 2015.

### 09.125 AON GHNÓ EILE

Ritheadh rún comhbhróin le Á. Ní Chiaráin ar bhás a huncail agus a haintín. Rinneadh comhghairdeas le C. Ní Shúilleabháin a bheidh le pósadh ar 4 Iúil agus rinneadh comhghairdeas le P. Callaghan ar bhreith a mhic.

### Coiste na nDeontas

Bhí plé ar Scéim na bhFéilte 2014 agus ghlac an Bord leis na moltaí uile (**Aguisín 1**).

|                                                                                                                                                                       |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise. |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €5,000 a chur ar fáil do Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i dtreo costais do Chomhdháil ar Litríocht agus Cultúr na Gaeilge.

| Ainm Eagraíochta                | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|---------------------------------|------------------|--------------|------------|
| Roinn na Gaeilge<br>OÉ Gaillimh | CLG14011         | €9,100       | €5,000     |

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le Scéim na nOidí 2014 (**Aguisín 2**).

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £69,000 a chur ar fáil do Naíscoil na Tamhnaí Móire. (£18,332 i 2014, £32,000 i 2015 agus £18668 i 2016)

| Ainm Eagraíochta             | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|------------------------------|------------------|--------------|------------|
| Naíscoil na<br>Tamhnaí Móire | 1401038          | £69,000      | £69,000    |

Ghlac an Bord leis an leasú molta maidir le Scéim Cholmcille do Chairde Teo.

Ghlac an Bord leis an Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán (**Aguisín 3**).

**D'fhág E. Mac Cormaic agus S. Mac Donncha an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £317,076 a chur ar fáil do Raidió Fáilte faoin Scéim Raidió Pobail 2014 don tréimhse 1 Iúil 2014 go dtí 31 Nollaig 2015. (£106,268 i 2014 agus £210,808 i 2015)

| <b>Ainm Eagraíochta</b> | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|-------------------------|-------------------------|---------------------|-------------------|
| Raidió Fáilte Teo       | 1401041                 | £317,076            | £317,076          |

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €374,638 a chur ar fáil do Raidió na Life faoin Scéim Raidió Pobail don tréimhse 1 Iúil 2014 go dtí 31 Nollaig 2015. (€124,638 i 2014 agus €250,000 i 2015)

| <b>Ainm Eagraíochta</b> | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|-------------------------|-------------------------|---------------------|-------------------|
| Raidió na Life          | 1401040                 | €374,638            | €374,638          |

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas eatramhach nach mó ná £142,017 a chur ar fáil don Áisaonad don tréimhse 01 Iúil 2014 go dtí 31 Nollaig 2014

| <b>Ainm Eagraíochta</b> | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|-------------------------|-------------------------|---------------------|-------------------|
| An tÁisaonad            | 1401049                 | £899,374            | £142,017          |

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Coiste na nDeontas.

### **An Coiste Forbartha**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an oíche roimhe ag ar pléadh na téarmaí tagartha agus go ndearnadh cúpla leasú orthu. Cuireadh in iúl go raibh 5 chinn de na ceanneagraíochtaí sásta glacadh lena dtairiscintí agus go raibh plé ag dul ar aghaidh leis an cheann eile. Cuireadh in iúl gur pléadh ceist na hiomarcaíochta agus gur chóir go mbeadh cead ag na ceanneagraíochtaí céatadán den deontas maoinithe a chur ar leataobh lena leithéid feasta. Aontaíodh go mbeadh cead le fáil ón CATT ina leith.

Cuireadh in iúl go mbeadh buiséad tascach le cur ar fáil do na ceanneagraíochtaí agus thug an Bord cead don Chathaoirleach, do Chathaoirleach an Choiste Forbartha agus don Phríomhfheidhmeannach, an buiséad tascach sin a cheadú.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Choiste agus leis an fheidhmeannas as an obair ar fad a rinneadh.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**25 Iúil 2014**

## Aguisín 1

### Scéim na bhFéilte 2014

| Iarrthóir                                     | Féile                                                               | Uimhir Thag. | Deontas molta<br>– 2014<br>€ | Deontas molta<br>– 2014<br>£ |
|-----------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------|--------------|------------------------------|------------------------------|
| Áras Éanna                                    | Féile Áras Éanna                                                    | 1401020.01   | 3,000                        |                              |
| Alliance Francaise                            | Franco-Irish Literary Festival                                      | 1401020.02   | 2,000                        |                              |
| An Féile<br>Scoilddrámaíochta                 | Féile Scoilddrámaíocht Uladh                                        | 1401020.03   | 1,500                        |                              |
| An tSean-Bheairice                            | Féile Ealaíne & Cultúrtha na<br>Sean-Bheairice                      | 1401020.04   | 2,500                        |                              |
| An Gaeláras (Scoil<br>Samhraidh Cholm Cille)  | Scoil Samhraidh Cholm Cille                                         | 1401020.05   |                              | 4,000                        |
| An Cumann<br>Scoilddrámaíocht Féile<br>Dhoire | Féile Dhoire                                                        | 1401020.06   |                              | 750                          |
| Armagh Pipers Club                            | William Kennedy Piping Festival                                     | 1401020.07   |                              | 2,000                        |
| Baboró                                        | Féile Baboró                                                        | 1401020.08   | 4,000                        |                              |
| Ballintogher Festival                         | Féile Bhaile an Tóchair                                             | 1401020.09   | 1,500                        |                              |
| Consairtín                                    | Féile Consairtín                                                    | 1401020.10   | 1,500                        |                              |
| Ceatharlach le Gaeilge                        | Féile Cásca Ceatharlach                                             | 1401020.11   | 3,000                        |                              |
| Castlebar Chamber of<br>Commerce              | Féile Croí Chaisleán an<br>Bharraigh/Heart of Castlebar<br>Festival | 1401020.12   | 1,000                        |                              |
| Cumann Merriman                               | Scoileanna Merriman                                                 | 1401020.13   | 3,000                        |                              |
| Craobh Clann Lir                              | Feile an Fhómhair 2014                                              | 1401020.14   | 2,500                        |                              |
| Coiste TraidPhicnic                           | Picnic Thraidisiúnta                                                | 1401020.15   | 1,500                        |                              |
| Cumann Cultúrtha Mhic<br>Reachtain            | Scoil Mhic Reachtain                                                | 1401020.16   |                              | 2,000                        |
| Cultúrlann McAdam Ó<br>Fiaich                 | Fleadh Feirste                                                      | 1401020.17   |                              | 2,000                        |
| Cumann Scoilddrámaíocht<br>na Gaillimhe       | Féile Scoilddrámaíocht na<br>Gaillimhe                              | 1401020.18   | 1,500                        |                              |
| Cairdeas Eoghain                              | Seacbhtain Spraoi                                                   | 1401020.19   |                              | 2,000                        |
| Cliara Development Co.                        | Snas ar do Bhlas                                                    | 1401020.20   | 1,500                        |                              |
| Comharchumann Rath<br>Cairn                   | Feile na Mí                                                         | 1401020.21   | 2,000                        |                              |
| Comharchumann Rath<br>Cairn                   | Féile Dharach Uí Chatháin                                           | 1401020.22   | 2,000                        |                              |
| Comhaltas Ceoltóirí<br>Éireann                |                                                                     | 1401020.23   | 1,500                        |                              |
| Cnoc na Gaoithe Cultural<br>Centre            | Féile Chnoc na Gaoithe                                              | 1401020.24   | 1,500                        |                              |
| Dingle TradFusion Festival<br>Ltd.            | Féile Trad an Daingean                                              | 1401020.25   | 1,000                        |                              |
| Dreolin Community Arts                        | Glór Cró Fest                                                       | 1401020.26   | 3,000                        |                              |
| Féile na hInse                                | Féile na hInse                                                      | 1401020.27   | 2,000                        |                              |
| Feile na Locha                                | Féile na Locha                                                      | 1401020.28   | 2,000                        |                              |
| Féile Chois Cuain                             | Féile Cois Cuain                                                    | 1401020.29   | 2,000                        |                              |
| Féile an Iúir                                 | Féile an Iúir                                                       | 1401020.30   |                              | 700                          |
| Féile Chomórtha Joe<br>Éinniú                 | Féile Joe Éinniú                                                    | 1401020.31   | 2,000                        |                              |
| Féile na Bealtaine                            | Féile na Bealtaine                                                  | 1401020.32   | 3,500                        |                              |
| Féile Charn Tóchair 2014                      | Feile Charn Tóchair                                                 | 1401020.33   |                              | 2,000                        |
| Galway Fringe                                 | Féile Imill na Gaillimhe                                            | 1401020.34   | 1,000                        |                              |
| Glór na nGael Uachtar                         | Scoil Samhraidh Shéamúis Uí                                         | 1401020.35   |                              | 2,000                        |

| Tíre                                        | Néill                                                               |             |       |       |
|---------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------|-------------|-------|-------|
| Glór an Ghleanna                            | Féile na nÓg                                                        | 1401020.36  |       | 2,000 |
| Galway Film Fleadh                          | Junior Galway Film Fleadh                                           | 1401020.37  | 2,300 |       |
| Glór na Móna                                | Féile na Carraige                                                   | 1401020.38  |       | 2,000 |
| Galway Arts Centre                          | Cúirt Féile Idirnáisiúnta Litríochta                                | 1401020.39  | 2,000 |       |
| Ionad Ealaíona Iorras Teoranta              | Féile na bPáistí                                                    | 1401020.40. | 2,500 |       |
| Jarash Limited                              | Westport Festival of Music & Food                                   | 1401020.41  | 1,000 |       |
| Kells Literary & Cultural Festival          | Hay Festival Kells                                                  | 1401020.42  | 1,000 |       |
| Lecanvey Community Centre                   | Féile na Samhna                                                     | 1401020.43  | 1,000 |       |
| Lasc Latin America Solidarity Centre        | Féile Meiriceá Laidineach                                           | 1401020.44  | 750   |       |
| Loinneog Lúnasa                             | Féile Cheoil Ghaoth Dobhair                                         | 1401020.45  | 3,000 |       |
| Listowel Writers Week                       | Seachtain na Scribhneoirí Lios Tuathail                             | 1401020.46  | 1,500 |       |
| Mayo International Choral Festival          | Mayo International Choral Festival                                  | 1401020.47  | 1,000 |       |
| Musical Heritage Group                      | Larry Reynolds Irish Musical Heritage & Cultural Weekend            | 1401020.48  | 1,000 |       |
| Nephin View Restoration                     | Vintage Show & Lá Spraoi                                            | 1401020.49  | 1,000 |       |
| Navan Choral Festival                       | Navan Choral Festival                                               | 1401020.50  | 2,000 |       |
| O'Carolan Harp Cultural & Heritage Festival | Féile Uí Chearúlláin                                                | 1401020.51  | 2,000 |       |
| Partry Community Centre                     | Seachtain Oidhreacht Phartraí                                       | 1401020.52  | 1,000 |       |
| Scoil Samhraidh Willie Clancy               | Scoil Samhraidh Willie Clancy                                       | 1401020.53  | 4,000 |       |
| Sligo Feis Ceoil                            | Sligo Feis Ceoil                                                    | 1401020.54  | 1,000 |       |
| Scoildrámaíocht an Chláir                   | Féile Scoildrámaíocht an Chláir                                     | 1401020.55  | 1,500 |       |
| Seosamh Mac Gabhann Summer School           | Seosamh Mac Gabhann Summer School                                   | 1401020.56  | 1,000 |       |
| Sligo Traditional Singers Circle            | Frank Finn Traditional Singing Festival                             | 1401020.57  | 1,000 |       |
| Sean-Nós Cois Life                          | Sean-nós Cois Life                                                  | 1401020.58  | 2,000 |       |
| Thurles Arts & Music Festival               | Thurles Arts & Music Festival                                       | 1401020.59  | 1,000 |       |
| The Gap Arts Festival                       | Féile an Bhearna                                                    | 1401020.60  | 2,000 |       |
| University of Limerick (Ollscoil Luimnigh)  | Blas International Summer School of Irish Traditional Music & Dance | 1401020.61  | 2,000 |       |
| Westport Business Community Ltd             | Westport Shop 'n Spraoi na Nollag                                   | 1401020.62  | 1,500 |       |
| Waterford County Festival                   | Féile Bia Phort Láirge                                              | 1401020.63  | 2,000 |       |
| Westport Arts Festival                      | Westport Arts Festival                                              | 1401020.64  | 1,000 |       |
| Willie Keane Festival                       | Féile Deireadh seachtaifne Willie Keane                             | 1401020.65  | 2,000 |       |
| World Book Festival                         | Féile Innti 2014                                                    | 1401020.66  | 3,000 |       |



## **Scéim na nOidí 2014**

Ba mhaith le printíseach amháin deireadh a chur leis an printíseacht reatha aici agus tosú as an nua le hoide eile.

Mar thoradh air seo, cuirfear deireadh leis an printíseacht reatha agus beidh suas le €1,350 le n-íoc leis an oide reatha. Déanfar teagmháil le hoide eile, féachaint an mbeidh siad sásta glacadh leis an phrintíseach faoin scéim. Beidh suas le €2,850 le n-íoc leis an oide seo, €1,500 i 2014 agus €1,350 i 2015. Beidh €1,000 ansin ag dul don phrintíseach ag deireadh tréimhse na printíseachta i 2015 (Bhí €1,000 ar leataobh di i mbuiséad na bliana seo 2014 ach beidh sin anois le bogadh ar aghaidh go 2015.)

| <b>Ainm</b>   | <b>Íocaíocht ag dul dóibh</b> | <b>2014 (measta)</b> | <b>2015 (measta)</b> |
|---------------|-------------------------------|----------------------|----------------------|
| Oide reatha   | €1,350                        | €1,350               |                      |
| Oide nua      | €2,850                        | €1,500               | €1,350               |
| Printíseach   | €1,000                        |                      | €1,000               |
| <b>Iomlán</b> | <b>€5,200</b>                 | <b>€2,850</b>        | <b>€2,350</b>        |

## Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán

- **Reasúnaíocht don Scéim:** Freastal a dhéanamh ar iarratasóirí uile-chineálacha (agus trasrannógach i gcomhthéacs an Fhorais féin) a bhfuil suimeanna beaga de phórmhaoiniú / maoiniú tacaochta tionscadail á lorg chun úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a éascú ar bhonn logánta.
- **Bun-Aidhm na Scéime:** Úsáid na Gaeilge a normálú sa tsochaí agus deiseanna praiticiúla a chur ar fáil do phobal na tíre trí bhunú agus fhorbairt gréasáin úsáide Ghaeilge a spreagadh agus a éascú.
- **Cuspóirí na Scéime:**
  - mionmhaoiniú a sholáthar do choistí deonacha le gréasáin a bhunú agus a fhorbairt le úsáid phraiticiúil na Gaeilge a spreagadh agus a éascú i ngach gné den tsochaí
  - Deiseanna a éascú chun gréasáin a bhunú agus a fhorbairt a mbeidh an Ghaeilge mar mheán teanga iontu
  - Gnáthúsáid phraiticiúil na Gaeilge a spreagadh agus a éascú i ngníomhaíochtaí gréasánaithe.
  - Deiseanna a éascú chun úsáid phraiticiúil na Gaeilge a spreagadh agus a mhéadú ar bhonn lóganta.
  - Gréasáin atá nuálaíoch a eagrú chun infheictheacht / láithreach na Gaeilge a spreagadh agus a mhéadú.
  - *Gréasáin úsáide Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine atá ag foghlaim Gaeilge*
  - *Gréasáin úsáide Gaeilge a chur ar fáil do phobal na Gaeilge i gceantair ar leith a bhfuil an Ghaeilge á forbairt iontu ar bhonn comhordaithe.*
- **Fad na Scéime:** Is scéim bhliaitiúil a bheidh ann. Beidh sé mínithe go soiléir san fhoirm go bhfuil ciste teoranta ar fáil don scéim agus is féidir nach mbeidh sé ar ár gcumas tairiscint a dhéanamh má tá an ciste ídithe.
- **Ciste don Scéim:** €50,000
- **Cineál Maoinithe ar Fáil** (ar bhonn uasmhéid réamhsonraithe):
  - Costais ghaolmhara tionscadail thar bliain nó thar trí bliana sa chás gur gníomhaíochtaí bunaithe agus forbartha gréasán atá ann
- **Incháilitheacht**
- Cé atá incháilithe mar iarratasóir?
  - Coistí deonacha a bhfuil cuntas bainc acu in ainm an iarratasóra
  - Iarratasóirí atá lonnaithe laistigh den Ghaeltacht Oifigiúil

- *Is gá go mbeadh íosmhéid de 6 rannpháirteach sa ghréasán sa chéad bhliain, agus an líon sin le méadú go céimithe sa dá bhliain ina dhiaidh sin go híoslíon de 15 duine sa tríú bliain. ....*
- **Cé atá neamhcháilithe mar iarratasóir?**
  - Eagrais reachtúla
  - Údaráis Áitiúla
  - Deontaithe reatha a bhfuil maoiniú ceadaithe trí scéimeanna eile de chuid Foras na Gaeilge
  - Daoine aonair
- **An bhfuil aon tosaíocht réamh-aitheanta?** Ceantair a bhfuil an Ghaeilge á forbairt iontu ar bhonn comhordaithe (trí phlean teanga nó trí oifigeach forbartha)
- **Gníomhaíochtaí atá incháilithe do mhaoiniú fríd an scéim:**
  - *Gníomhaíochtaí a bhaineann le bunú gréasán agus lena bhforbairt thar tréimhse*
  - **Imeachtaí a bhaineann le forbairt agus reáchtáil an ghréasáin**
  - **Gníomhaíochtaí leis an ghréasán a phoiblíú.**
  - **Costais chíos ionaid**
  - **Costais chíos mionbhus**
  - **Trealamh ar chostas íseal (níos lú ná €400/£320) atá riachtanach leis an ghréasán a reáchtáil**
  - **Costais trealamh nach trealamh duine aonair é**
- **Gníomhaíochtaí nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú fríd an scéim:**
  - Gníomhaíochtaí / tionscadail ar diúltaíodh daofa cheana féin trí scéimeanna eile an Fhorais mar nár bhain siad an pasmharc amach.
  - Turais thar lear nó turais a bhfuil iostais thar oíche i gceist leo
  - Costais a bhaineann le soláthar béilí, cothabháil srl
  - Gnáthchostais reatha an eagrais, m.sh. costais foirne leanúnacha, rátaí, billí gáis/leictreachais, athchóiriú/cothabháil agus cíos (seachas costais cíosa agus reáchtála ionaid le haghaidh úsáid an ghréasáin)
  - Scoláireachtaí agus sparánachtaí
  - Costais shiarghabhálacha / fiacha
  - Trealamh, trealamh teicniúil/ríomhairí san áireamh (seachas trealamh a bhfuil reáchtáil an ghréasáin ina dtuilleamaí, m.sh. léarscáileanna siúlóide, scáileáin agus teilgeoir,
  - Táillí taistil/lóistín (seachas costais chíos mionbhus)
  - Costais atá míréasúnta dar le Foras na Gaeilge

## **An Maoiniú atá ar Fáil**

- **Íosmhéid / Uasmhéid an deontais iarrtha:** €800 / £650 gach bliain ar feadh uasmhéid de 3 bliana

- **Próiseas Athbhreithnithe i leith íocaíocht an deontais:** Níl – tá luach an deontais neamh-inaistrithe
- **Socruithe i leith cómhaoinithe páirtnéireachta / maoiniú meaitseála:** Níl – clúdaíonn an deontas 100% de bhunchostais lorgtha

#### **Poibliú / Eolas**

- **Modhanna poiblíochta:** Go náisiúnta amháin (sa dá dhlínse) óir tá sé dírithe ar iarrthóirí a mbeidh siad ar a gcumas feidhmiú ar bhonn uile-oileánda
- **Rochtain faoi leith:** Níl
- **Réamheolas fán scéim:** Mar a chuirfear ar fáil ar [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie)

## Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán

### Léargás ar Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán

Scéim le réachtáil ar bhonn trasrannógach lena mbeidh ionadaí ainmnithe ag gach rannóg chun rémhéasúnú (incháilitheacht, réamhscagadh, plé ar fhiúntas an chaiteachais, srl) a dhéanamh ar iarratais uair sa mhí. Beidh na hiarratais a bheas le maoiniú le cur ar aghaidh chuig cruinniú eile ag a mbeidh beirt, ar a laghad, de na Clárghainisteoirí i láthair chun tairiscintí a údarú.

Mar scéim rollach (.i. scéim atá ar oscailt go leanúnach gan spriocdháta deiridh), beidh sé ar ár gcumas cur le leibhéal an chiste i rith an ama le toil an Bhoird agus nuair a bheas soláthar breise ar fáil le hathroinnt. Beidh sé mínithe go soiléir san fhoirm go bhfuil ciste teoranta ar fáil don scéim agus is féidir nach mbeidh sé ar ár gcumas tairiscint a dhéanamh má tá an ciste ídithe, áfach.

Beidh an fhoirm iarratais bunaithe ar an mhúnla cáipéise a úsáidtear do na scéimeanna gnó – sé sin: laistigh de dhá leathanach, foirm shimplí le buneolas riachtanach lorgtha, critéir mhaoinithe, conradh réamhshínithe (ag glacadh le coinníollacha maoinithe srl. roimh ré) – féach foclaíocht shamplach thíos:

#### **Conradh**

*Dearbhaím go bhfuil mé údaraithe leis an chonradh seo a shíniú thar ceann an eagrais luaite san iarratas seo. Go bhfios dom, tá an t-eolas seo fíor agus cruinn. Má éiríonn leis an iarratas seo, cloífidh an t-eagras leis na téarmaí agus na coinníollacha thíos.*

*Tuigimid agus aontaímid leis seo a leanas:*

- 1 Caithfear an maoiniú ar phroifíl an deontais mar a bheas údaraithe ag Foras na Gaeilge.*
- 2 Nílím ag fáil aon mhaoiniú i leith tionscadail mar seo atá á mhaoiniú cheana féin ag eagras eile stáit (m.sh. Údarás na Gaeltachta).*
- 3 Ní dhéanfaimid aon leasú substaintiúil ar an tionscadail gan é a fhaomhadh le Foras na Gaeilge roimh ré – is féidir nach n-íocfar iomlán an deontais muna bhfuil sé faofa.*
- 4 Má éiríonn leis an iarratas, is ar bhonn admhálacha amháin a íocfar an maoiniú. Ní íocfar aon mhaoiniú go siarghabhálach.*
- 5 Tá cuntas bairc ann, in ainm an eagrais, a scríobhfar seic dó.*
- 6 Tá an ceart ag Foras na Gaeilge aisíocaíocht a lorg ar mhaoiniú sa chás nach gcomhlíontar na téarmaí seo.*
- 7 Tabharfaimid aitheantas do mhaoiniú Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí.*

Mar chuid den iarratas, beidh na sonraí atá riachtanach líonta isteach ar an fhoirm féin agus iarrfar ar iarratasóirí an tionscadal / na gníomhaíochtaí a mhíniú go gonta ar leathanach amháin faoi na ceannteidil seo mar shampla:

- Achoimire ar an chur chuige, ar an chúspóir deiridh agus ar na torthaí a bhainfear amach de bharr an deontais.
- Fáth an chur chuige (.i. léibhéal suime, éileamh ó rannpháirtithe féidearachta, dírithe ar spriocghrúpa faoi leith, cothú spéise úire sa Ghaeilge, srl)
- Amlíne measta agus críoch an tionscadail (baint aige seo le cén uair a bheas fianaise caiteachais soláthraithe don Fhoras don íocaíocht dheireannach)
- Briseadh síos ar chostais riachtanacha – eolas a thabhairt ar an méid lorgtha ón Fhoras (faoi chostas atá incháilithe amháin) agus eolas ábhartha eile de chostais á nglanadh ag foinse eile más amhlaidh an cás

Uasmhéid de €800 / £650 (is leor an méid sin ónar dtaithí tríd An Ghaeilge sa Phobal ach tig linn athbhreithniú a dhéanamh ar an uasmhéid) gach bliain ar feadh 3 bliana ar a mhéad, bheith ar fáil d'iarratasóirí incháilithe chun gréasáin a bhunú agus chun gníomhaíochtaí a reáchtáil ar mhaithe le deiseanna gréasánaithe agus úsáide na Gaeilge a thionscnamh.. Ag brath ar an chineál gníomhaíochta (.i. forbairt gréasánaíochta), beidh deis tugtha d'iarratasóirí maoiniú a lorg thar trí bliana agus an tuscint ann gur féidir go ndéanfar tairiscint don méid lorgtha i mbliain 1 agus tairiscint choinníollach do bhliain 2 & 3 (leis na méideanna sin le bheith íoctha laistigh den bhliain fhéilire a shonrófar sa tairiscint chéanna).

Sa tairiscint, beidh gnáthchoinníollacha srl tugtha mar aon le míniú ar an tsuim údaráithe más lú é ná mar a hiarradh. Ina theannta sin, beidh seic de 25% den deontas eisiithe leis an tairiscint agus íocfar an 75% eile den deontas ar sholáthar fianaise (i bhfoirm sonraisc den luach iomlán an deontais) den chaiteachas nuair atá an ghníomhaíocht / gníomhaíochtaí curtha i gcrích. Mar sin de, tá riosca íseal ann i gcomhréir leis an réamhíocaíocht agus íocfar tromlach an deontais nuair atá fianaise chrua den chaiteachas ann.

## **Miontuairiscí ón 126ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 25 Iúil 2014 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chonghóile, T. Ruane, C. Ní Shúilleabháin, M. Mac Ruairí, D. Ó hAiniféin, P. Callaghan agus É. Ó Gribín.

**Leithscéalta:** S. Mac Donncha, T. Mac Eochagáin, D. Ó Laoghaire agus C. Cavanagh.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach) agus É. Ó hArgáin (Rúnaí).

### **01.126 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl gur cuireadh an litir chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna agus go raibh admháil faighte ina leith. Cuireadh in iúl gur cuireadh tuairisc an Chathaoirligh faoi bhráid na ranna faoin sprioc 30 Meitheamh. Cuireadh in iúl go raibh litir curtha chuig na daoine ar fad a ainmníodh ar an Fhóram Forbartha Teanga.

### **02.126 RÁITEAS CAITEACHAIS DO 2014**

Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadais agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe ar an nasc físchomhdhála. Pléadh an ráiteas caiteachais agus an dréachtbhuiséad athbhreithnithe. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí Mheán an Fhómhair. Cuireadh in iúl gur tháinig an teastas do chuntais 2012 ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an lá roimhe. Cuireadh in iúl go raibh iniúchadh suímh á dhéanamh ar chuntais 2013 faoi láthair. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an rannóg airgeadais maidir leis an obair ar fad a rinneadh ar na cuntais.

D'fhág an Clár bhainisteoir: Airgeadais agus Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú.

### **03.126 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

#### **Coiste na nDeontas**

Ghlac an Bord leis na moltaí uile maidir le Scéim na n-Imeachtaí Óige 2014 (**Aguisín 1**). Cuireadh in iúl go raibh bearna ann ó thaobh iarratas de i lár na tíre agus aontaíodh gurbh fhiú an cheist sin a phlé le Gaelscoileanna agus Glór na nGael. Aontaíodh go dtabharfaí le fios go gcuirfí fáilte roimh iarratas trasteorann sa chás go mbeadh an scéim ag fóirstean dá leithéid. Moladh gur chóir glacadh le hiarratais ar ríomhphost feasta agus aontaíodh go gcuirfí sin san áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar scéimeanna Fhoras na Gaeilge i mí Mheán an Fhómhair.

Thug an Bord suntas do na nótaí eolais faoi Altram, FNT, Chomhar na Múinteoirí Gaeilge, Ghaelscoileanna, Ghael Linn agus faoin Áisaonad.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £48,599 a cheadú don East Belfast Mission (£16,200 in 2014 agus £32,399 in 2015)

| Ainm Eagraíochta     | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|----------------------|------------------|--------------|------------|
| East Belfast Mission | 1401048          | £57,059      | £48,599    |

Pléadh an Scéim Líonraí Gaeilge agus chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh moltaí á lorg ón Bhord ina leith. Cuireadh in iúl go mbeadh léiriú suime le fógairt san fhómhar ach toisc gur athrú polasaí a bheadh i gceist, seans go mbeadh an RCEF ag iarraidh comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil. Cuireadh in iúl go mbeadh moladh faoi bhráid an Bhoird i leith na scéime i mí Mheán an Fhómhair agus go ndéanfaí cur i láthair ar na príomhpointí agus an difríocht idir Limistéir Phleanála Teanga, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge. Aontaíodh go raibh gá le soiléiriú ar na ról ag na rudaí seo san Acht Gaeltachta (2012) agus an ról a bheadh ag na hoifigigh alamuigh sna ceanneagraíochtaí agus an Scéim Phobail Gaeilge. Aontaíodh go mbainfí úsáid as an chur chuige chéanna ó thuaidh agus ó dheas. Iarradh cur i láthair leis an cheist seo ar fad a shoiléiriú don Bhord ag cruinniú Mheán Fómhair.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Coiste na nDeontas.

### **An Coiste Nuachtán agus Irisí**

Scaipeadh cóip de thuairisc an Choiste ar an Bhord mar eolas. Ghlac an Bord leis an mholadh deontas i gcabhair nach mó ná £206,400 (£68,800 in aghaidh na bliana ar feadh tréimhse trí bliana) a cheadú do Rua Media chun Iris Stíl Mhaireachtála Ar Líne a fhoilsiú ar an choinníoll go mbeadh siad sásta conradh a shíniú chun sástacht Fhoras na Gaeilge. Aontaíodh go gcaithfí bheith réadúil faoi na spriocanna agus chuir Cathaoirleach an Choiste in iúl go mbeadh monatóireacht leanúnach i gceist.

Ardaíodh ceist an raibh an conradh sínithe ag Tuairisc.ie fós agus cuireadh in iúl go raibh an pórdheontas ceadaithe agus €20,000 den pórdheontas iarrtha ach nach raibh an conradh sínithe fós.

Ghlac an Bord leis na critéir le haghaidh Scéim Iris Ghaeilge. Cuireadh in iúl go mbeadh an scéim le fógairt san fhómhar.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Choiste Nuachtán agus Irisí.

### **Comhchoiste Cholmcille**

Cuireadh in iúl go raibh babhta eile deontas fógartha agus go mbeadh cruinniú ar 4 Meán Fómhair.

### **An Coiste Osradhairc**

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 & 4 agus faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

### **An Coiste Iniúchta**

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.



#### **04.126 TUAIRISC Ó CHOISTE STIÚRTHA AN FHOCLÓRA NUA BÉARLA-GAEILGE**

Pléadh an achoimre thréimhsiúil agus cuireadh in iúl go raibh deacracht ann leis na comhaid fuaime agus aontaíodh go ndéanfaí a nótáil sna miontuairiscí go raibh riosca ann. Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le caiteachas agus línte buiséid 2014 (**Aguisín 2**).

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le híocaíocht bhreise le Ingénierie Diffusion Multimédia (IDM) (**Aguisín 3**).

#### **05.126 COMHAONTÚ SEIRBHÍSE LEIS NA RANNA URRAÍOCHTA**

Pléadh an comhaontú seirbhíse agus cuireadh in iúl nach raibh a leithéid ag na forais trasteorann eile. Aontaíodh gurbh fhiú soiléirú a lorg nach raibh an Comhaontú Seirbhíse ag teacht salach ar an Mheamram Airgeadais ná an Reachtaíocht Bhunaidh. Aontaíodh comhairle dlí a fháil i leith na ceiste.

#### **06.126 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

#### **07.126 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Scaip an Príomhfheidhmeannach cóip uasdátaithe dá thuairisc agus chuir sé in iúl:

- gur lorgaíodh tairiscintí le haghaidh athchreidiúnú a dhéanamh ar na haistritheoirí creidiúnaithe.

Moladh conradh dar luach nach mó ná €15,000 móide CBL a bhronnadh ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le Riar an tSéala Athchreidiúnaithe d'Aistritheoirí Gaeilge agus ghlac an Bord leis an mholadh sin.

- gur thug an Bord cead, ag cruinniú Boird 23 Bealtaine, do Chathaoirleach an Bhoird, Cathaoirleach an Choiste Forbartha agus don Phríomhfheidhmeannach buiséad a cheadú do na Ceanneagraíochtaí don tréimhse 01 Iúil go 31 Nollaig 2014. Tháinig an grúpa sin le chéile ar 28 Bealtaine agus ceadaíodh an buiséad a leanas:

| <b>Ceanneagraíocht</b> | <b>Buiséad Iúil – Nollaig 2014</b> |
|------------------------|------------------------------------|
| Gaelscoileanna         | €379,012                           |
| Gael Linn              | €407,485                           |
| Glór na nGael          | €478,706                           |
| Oireachtas na Gaeilge  | €353,484                           |
| Conradh na Gaeilge     | €361,055                           |
| Cumann na bhFiann      | €335,140                           |
| <b>Iomlán</b>          | <b>€2,314,882</b>                  |

- go raibh ionadaí ag Foras na Gaeilge ar Bhord FNT – beidh deireadh anois leis an ionadaíocht sin ó tharla go bhfuil Foras na Gaeilge i ndiaidh cinneadh a dhéanamh go mbeidh Gaelscoileanna freagrach as forbairt an tumoideachais.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh sé ag scríobh chuig FNT ag cur in iúl nach bhfacthas d'Fhoras na Gaeilge go raibh ról acu feasta in obair FNT agus ag tabhairt fógra míosa dóibh go bhfuil sé i gceist ionadaí Fhoras na Gaeilge a aistarraingt as Bord FNT agus go mbeadh airteagail FNT le leasú toisc go raibh Foras na Gaeilge luaite iontu.

- gur síníodh Ráitis Airgeadais do 2012 ar an Chéadaoin 02 Iúil agus cuireadh ar ais chuig an ARC&C iad an tráthnóna sin agus gur tháinig an Teastas ar 24 Iúil.
- gur ainmníodh Éabha Ní Mhonacháin, ag an chruinniú Boird ar 28 Meán Fómhair 2012, mar ionadaí Fhoras na Gaeilge ar Choiste na Sraithe Sinsearaí de chuid an CNCM (NCCA). D'aontaigh an Bord go mbeadh Sinéad Ní Ghuidhir le hainmniú sa chás go ndiúltódh / dtarraingeodh Éabha siar. Tá sí i ndiaidh a chur in iúl go bhfuil sí ag seasamh siar agus mar sin is í Sinéad Ní Ghuidhir a bheidh mar ionadaí ar choiste na Sraithe Sinsearaí.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

- go dtagann deireadh le conradh Gaelchultúr i mí Dheireadh Fómhair le cúrsaí a sholáthar don earnáil phoiblí. Is €66,666 sa bhliain luach reatha an chonartha (€199,998 thar 3 bliana). 924 a rinne cúrsaí leo.

Aontaíodh gurbh fhiú teagmháil a dhéanamh le Gaelchultúr ag cur in iúl go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag Foras na Gaeilge agus go raibh tuilleadh eolais ag teastáil maidir le cad é a dhéanann siad leis an mhaoiniú. Aontaíodh go gcuirfeadh an Feidhmeannas tuairisc achomair ar fáil ar an ábhar.

- go raibh 21 Lúnasa molta ag an USA le haghaidh cruinniú den Fhoras Teanga i nDoire.
- go raibh an léas ar an seomra beag ag CNLG rite agus go raibh ceann úr le síniú agus Séala Fhoras na Gaeilge le cur leis an cháipéis.

Thug an Bord cead dó sin ach aontaíodh gurbh fhiú dáta an léasa sin a chur in oiriúint do dháta an léasa eile le go mbeadh siad rite ag an am céanna feasta.

- go mbeadh sraith léachtanna i mí Dheireadh Fómhair / na Samhna in oifigí PRONI i mBéal Feirste:
  - Stair na Gaeilge,
  - Tionchar na Gaeilge ar an Bhéarla,
  - An Traidisiún Protastúnach Gaelach in Ulaidh, agus,
  - Ár nOidhreacht Choiteann Cheoil
- go raibh polasaí nua maidir le foghlaim teangacha á mholadh do rialtas Shasana ag grúpa traspháirtí. Deis a bheith ag gach scoláire teanga a fhoghlaim ó aois a 7 agus go mbeidh cáilíocht teanga ag gach scoláire ag fágáil na meánscoile – thioctadh leis seo cuidiú le staid na Gaeilge sna scoileanna ó thuaidh.
- go raibh na Ranna le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Fhoras Teanga san fhómhar. Is fochomhlacht ag DFP a dhéanfaidh an obair. Beidh sé bunaithe ar: Cheannaireacht, Straitéis agus Seachadadh Seirbhísí. Níl aon cheangal idir seo, athbhreithniú St. Andrews ná leis an tuairisc ar fheidhmíocht a chuir an Cathaoirleach faoina mbráid.
- nár ritheadh an Ionstraim Reachtúil go fóill leis an Acht um Comhaontú na Breataine – na hÉireann a leasú.
- go raibh sé aontaithe ag an dá Roinn go mbeadh ráiteas urrúis ráithiúil le comhlánú do na Ranna.

Léirigh an Bord imní faoin leibhéal ard tuairiscithe atá le déanamh ag an eagraíocht.

- go mbeadh an tAire Stáit ag teacht chuig an Bhord san Fhómhar.

## 08.126 COMHFHREAGRAS

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras.

## 09.126 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an oíche roimhe ag ar pléadh agus leasaíodh na téarmaí tagartha don Choiste. Scaipeadh cóip de na téarmaí tagartha leasaithe ar an Bhord agus ghlac an Bord leo. Cuireadh in iúl gur thug an Bord cead, ag cruinniú Boird 27 Meitheamh, do Chathaoirleach an Bhoird, Cathaoirleach an Choiste Forbartha agus don Phríomhfheidhmeannach buiséad a cheadú do na Ceanneagraíochtaí don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2015. Tháinig an grúpa sin le chéile ar 01 Iúil agus ceadaíodh an buiséad thíos. Tá scéal curtha chuig na ceanneagraíochtaí.

| Ceanneagraíocht       | Foireann  | Buiséad iomlán 2015 |
|-----------------------|-----------|---------------------|
| Gaelscoileanna        | 9         | €752,020            |
| Gael Linn             | 8         | €694,264            |
| Glór na nGael         | 15.5      | €1,144,770          |
| Oireachtas na Gaeilge | 8         | €660,780            |
| Conradh na Gaeilge    | 11.5      | €883,515            |
| Cumann na bhFiann     | 10        | €800,602            |
| <b>Iomlán</b>         | <b>62</b> | <b>€ 4,935,952</b>  |

Cuireadh in iúl go mbeadh litir le cur chuig an Roinn Oideachais ó thuaidh maidir leis an mhaoiniú eatramhach a thug siad d'Altram ag cur fáilte roimh mhaoiniú breise ach soiléiriú a lorg le cinntiú nach raibh aon dubailt i gceist. Aontaíodh gur chóir brú a chur orthu na seirbhísí céanna a chur ar fáil d'earnáil na réamhscolaíochta Gaeilge is atá ar fáil d'earnáil an Bhéarla le maoiniú na Roinne. Cuireadh in iúl go mbeadh litir dá macasamhail le cur chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis an mhaoiniú a thugann siad do FNT trí Pobal. Aontaíodh gurbh fhiú iarraidh ar an dá Roinn a chinntiú go bhfuil Altram agus FNT ag comhoibriú le Gaelscoileanna.

## 10.126 AON GHNÓ EILE

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**26 Meán Fómhair 2014**

## Aguisín 1

| Uimhir Thagartha | Ainm an Eagrais                      | Contae ina mbeidh an Imeacht ar siúl | Méid Molta san Iomlán € | Méid Molta 2014 € | Méid Molta 2015 € | Méid Molta san Iomlán £stg | Méid Molta 2014 £stg | Méid Molta 2015 £stg | Marc faighte sa mheasúnú % |
|------------------|--------------------------------------|--------------------------------------|-------------------------|-------------------|-------------------|----------------------------|----------------------|----------------------|----------------------------|
| 1401039.01       | An Droichead                         | Aontroim                             |                         |                   |                   | £3,437.00                  |                      | £3,437.00            | 82                         |
| 1401039.02       | An Droichead                         | Aontroim                             |                         |                   |                   | £3,418.00                  | £3,418.00            |                      | 82                         |
| 1401039.03       | An Gaeláras LTD                      | Doire                                |                         |                   |                   | £3,300.00                  | £1,456.00            | £1,844.00            | 93                         |
| 1401039.04       | An Gaeláras LTD                      | Doire                                |                         |                   |                   | £3,300.00                  | £1,456.00            | £1,844.00            | 93                         |
| 1401039.05       | An Gaeláras LTD                      | Doire                                |                         |                   |                   | £3,300.00                  | £1,430.00            | £1,870.00            | 73                         |
| 1401039.06       | Athboy No Name! Club                 | An Mhí                               | €0.00                   |                   | €0.00             |                            |                      |                      | 68                         |
| 1401039.07       | Ballyholland PS                      | An Dún                               |                         |                   |                   | £0.00                      | £0.00                | £0.00                | 68                         |
| 1401039.08       | Banóglagh na hÉireann - Béal an Átha | Maigh Eo                             | €5,000.00               | €3,150.00         | €1,850.00         |                            |                      |                      | 82                         |
| 1401039.09       | Cairde Bunscoil na Deirge            | Tír Eoghain                          |                         |                   |                   | £3,480.00                  | £1,740.00            | £1,740.00            | 95                         |
| 1401039.10       | Cairde na Gaelscoile                 | Doire                                |                         |                   |                   | £0.00                      | £0.00                | £0.00                | 68                         |
| 1401039.11       | Cairde na Gaelscoile                 | Doire                                |                         |                   |                   | £3,500.00                  | £1,750.00            | £1,750.00            | 73                         |
| 1401039.12       | Cairde Teo                           | Ard Mhacha                           |                         |                   |                   | £3,500.00                  | £2,935.50            | £564.50              | 77                         |
| 1401039.13       | Cairde Uí Néill                      | Tír Eoghain                          |                         |                   |                   | £3,500.00                  | £1,402.00            | £2,098.00            | 82                         |
| 1401039.14       | Campa Gaeilge, Campa Spraoi          | Gaillimh                             | €5,000.00               | €2,500.00         | €2,500.00         |                            |                      |                      | 82                         |
| 1401039.15       | Club Cispheile 'Lee Valley'          | Corcaigh                             | €5,000.00               | €2,500.00         | €2,500.00         |                            |                      |                      | 73                         |
| 1401039.16       | Club Óige an Iúir                    | An Dún                               |                         |                   |                   | £3,500.00                  | £1,800.00            | £1,700.00            | 87                         |
| 1401039.17       | Club Óige Luraigh                    | Doire                                |                         |                   |                   | £3,500.00                  | £1,300.00            | £2,200.00            | 97                         |
| 1401039.18       | Club Óige Mhachaire Bóthain          | Aontroim                             |                         |                   |                   | £3,500.00                  | £1,750.00            | £1,750.00            | 75                         |
| 1401039.19       | Club Óige na Carraige Móire          | Tír Eoghain                          |                         |                   |                   | £3,500.00                  | £1,400.00            | £2,100.00            | 95                         |
| 1401039.20       | Club Óige Setanta                    | Doire                                |                         |                   |                   | £2,334.00                  | £680.00              | £1,654.00            | 85                         |
| 1401039.21       | Club Óige Setanta                    | Doire                                |                         |                   |                   | £3,500.00                  | £1,055.00            | £2,445.00            | 97                         |

|            |                                    |                   |           |           |           |           |           |           |    |
|------------|------------------------------------|-------------------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|----|
| 1401039.22 | Club Spraoi                        | Ard Mhacha        |           |           |           | £3,500.00 | £1,750.00 | £1,750.00 | 87 |
| 1401039.23 | Club Súgradh Gaillimh Thoir        | Gaillimh          | €2,180.00 | €1,090.00 | €1,090.00 |           |           |           | 87 |
| 1401039.24 | Coiste Forbartha Charn Tóchair     | Doire             |           |           |           | £3,500.00 | £1,850.00 | £1,650.00 | 85 |
| 1401039.25 | Coláiste Feirste                   | Aontroim          |           |           |           | £2,145.00 | £1,490.00 | £655.00   | 87 |
| 1401039.26 | Coláiste Feirste                   | Aontroim          |           |           |           | £1,800.00 | £720.00   | £1,080.00 | 73 |
| 1401039.27 | Coláiste Feirste                   | Aontroim          |           |           |           | £3,500.00 | £1,390.00 | £2,110.00 | 92 |
| 1401039.28 | Coláiste Feirste                   | Aontroim          |           |           |           | £3,500.00 | £1,850.00 | £1,650.00 | 92 |
| 1401039.29 | Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar | An Dún            |           |           |           | £3,500.00 | £1,780.00 | £1,720.00 | 95 |
| 1401039.30 | Craobh Ghleann an Iolair           | Doire             |           |           |           | £3,500.00 | £1,600.00 | £1,900.00 | 72 |
| 1401039.31 | Croí Éanna                         | Aontroim          |           |           |           | £3,500.00 | £1,750.00 | £1,750.00 | 82 |
| 1401039.32 | Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain    | Aontroim          |           |           |           | £3,500.00 | £1,750.00 | £1,750.00 | 88 |
| 1401039.33 | Cumann Iarscoile na gCrann         | Tír Eoghain       |           |           |           | £3,500.00 | £1,750.00 | £1,750.00 | 90 |
| 1401039.34 | Cumann Óige Átha an Rí             | Gaillimh          | €5,000.00 | €2,500.00 | €2,500.00 |           |           |           | 80 |
| 1401039.35 | Cumann Sacar na gCláirseach        | Aontroim          |           |           |           | £3,498.00 | £1,749.00 | £1,749.00 | 77 |
| 1401039.36 | Dún Uladh LTD                      | Tír Eoghain       |           |           |           | £3,500.00 | £1,884.00 | £1,616.00 | 83 |
| 1401039.37 | Fingal Film Festival               | Baile Átha Cliath | €0.00     | €0.00     | €0.00     |           |           |           | 0  |
| 1401039.38 | Gaelscoil an Chaistil              | Aontroim          |           |           |           | £0.00     | £0.00     | £0.00     | 63 |
| 1401039.39 | Gaelscoil Léim an Mhadaidh         | Doire             |           |           |           | £2,703.00 | £2,203.00 | £500.00   | 77 |
| 1401039.40 | Glinsk Community Childcare LTD     | Gaillimh          | €4,980.00 | €3,950.00 | €1,030.00 |           |           |           | 95 |
| 1401039.41 | Glór an Chollain                   | Aontroim          |           |           |           | £3,500.00 | £1,750.00 | £1,750.00 | 90 |
| 1401039.42 | Glór an Ghleanna                   | Aontroim          |           |           |           | £3,500.00 | £1,750.00 | £1,750.00 | 88 |
| 1401039.43 | Glór na Móna                       | Aontroim          |           |           |           | £3,500.00 | £1,750.00 | £1,750.00 | 97 |
| 1401039.44 | Greencastle Youth Club             | Tír Eoghain       |           |           |           | £3,500.00 | £2,220.00 | £1,280.00 | 93 |
| 1401039.45 | Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin  | An Dún            |           |           |           | £3,500.00 | £1,750.00 | £1,750.00 | 90 |
| 1401039.46 | Ionad Uíbh Eachach                 | Aontroim          |           |           |           | £3,500.00 | £1,750.00 | £1,750.00 | 92 |
| 1401039.47 | Kilmovee Family Resource           | Maigh Eo          | €0.00     | €0.00     | €0.00     |           |           |           | 67 |

|            |                                      |                   |           |           |           |           |           |           |    |
|------------|--------------------------------------|-------------------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|----|
|            | Centre                               |                   |           |           |           |           |           |           |    |
| 1401039.48 | Leaveney Community Centre            | Maigh Eo          | €0.00     | €0.00     | €0.00     |           |           |           | 65 |
| 1401039.49 | Mayobridge Community Centre          | An Dún            |           |           |           | £0.00     | £0.00     | £0.00     | 70 |
| 1401039.50 | Náí-Ionad Ard Eoghain                | Aontroim          |           |           |           | £3,490.00 | £1,745.00 | £1,745.00 | 73 |
| 1401039.51 | Naíscoil an tSléibhe Dhuibh          | Aontroim          |           |           |           | £3,500.00 | £1,750.00 | £1,750.00 | 90 |
| 1401039.52 | Naíscoil Léim an Mhadaidh            | Doire             |           |           |           | £2,850.00 | £1,050.00 | £1,800.00 | 77 |
| 1401039.53 | Ógras                                | Baile Átha Cliath | €5,000.00 | €2,500.00 | €2,500.00 |           |           |           | 85 |
| 1401039.54 | Ógras                                | Baile Átha Cliath | €5,000.00 | €2,550.00 | €2,450.00 |           |           |           | 88 |
| 1401039.55 | Ógras                                | Baile Átha Cliath | €5,000.00 | €2,800.00 | €2,200.00 |           |           |           | 87 |
| 1401039.56 | Ógras                                | Gaillimh          | €5,000.00 | €2,800.00 | €2,200.00 |           |           |           | 87 |
| 1401039.57 | Ógras                                | Baile Átha Cliath | €4,700.00 | €2,110.00 | €2,590.00 |           |           |           | 78 |
| 1401039.58 | Ógras                                | Gaillimh          | €4,550.00 | €2,645.00 | €1,905.00 |           |           |           | 87 |
| 1401039.59 | Ógras                                | Cill Dara         | €4,980.00 | €2,500.00 | €2,480.00 |           |           |           | 88 |
| 1401039.60 | Ógras                                | An Mhí            | €4,475.00 | €2,670.00 | €1,805.00 |           |           |           | 87 |
| 1401039.61 | Ógras                                | An Dún            | €5,000.00 | €2,550.00 | €2,450.00 |           |           |           | 87 |
| 1401039.62 | Ógras                                | Cill Chainnigh    | €4,010.00 | €2,680.00 | €1,330.00 |           |           |           | 87 |
| 1401039.63 | Ógras                                | Cill Dara         | €4,840.00 | €2,310.00 | €2,530.00 |           |           |           | 78 |
| 1401039.64 | Ógras                                | An Mhí            | €5,000.00 | €2,500.00 | €2,500.00 |           |           |           | 90 |
| 1401039.65 | Ógras                                | An Mhí            | €5,000.00 | €1,750.00 | €3,250.00 |           |           |           | 92 |
| 1401039.66 | Ógras                                | Cill Dara         | €5,000.00 | €2,500.00 | €2,500.00 |           |           |           | 88 |
| 1401039.67 | Ógras                                | An Dún            | €5,000.00 | €2,535.00 | €2,465.00 |           |           |           | 80 |
| 1401039.68 | Ógras an Dúin                        | An Dún            |           |           |           | £3,500.00 | £2,000.00 | £1,500.00 | 80 |
| 1401039.69 | Scoil Ghramadaí Naomh Iósaef         | Tír Eoghain       |           |           |           | £3,500.00 | £1,588.00 | £1,912.00 | 87 |
| 1401039.70 | Seal Spraoi Dún Geanainn             | Tír Eoghain       |           |           |           | £3,000.00 | £1,700.00 | £1,300.00 | 93 |
| 1401039.71 | Seal Spraoi Oileán an Ghuail         | Tír Eoghain       |           |           |           | £3,500.00 | £1,970.00 | £1,530.00 | 97 |
| 1401039.72 | Spraoi & Spórt famile Centre limited | Dún na nGall      | €5,000.00 | €2,500.00 | €2,500.00 |           |           |           | 85 |
| 1401039.73 | Teach Abhaile                        | An Clár           | €5,000.00 | €2,500.00 | €2,500.00 |           |           |           | 80 |
| 1401039.74 | Tír na nÓg- Club Spraoi Phartaí      | Maigh Eo          | €5,000.00 | €3,050.00 | €1,950.00 |           |           |           | 73 |

|  |  |  |                            |                                           |                                           |                         |                        |                   |  |
|--|--|--|----------------------------|-------------------------------------------|-------------------------------------------|-------------------------|------------------------|-------------------|--|
|  |  |  | <b>lomlán<br/>Euro</b>     | <b>Euro 2014</b>                          | <b>Euro 2015</b>                          | <b>lomlán<br/>Stg</b>   | <b>Stg 2014</b>        | <b>Stg 2015</b>   |  |
|  |  |  | €114,715.0<br>0            | €61,140.00                                | €53,575.00                                | £140,055.<br>00         | £69,861.5<br>0         | £70,193.50        |  |
|  |  |  |                            |                                           |                                           |                         |                        |                   |  |
|  |  |  |                            |                                           |                                           | <b>€162,854.<br/>65</b> | <b>€81,234.3<br/>0</b> | <b>€81,620.35</b> |  |
|  |  |  |                            |                                           |                                           |                         |                        |                   |  |
|  |  |  | <b>Mórlomlán<br/>14/15</b> | <b>lomlán<br/>Euro &amp; Stg<br/>2014</b> | <b>lomlán<br/>Euro &amp;<br/>Stg 2015</b> |                         |                        |                   |  |
|  |  |  | <b>€277,569.6<br/>5</b>    | <b>€142,374.3<br/>0</b>                   | <b>€135,195.3<br/>5</b>                   |                         |                        |                   |  |

|                                                                                                                                                           |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p align="center"><b>TIONSCADAL AN FHOCLÓRA NUA BÉARLA-GAEILGE –<br/>MOLADH MAIDIR LE CAITEACHAS / LÍNTE</b></p> <p><b>BUISEID 2014</b>      14/07/14</p> |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

**1. Líne buiséid nua**

Moltar líne buiséid nua a chur ar bun – Cothabháil an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge.

Cuireadh an buiséad reatha don Fhoclóir Nua ar bun chun críche an Foclóir a **fhorbairt** agus na bogearraí cuí a bheadh ag gabháil leis a chur in oiriúint do shainriachtanais an tionscadail. Anuas air sin, aithníodh ón tús go mbeadh **cothabháil** leanúnach le déanamh ar an bhFoclóir ar bhonn fadtéarmach, agus go mbeadh na costais seo a leanas i gceist faoin gceannnteideal seo:-

- Mionleasuithe ar na hiontrálacha, de réir mar a thiocfaidh athrú ar an mBéarla agus ar an nGaeilge;
- Leasuithe eile a d'fhéadfadh eascairt as áiseanna/teicneolaíocht nua;
- Ceadúnais bogearraí;
- Costais óstála.

Luadh an gné seo den tionscadal go sonrach i meamram a d'fhaomh an Bord i mí Meán Fómhair 2011 – féach an abairt aibhsithe sa mheamram thíos anseo. Rinneadh an t-idirdhealú sa mheamram sin idir na costais forbartha agus na costais chothabhála mar go raibh siad rangaithe mar sin sa tairiscint a fuairamar ó IDM sa bhliain 2011 – agus go deimhin in gach tairiscint a fuairamar ó IDM ó 2007 go dtí 2012, i dtaca leis na feidhmchlár uile atá ceannaithe againn uathu.

Moltar mar sin an líne buiséid nua seo a chur ar bun don bhliain reatha, agus **€10,025** a bheith mar sholáthar sa bhuiséad sin.

**2. An Foclóir Nua (500 6001)**

Moltar **€32,000** a bhaint den bhuiséad seo, agus é a ath-threorú go dtí an líne buiséid thuas agus go dtí na línte buiséid eile luaite thíos anseo.

**3. EID/FGB ar líne (500 6002)**

Moltar **€7,000** a chur leis an líne buiséid seo, chun críche breis comhad fuaime a chur ar fáil, agus lena dhearbhuí go mbeidh an suíomh inúsáidte ag daoine a bhfuil fadhbanna le radharc na súl acu.

**4. An Corpas (500 7002)**

Moltar **€15,000** a chur leis an líne buiséid seo, chun breis ábhair thrascríofa a sholáthar sna trí mhórchanúint i mbliana.

**5. Téarmaíocht ón bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge (500 7006)**

Níl aon athrú le déanamh ar an mbuiséad seo.

**6. Achoimre**

| Líne buiséid                 | Leasú (€000) |
|------------------------------|--------------|
| 500 6001, FNBG               | -32          |
| Líne buiséid nua             | +10          |
| 500 6002, EID/FGB ar líne    | +7           |
| 500 7002, An Corpas          | +15          |
| 500 7006, Téarmaíocht ó FNBG | 0            |
| <b>IOMLÁN</b>                | <b>0</b>     |



## - AGUISÍN -

### AN FOCLÓIR BÉARLA-GAEILGE – CONRADH DON LEAGAN AR LÍNE

**MOLADH DON CHRUINNIÚ BOIRD, 23 MEÁN FÓMHAIR 2011**

(lgn 0.4)

#### **Buiséad FNBG**

Tá soláthar de **€157K** don leagan leictreonach i mbuiséad an FNBG, a bhfuil **€154K** de seo fós le caitheamh.

#### **Tairiscint ón gcomhlacht IDM (Ingénierie Diffusion Multimédia)**

Mar thoradh ar an gcomórtas poiblí a d'fhógair Foras na Gaeilge i mí má Samhna 2010, tá an t-aon tairiscint amháin faighte maidir le soláthar bogearraí don leagan ar líne den Fhoclóir. Fuarthas an tairiscint seo ó IDM, an comhlacht céanna atá ag soláthar an fheidhmchláir *DPS* don tionscadal ón mbliain 2008, uirlis a úsáideann na foclóiríthe, na haistritheoirí agus na heagarthóirí ar bhonn laethúil

Is e an costas iomlán atá ag gabháil le tairiscint IDM ná **€152,580**, leis an miondealú seo a leanas:

|                                                    | 2011           | 2012          | 2013          | 2014          | iomlán         |
|----------------------------------------------------|----------------|---------------|---------------|---------------|----------------|
| Soláthar na mbogearraí & oiriúniú                  | <b>126,605</b> |               |               |               | <b>126,605</b> |
| Cothbháil/óstáil/ceadúnais bhliantúla <sup>2</sup> |                | <b>10,025</b> | <b>10,025</b> | <b>10,025</b> | <b>30,075</b>  |
| <b>IOMLÁN</b>                                      | <b>126,605</b> | <b>10,025</b> | <b>10,025</b> | <b>10,025</b> | <b>156,680</b> |

|                                                                |                |
|----------------------------------------------------------------|----------------|
| <b>IOMLÁN LE LINN TRÉIMHSE AN TIONSCADAIL (i.e. 2011-2012)</b> | <b>136,630</b> |
|----------------------------------------------------------------|----------------|

Dá bhrí sin iarrtar cead ón mBord socrú a dhéanamh le IDM don mhéid iomlán de **€156,580** thar thréimse 4 bliana, a mbeidh **€136,630** de seo le baint ó bhuiséad reatha an Fhoclóra.

Beidh thart ar **€30,000 - €60,000<sup>3</sup>** de chostais eile ag gabháil leis an leagan ar líne, rud a fhágann go mbeidh costas iomlán idir **€166,630** agus **€196,630** i gceist don leagan ar líne sa tréimhse 2011-2012. Cé go bhfuil na figiúirí seo os cionn an **€154K** atá fágtha sa bhuiséad, tá an t-airgead breise le fáil laistigh de bhuiséad iomlán an Fhoclóra, gan aon ghné chriticiúil eile a chur as a riocht.

#### **Achoimre**

Iarrtar faomhadh ón mBord an dá chonradh seo a leanas a shíniú le IDM:

- Conradh soláthair ar luach de **€126,605**, a mbeidh an méid seo ina iomláine le baint as buiséad an Fhoclóra;

<sup>2</sup> Tá lascaine á thairiscint ag IDM ar na táillí ceadúnas, rud a fhágann go mbeidh roinnt de na táillí seo clúdaithe don dá bhliain 2015/2016 leis faoi na conarthaí thuas. Luach de €12,300 atá i gceist sa lascaine seo.

<sup>3</sup> Baineann €30,000 den €60,000 seo le forbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fheidhmchláir (*Apps*) do ghléasanna boise (iPod, Blackberry srl). Ní raibh aon soláthair sa bhunbhuiséad do na feidhmchláir seo toisc nach raibh siad ar marthain ag an tráth sin. Nil sé cinnte fós an bhfuil a leithéid le forbairt, tá an cás gnó ina leith fós le hullmhú.

- Conradh cothbhála ar luach de **€30,075**, a mbeidh **€10,025** le baint as buiséad an Fhoclóra agus an méid céanna le baint as buiséad an Fhorais sna blianta 2013 agus 2014 faoi seach.

#### **Leasaithe eile ar an DPS faoin gconradh reatha**

Iarrtar leis go mbeidh cead ag an gCathaoirleach, i gcomhair leis an bPríomhfheidhmeannach, íocaíochtaí nach mó ná **€10,000** san iomlán a cheadú le IDM maidir le leasuithe breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i dtaca leis an bhfeidhmchlár *DPS*, faoin gconradh reatha atá againn le IDM.

**AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE:  
ÍOCAÍOCHTAÍ BREISE LE IDM  
– MOLADH DON CHRUINNIÚ BOIRD, 25 IÚIL 2014** (lgn 0.3)

Tá dhá mhórchonradh ag Foras na Gaeilge leis an gcomhlacht *Ingénierie Diffusion Multimédia* (IDM): conradh chun an leagan ar líne den Fhoclóir a óstáil agus a chur in oiriúint don tionscadal; agus conradh don fheidhmchlár foclóireachta DPS trína bhfuil saothrú thionscadal FNBG ar fad á riar.

Anuas ar na conarthaí sin, íoctar suimeanna airgid eile ó am go chéile le IDM as tascanna eile a bhaineann le riar an tionscadail, m.sh. an obair atá ag gabháil le hiontrálacha nua a uaslódáil go dtí an suíomh beo dhá uair sa bhliain nó leasuithe sainiúil do FNBG a iarraimid orthu a chur i gcrích ar an bhogearra, agus tascanna *ad hoc* eile.

Ag an gcruinniú Boird ar 26 Aibreán 2013, d'fhaomh an Bord na hÍocaíochtaí seo a leanas le IDM:

|                                                         |                |
|---------------------------------------------------------|----------------|
| Conradh don leagan leictreonach                         | 156,680        |
| Síneadh trí bliana ar an conradh DPS                    | 44,145         |
| Obair bhreise maidir leis an DPS, sa tréimhse 2011-2015 | 30,000         |
| <b>IOMLÁN</b>                                           | <b>230,825</b> |

(Tá cóip den mheamram le fáil thíos anseo)

Beidh an 30,000 maidir le hÍocaíochtaí breise ídithe i mbliana. Nuair a cuireadh an meastachán thuas don tréimhse 2011-2015 faoi bhráid an Bhoird, ní raibh ach an chéad leagan den Fhoclóir curtha ar an suíomh beo, agus ó shin i leith is léir go mbíonn níos mó oibre ag gabháil le gach babhta uaslódála ná mar a measadh ag an tráth sin.

Seo achoimre ar na suimeanna atá íoctha le IDM maidir leis na tascanna breise sin ón mbliain 2011:

|               |                |
|---------------|----------------|
| 2011          | 0              |
| 2012          | 7,500          |
| 2013          | 12,225         |
| 2014          | 10,275         |
| <b>IOMLÁN</b> | <b>€30,000</b> |

Seachas go mbeadh teorainn ilbhliantúil ag gabháil leis na tascanna seo, iarrtar ar an mBord go mbeadh cead ag tionscadal an Fhoclóra suim nach mó ná €20,000 in aon bhliain féilire amháin a íoc le IDM lasmuigh den dá mhórchonradh thuasluaite.

## - AGUISÍN -

**AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE:  
ÍOCAÍOCHTAÍ BREISE LE IDM  
– MOLADH DON CHRUINNIÚ BOIRD, 26 AIBREÁN 2013** (lgn 0.1)

Ag an gcruinniú Boird ar 28 Meán Fómhair 2012, d'fhaomh an Bord na hÍocaíochtaí seo a leanas leis an gcomhlacht IDM (*Ingénierie Diffusion Multimédia*):

|                                                         |                |
|---------------------------------------------------------|----------------|
| Conradh don leagan leictreonach                         | 156,680        |
| Síneadh trí bliana ar an conradh DPS                    | 44,145         |
| Obair bhreise maidir leis an DPS, sa tréimhse 2011-2015 | 20,000         |
| <b>IOMLÁN</b>                                           | <b>220,825</b> |

Baineann an mhír de **€20,000** le leasuithe a dhéantar go rialta ar an DPS, agus ar an leagan leictreonach, lena gcur in oiriúint do riachtanais an Fhorais. De bharr go ndearnadh go leor leasuithe a chur i gcrích ar an leagan leictreonach (go príomha na comhaid fuaime agus an t-eolas gramadaí), meastar go mbeidh an tsuim de €20,000 ídithe faoi lár na bliana reatha.

Beidh leasuithe eile le déanamh go rialta ar an DPS agus ar an leagan leictreonach ina dhiaidh sin, dá bhrí sin iarrtar faomhadh ón mBord na hÍocaíochtaí le IDM lasmuigh de na conarthaí thuasluaite a mhéadú ó **€20,000** go dtí **€30,000**. Tá soláthar i mbuiséad an Fhoclóra don chaiteachas seo cheana féin agus ní bheidh aon mhéadú ar bhuiséad an Fhoclóra i gceist.

Seo thíos achoimre ar na hÍocaíochtaí uile le IDM má fhaomhtar an moladh thuas:

|                                                         |                |
|---------------------------------------------------------|----------------|
| Conradh don leagan leictreonach                         | 156,680        |
| Síneadh trí bliana ar an conradh DPS                    | 44,145         |
| Obair bhreise maidir leis an DPS, sa tréimhse 2011-2015 | <b>30,000</b>  |
| <b>IOMLÁN</b>                                           | <b>230,825</b> |

**Miontuairiscí ón 127ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 26 Meán Fómhair 2014 in oifigí Údarás na Gaeltachta, na Forbacha, Gaillimh.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chonghóile, S. Mac Donncha, T. Ruane, C. Ní Shúilleabháin, M. Mac Ruairí, D. Ó hAiniféin, D. Ó Laoghaire, T. Mac Eochagáin agus É. Ó Gribín.

**Leithscéalta:** E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), P. Callaghan agus C. Cavanagh.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí) agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach) agus J. Ó Labhraí.

**01.127 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Ritheadh rún comhbhróin le J. Ó Labhraí ar bhás a athar, le M. Ní Laoire ar bhás a máthar, le B. Uí Chaomhánach ar bhás a máthar agus le Á. Uí Chatháin ar bhás a fir chéile, Leachlainn Ó Catháin, iarchomhalta Boird. Gabhadh dea-mhéin le máthair E. Mhic Cormaic a bhí an-tinn faoi láthair.

Ardaíodh ceist faoi athchreidiúnú ar na haistritheoirí agus an chonspóid a bhí ag tarraingt droch-chlú ar Fhoras na Gaeilge. Cuireadh in iúl go raibh síneadh ama socraithe agus go mbeadh an séala a bronnadh in 2006 agus 2008 báilí go deireadh 2015. Cuireadh in iúl go mbeadh cruinniú ann le toscaireacht ó na haistritheoirí a bhí ag cur in éadan scrúdú athchreidiúnaithe Dé Céadaoin 1 Deireadh Fómhair chun an cheist a phlé.

Iarradh ar an fheidhmeannas bealach eile chun tosaigh a aontú leis na haistritheoirí a chinnteoidh ardchaighdeán an tSéala.

Cuireadh in iúl go raibh an cheist maidir le hiarratais leictreonacha á plé faoi láthair agus athbhreithniú á dhéanamh ar scéimeanna Fhoras na Gaeilge.

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha tuairisc ar a bhfuil bainte amach ag ‘Tuairisc.ie’ le cúpla mí anuas agus chuir sé in iúl go mbeadh an seoladh ar siúl i dTeach an Ardmhéara ar an 9 Deireadh Fómhair.

**02.127 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

**Coiste na nDeontas**

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £52,599 a cheadú don East Belfast Mission (£17,540 in 2014 agus £35,059 in 2015).

D’aontaigh an Bord díscríobh a dhéanamh ar an tairiscint (£48,599) a cheadaigh an Bord ar an 25 Iúil 2014.

| <b>Ainm Eagraíochta</b> | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|-------------------------|-------------------------|---------------------|-------------------|
| East Belfast Mission    | 1401067                 | £61,059             | £52,599           |

Ghlac an Bord leis an dá iarratas ó Cholmcille go gceadófaí deontas nach mó ná €2,400 do Mhuintearas agus €5,500 do Chomharchumann Ghaoth Dobhair. Cuireadh in iúl go raibh scéimeanna Cholmcille 2015 fógartha anois agus go raibh £15,000 curtha ar fáil don Scéim Sparánachtaí.

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir leis an Scéim Phobail Gaeilge, go dtabharfaí síneadh do na deontaithe reatha don tréimhse 1 Eanáir 2015 go dtí 31 Lúnasa 2015 le linn don phróiseas comhairliúcháin bheith ar siúl. Beidh an maoiniú bunaithe ar an soláthar údaraithe in 2014 de réir an méid agus na dtéarmaí maoinithe céanna atá sonraithe sa litir thairisceana chuig na heagraíochtaí den 29 Deireadh Fómhair 2010. Is buiséad iomlán de €1 milliún atá i gceist in 2015.

Ardaíodh ceist an raibh ceangal idir an Scéim Phobail Gaeilge agus na Líonraí Gaeilge agus cuireadh in iúl go raibh. Cuireadh in iúl go raibh an próiseas comhairliúcháin tosaithe le sprioc ann do 24 Samhain agus go mbeadh ceithre fhócasghrúpa ann mar chuid den chomhairliúchán.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €14,651 (€7,500 in 2014 agus €7,151 in 2015) a chur ar fáil d'Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad chun cuidiú leis na costais a bhaineann le Vifax don Ghaeilge a fhorbairt don scoilbhliain 2014/15.

| <b>Ainm Eagraíochta</b>                               | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|-------------------------------------------------------|-------------------------|---------------------|-------------------|
| Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad | 1401064                 | €14,651             | €14,651           |

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €200,000 (thar tréimhse trí bliana) (€40,000 in 2014, €80,000 in 2015 agus €80,000 in 2016) a chur ar fáil do Chumann na bhFoilsitheoirí.

| <b>Ainm Eagraíochta</b>   | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|---------------------------|-------------------------|---------------------|-------------------|
| Cumann na bhFoilsitheoirí | 1401066                 | €200,000            | €200,000          |

### **An Coiste Forbartha**

Cuireadh in iúl go raibh sé chruinniú ag an Fhóram Comhpháirtíochta go dáta agus go raibh cruinniú amháin ag an Fhóram Forbartha Teanga. Cuireadh in iúl go raibh na ceanneagraíochtaí ag earcú foirne faoi láthair. Cuireadh in iúl gur scríobhadh chuig an Aire Oideachais ó thuaidh ar lorg soiléirithe maidir leis an mhaoiniú breise a tugadh d'Altram agus go raibh cruinniú socraithe leis an Aire don 13 Deireadh Fómhair chun an cheist sin a phlé, agus go mbeadh an Cathaoirleach agus Cathaoirleach an Choiste Forbartha i láthair i gcuideachta leis an PF agus an LPF.

Rinneadh tagairt do Phlean Gnó 2015 agus d'iarr an Leas-Phríomhfheidhmeannach ar an Bhord moltaí i leith an Phlean Gnó a chur ar fáil i scríbhinn nó ar ríomhphost taobh istigh de sheachtain. Aontaíodh go gcuirfí ríomhphost thart chun sin a chur in iúl do bhaill an Bhoird nach raibh i láthair ag an chruinniú.

## **An Coiste Iniúchta**

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1& 6.

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ann an oíche roimhe den Choiste ag ar pléadh agus ar glacadh leis na téarmaí tagartha don Choiste Iniúchta. Cuireadh in iúl go raibh beirt ainmnithe ag an Choiste a moladh le bheith mar bhall seachtrach agus go gcaithfí dul i gcomhairle leis an bheirt sin lena fháil amach cé acu duine a bheadh sásta bheith mar bhall seachtrach den Choiste Iniúchta. Cuireadh in iúl go mbeadh ainm an duine chuí faoi bhráid an Bhoird ag an chéad chruinniú eile chun an ceapachán a dhéanamh go foirmiúil. Cuireadh in iúl gur aontaíodh ag an Choiste gur chóir go mbeadh ciorruithe ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge ar an chlár rioscaí.

Ghlac an Bord leis na téarmaí tagartha do choistí Fhoras na Gaeilge.

### **03.127 RÁITEAS CAITEACHAIS DO 2014**

Tháinig an Clárghainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe ar an ghuthán. Ghabh sí a leithscéal go raibh an ráiteas caiteachais mall. Pléadh an ráiteas caiteachais agus cuireadh in iúl go raibh roinnt leasuithe ar na nótaí a ghabhann leis. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe. Aontaíodh go gcuirfí leagan clóite den ráiteas caiteachais ar fáil do na cruinnithe Boird feasta ar leathanach A3 ag na cruinnithe.

D'fhág an Clárghainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú.

### **04.127 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

### **05.127 LÍONRAÍ GAEILGE AGUS BAILTE SEIRBHÍSÍ GAELTACHTA**

Tháinig an Clárghainisteoir Pobail agus Gnó i láthair an chruinnithe. Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha cur i láthair ar na Líonraí Gaeilge agus na Bailte Seirbhísí Gaeltachta agus bhí plé ina dhiaidh. Iarradh ar an fheidhmeannas páipéar simplí nó léaráid a chur ar fáil don Bhord i leith na mBailte Seirbhísí Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge. Aontaíodh go gcuirfeadh an Cathaoirleach litir chuig an Aire Stáit in REOG Joe McHugh, T.D. ag cur in iúl gur ábhar mór inní don Bhord go bhfuiltear ag iarraidh ar Fhoras na Gaeilge tabhairt faoi na nithe breise tábhachtacha a bhaineann leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, a bhfuil impleachtaí móra leo i dtaca le caiteachas de as buiséad Fhoras na Gaeilge, agus ciorruithe á leanúint ó bhliain go bliain ar an mbuiséad céanna sin.

D'fhág an Clárghainisteoir Pobail agus Gnó an cruinniú.

### **06.127 GAELCHULTÚR**

Pléadh an cháipéisíocht a cuireadh ar fáil maidir le Gaelchultúr. Cuireadh in iúl go mbeadh deireadh ag teacht leis an chonradh atá acu ó Fhoras na Gaeilge, agus go raibh plé ar siúl ar cé acu a bhí fordheontas de dhíth ó Fhoras na Gaeilge i leith na seirbhíse seo feasta, nó cé acu a thiocfadh an tseirbhís a sholáthar ar bhonn tráchtála. D'aontaigh an Bord go raibh sé riachtanach go gcuirfí an oiliúint sin ar fáil don

earnáil phoiblí. Aontaíodh go ndéanfadh an feidhmeannas an cheist a phlé lena chinntiú go mbeadh an oiliúint ar fáil ó thuaidh agus ó dheas.

#### **07.127 MOLADH MAIDIR LEIS AN FHOCLOÍR**

Ghlac an Bord leis na mholadh maidir leis an fhoclóir go gceadófaí síneadh ama don chomhaontú seirbhíse le hAcadamh na hOllscolaíochta go dtí deireadh 2015 ar chostas €65,000. Pléadh seo ag an chruinniú monatóireachta leis na Ranna ar 08 Meán Fómhair agus tá na Ranna sásta leis.

#### **08.127 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Chuir an Leas-Phríomfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh cruinniú leis na ranna urraíochta ar an 08 Meán Fómhair ag ar pléadh an comhaontú seirbhíse, ráiteas urrúis ráithiúil, an clár rioscaí, clár ama le Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Fhorais Teanga do 2012 a leagan thuaidh agus theas.
- Gur pléadh buiséad 2014 & 2015 agus cuid de figiúirí a luadh maidir le ciorrú 2015,
- Gur cuireadh in iúl gurb é an moladh a bhí ann maidir leis an Chomhaontú Seirbhíse a bhí molta go raibh sé ag teacht salach ar an mheabhrán airgeadais, agus ar chomhairle dlíodóra gur chóir gan é a fhaomhadh. Aontaíodh go gcuirfí sna miontuairiscí go dtiocfaidís i gceann a chéile arís agus ceist an chomhaontaithe a phlé leis na Ranna.
- Go raibh an chéad chruinniú ann de Choiste Stiúrtha thionscadal áiseanna digitithe Shéideán Sí – tá 3 chluiche réidh anois le tástáil ar bhonn trialach. Beidh seoladh an tionscadail ann i mí na Samhna.
- Go raibh tús curtha ag an Roinn Oideachais agus ag an Chomhairle Curaclaim agus Measúnaithe (CCEA) ó thuaidh le tionscadal le clár teagaisc a fhorbairt do theagasc na Gaeilge sna bunscoileanna Béarla ó thuaidh idir seo agus 31.03.2016. Beidh duine fostaithe ag CCEA. Foras na Gaeilge a chuir an moladh agus an fhianaise ar éileamh faoi bhráid an dá pháirtí in 2012.
- Go raibh cruinniú ann ar an 18 Meán Fómhair, idir an LPF agus Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais ó thuaidh atá freagrach as an ghaelscolaíocht le teacht ar bhealach chun tosaigh i leith maoiniú don réamhscolaíocht ó thuaidh.
- Go raibh cruinniú lorgtha leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige ó dheas leis an ábhar céanna a phlé maidir le maoiniú do FNT.
- Gur aontaíodh conradh le haghaidh Bainistíocht Athruithe dar luach €49,406 gan CBL san áireamh. Iarradh ar an soláthróir obair bhreise maidir le seirbhísí comhroinnte do na Ceanneagraíochtaí a dhéanamh agus sáraíodh an méid a ceadaíodh de luach €3,471.75.

Moltar méid an chonartha a ardú leis an chaiteachas seo a chlúdach.  
Glacadh leis an mholadh.

- Go raibh dhá phost fógartha, AOF i mBÁC – a d'imigh ar scor luath – agus OF i mBF – a fuair post le Conradh na Gaeilge agus gurb é an sprioc ná 02 Deireadh Fómhair.
- Gur tháinig an Roinn Oideachais agus Scileanna ar ais ag fiosrú cad chuige nach ndeachaigh Foras na Gaeilge i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta maidir leis na hainmniúcháin do na BOOanna sna contaethe sin ina bhfuil Gaeltacht. Cuireadh in iúl gur brú ama agus dearmad ba chúis leis agus nár



scríobh an ROS chuig an Údarás faoin cheist. Níor glacadh le haon duine de na hainmniúcháin ag aon BOO go dtí seo.

- Go mbeidh cruinniú neamh-fhoirmeálta le Bord agus Feidhmeannas Údarás na Gaeltachta tráthnóna Aoine 31 Deireadh Fómhair i ndiaidh an chruinnithe Boird.
- Go raibh na ranna le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Fhoras Teanga san fhómhar. Is fo-chomhlacht ag DFP a dhéanfaidh an obair. Beidh sé bunaithe ar: Cheannaireacht, Straitéis agus Seachadadh Seirbhísí. Tá na Téarmaí Tagartha le teacht chugainn.
- Go ndearnadh bradaíl nó haiceáil ar an suíomh [www.leabhar.ie](http://www.leabhar.ie). Is cosúil gur bradaíl randamach / fánach a bhí ann. Níl aon sonraí príobháideacha ar an suíomh seo mar sin níl aon cheist faoi chosaint sonraí. Tá fiosruithe ar siúl faoin dóigh ar tharlaigh sé agus faoi bhealaí le cosaint ina aghaidh san am atá le teacht.

|                                                                                                                                                                 |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 & 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise. |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

Glacadh leis an chur chuige molta.

Cuireadh in iúl go mbeadh ceapacháin (Clárbhainisteoir agus AOF nó OF) le déanamh le plé le cumarsáide agus feasachta i bhForas na Gaeilge.

#### **09.127 COMHFHREAGRAS**

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras.

|                                                                                                                                                                 |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 & 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise. |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

#### **10.127 AON GHNÓ EILE**

Ní raibh aon ní eile le plé faoin mhír seo.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**31 Deireadh Fómhair 2014**

**Miontuairiscí ón 128ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 31 Deireadh Fómhair 2014 ag Oireachtas na Gaeilge, Cill Airne, Co. Chiarraí.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), S. Mac Donncha, T. Ruane, C. Ní Shúilleabháin, M. Mac Ruairí, D. Ó hAiniféin, D. Ó Laoghaire, T. Mac Eochagáin agus É. Ó Gribín.

**Leithscéalta:** E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chonghóile, P. Callaghan agus C. Cavanagh.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach) agus É. Ó hArgáin (Rúnaí).

**01.128 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ritheadh rún comhbhróin le E. Mac Cormaic ar bhás a mháthar. Aontaíodh ar leasú amháin ar na miontuairiscí. Bhí plé ar Shéala an Aistriúcháin agus cuireadh in iúl gurbh fhiú cuimhneamh nach cáilíocht náisiúnta é an Séala ach Ráiteas Inniúlachta ó Fhoras na Gaeilge. Cuireadh in iúl gur dúradh ó thús go mbeadh athchreidiúnú le déanamh ag aistritheoirí a bhain Séala an Aistriúcháin amach. Cuireadh in iúl go raibh an scrúdú athchreidiúnaithe curtha ar athló agus go raibh moltaí iarrtha arís ar na haistritheoirí maidir le córas athchreidiúnaithe. Cuireadh in iúl go raibh feachtas tosaithe ag grúpaí i mBéal Feirste maidir leis an Scéim Phobail Ghaeilge. Cuireadh in iúl gur scríobh an Cathaoirleach chuig an Aire McHugh maidir le buiséad Fhoras na Gaeilge agus go bhfuarthas admháil ina leith. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

**02.128 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

**Coiste na nDeontas**

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €5,000 a bhronnadh ar Ógras chun pacáiste drámaíochta don óige a chur ar fáil.

| Ainm Eagraíochta | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|------------------|------------------|--------------|------------|
| Ógras            | 1401071          | €5,000       | €5,000     |

Nótáil an Bord an maoiniú a ceadaíodh ag cruinniú 26 Meán Fómhair don SPG go Lúnasa 2015:

| Iarratasóir                         | U.T. 2015 | €2,015  |
|-------------------------------------|-----------|---------|
| Muintir Chrónáin Teo                | 1001133 B | €52,281 |
| Glór Cheatharlach                   | 1001119 B | €37,165 |
| Cumann Gaelach na hEaglaise         | 1001120 B | €34,616 |
| Gaelfhorbairt na Gaillimhe          | 1001135 B | €41,500 |
| Coiste Dúiche Mhaigh Eo, C na G     | 1001134 B | €44,029 |
| Cairde Teo                          | 1001122 B | £37,602 |
| Gaelfhobal Cheantar an tSratha Báin | 1001129 B | £38,672 |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair      | 1001130 B | £44,161 |
| Cairde Uí Néill                     | 1001141 B | £33,783 |
| Boirche Íochtar CnaG                | 1001123 B | £26,467 |
| Glór na nGael, Uachtar Tíre         | 1001140 B | £32,906 |

|                                 |           |         |
|---------------------------------|-----------|---------|
| An Clár as Gaeilge Teo          | 1001116 B | €46,082 |
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | 1001118 B | £46,687 |
| Ionad Uíbh Eachach              | 1001145 B | £27,893 |
| Glór na Móna                    | 1001137 B | £34,237 |
| Croí Éanna                      | 1001143 B | £34,714 |
| An Droichead Teo                | 1001138 B | £45,463 |
| Craobh an Aonaigh, C na G       | 1001121 B | €38,782 |
| Gaeilge Locha Riach             | 1001126 B | €51,169 |

|      |              |
|------|--------------|
| Euro | €<br>345,624 |
| Stg£ | £<br>402,585 |

|                     |         |
|---------------------|---------|
| Buiséad SPG in 2015 | €       |
| €:                  | 842,642 |

### An Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl gur tharla cruinniú leis an Aire Oideachais ó thuaidh ar 13 Deireadh Fómhair chun ceist mhaoiniú na réamhscolaíochta a phlé agus go raibh Cathaoirleach an Choiste Forbartha i láthair i gcuideachta leis an PF agus an LPF. Pléadh maoiniú na réamhscolaíochta agus moladh an Roinn Oideachais as an chúram seo a ghlacadh air féin. Pléadh an titim i líon na ndaltaí ag gabháil don Ghaeilge ag an dara leibhéal ó thuaidh agus aontaíodh go mbunófaí grúpa le comhoibriú trasteorainn a phlé ag iarraidh teacht roimh dheacrachtaí.

### An Coiste Iniúchta

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 & 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Aontaíodh go n-iarrfaí tuairisc eatramhach ar na ceanneagraíochtaí maidir leis an dóigh a bhfuil ag éirí leo a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích faoi na socruithe nua agus go gcuirfí na tuairiscí seo faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú na Nollag.

### Coiste Nuachtán agus Irisí

Scaipeadh tuairisc ar an Bhord maidir leis an Scéim Iris Ghaeilge agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an mholadh go dtairgeoí conradh le deontas i gcabhair nach mó na €360,000 (€120,000 in aghaidh na bliana ar feadh tréimhse trí bliana) ar Comhar. Aontaíodh go mbeadh sé sonraithe sa chonradh go mbeadh maoiniú bhliain 2 ag brath ar thorthaí sásúla ó bhliain 1 agus maoiniú bhliain 3 ag brath ar bhliain 1 agus 2.

Ardaíodh ceist arbh fhéidir maoiniú a chur ar fáil do An tUltach ach cuireadh in iúl gur iris eagraíochtúil a bhí i gceist agus gur faoi Chonradh na Gaeilge a bhí sé airgead a chur ar fáil dóibh.

Cuireadh in iúl go mbeadh deireadh ag teacht leis an Choiste Nuachtán agus Irisí roimh dheireadh na bliana agus gabhadh buíochas le baill an Choiste as an obair ar fad a bhí curtha i gcrích acu.

Ardaíodh ceist faoin chomhairliúchán ar an SPG agus an dóigh nach mbeadh ach dhá dheontas ag dul d'aon chontae amháin agus cuireadh in iúl go mbeadh an cháipéisíocht le seiceáil agus le tuairisciú ar ais don Bhord ina leith.

### **03.128 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 MEÁN FÓMHAIR AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2014**

Cuireadh in iúl go raibh scéal faighte ón REOG go mbeadh ciorrú 1% ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge do 2015 agus go rabhthas ag súil go nglanfaí buiséad agus Pleananna Gnó do 2013, 2014 agus 2015 ag an chruinniú CATT i mí na Samhna. Ardaíodh ceist an raibh an riosca ann i gcónaí go mbeadh iomarcaíochtaí laistigh den eagraíocht ach cuireadh in iúl go raibh an riosca sin maolaithe go mór anois. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athrúithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí na Nollag.

### **04.128 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

### **05.128 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus cuireadh in iúl:

- Go raibh i gceist gan an folúntas mar Chlár bhainisteoir san Earnáil Phoiblí agus na hEalaíona a líonadh sa réimse sin ach post mar Chlár bhainisteoir: Cumarsáid, Margaíocht agus Feasacht a fhógairt.
- Go raibh athbhreithniú ar an Chaighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe ar siúl ag Rannóg an Aistriúcháin. Cuireadh litir chuig an REOG, agus go leor grúpaí eile, 16 Meán Fómhair ach níor cuireadh aon scéal chuig Foras na Gaeilge cé go raibh páirt lárnach ag an Choiste Téarmaíochta, Eagarthóir an fhoclóra agus Príomheagarthóir an Ghúim san obair a rinne an RGPT&G ar an chaighdeán le linn 2010 agus 2011. Cuireadh in iúl go raibh coiste bunaithe ag Rannóg an Aistriúcháin leis an athbhreithniú a riar agus nach raibh ionadaíocht ag Foras na Gaeilge air ainneoin gur thairg an PF gach cuidiú agus comhoibriú ag cruinniú a bhí aige le Príomhaistritheoir Rannóg an Aistriúcháin i Samhain 2013. Fuarthas amach faoi seo nuair a chuir REOG an litir chuig Foras na Gaeilge ar 07 Deireadh Fómhair agus sprioc de 09 DF le haighneachtaí a chur isteach. Chuir an PF in iúl gur scríobh sé chuig Ard-Rúnaí REOG faoi agus ag iarraidh air míshástacht a chur in iúl.

Aontaíodh go scríobhfadh an PF chuig Cléireach na Dála é féin ag cur míshástacht an Bhoird in iúl.

- Go raibh cruinniú ag an Phríomhfheidhmeannach agus ag an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha leis an Aire Stáit 23 Deireadh Fómhair ag ar pléadh na Líonraí, na Bailte Seirbhíse, Buiséad Fhoras na Gaeilge, obair Fhoras na Gaeilge agus an Straitéis 20 Bliain, an t-athbhreithniú ar an Chaighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe, Nuachtáin agus Irisí agus Tionscadal an Fhoclóra. Tuairiscíodh go raibh an tAire Stáit chun an scéim nua “Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán” a sheoladh ag an Oireachtas.
- Gur ainmnigh an Bord Bríd de Róiste ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh & Ceatharlach agus glacadh leis an ainmniúchán. Ar an drochuair d'éirigh Bríd as agus tá ainmniúchán eile le déanamh ar an BOO sin – bean.

D'iarr an Príomhfheidhmeannach moltaí i leith an ainmniúcháin nua faoin Aoine 7

Samhain 2014.

- Go mbeadh muid ag dul i gcomhairle i gcuideachta le Conradh na Gaeilge agus le páirtithe leasmhara eile, leis na Comhairlí úra ó thuaidh lena chinntiú go mbíonn polasaithe láidre Gaeilge acu. Tá muid ag socrú cruinnithe leo.
- Go raibh deireadh le conradh Ghaelchultúir. Bunaithe ar an phlé ag an chruinniú Boird deiridh beidh iarratais le fáil le haghaidh seirbhís nua.

Chuige sin moltar síneadh 4 mhí, go deireadh Feabhra 2015, a chur leis an chonradh reatha ar chostas de €22,222, (€11,111 i 2014 agus €11,111 i 2015).

Ghlac an Bord leis an mholadh sin.

- Go raibh fócasghrúpaí don Chomhairliúchán ar an SPG socraithe mar seo a leanas:

|            |                              |
|------------|------------------------------|
| 18 Samhain | Caiseal, Co. Thiobraid Árann |
| 20 Samhain | Béal Feirste                 |
| 25 Samhain | Baile Átha Luain             |
| 26 Samhain | Baile Átha Cliath            |

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 & 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

#### **06.128 CRUINNITHE BOIRD 2015**

Pléadh na dátaí molta do chruinnithe Boird in 2015 agus aontaíodh ar roinnt leasuithe ó thaobh ionad na gcruinnithe de le go mbeadh cruinniú i Maigh Eo agus cruinniú i nDoire. Aontaíodh go mbeadh liosta leasaithe faoi bhráid an Bhoird i mí na Nollag.

#### **07.128 COMHFHREAGRAS**

Scaipeadh cóip de litir a tháinig ón RCEF ag dearbhú go raibh an Chomhaontaithe Seirbhíse le comhlánú ag Foras na Gaeilge agus ag dearbhú nach sáraíonn an Comhaontú an Meamram Airgeadais. Scaipeadh cóip d'achóimre maidir leis an Scéim Phobail Ghaeilge agus na líonraí Gaeilge.

#### **08.128 AON GHNÓ EILE**

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**12 Nollaig 2014**

**Miontuairiscí ón 129ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 12 Nollaig 2014 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chonghóile, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, D. Ó Laoghaire, C. Cavanagh agus É. Ó Gribín.

**Leithscéalta:** D. Ó hAiniféin, T. Ruane, C. Ní Shúilleabháin, T. Mac Eochagáin agus P. Callaghan.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**01.129 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

**02.129 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

**Coiste na nDeontas**

**D'fhág E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.** Ghlac an Bord leis na moltaí uile maidir le maoiniú na gceannagraíochtaí don tréimhse Eanáir go Nollaig 2015.

| <b>Ainm Eagrais</b>   | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|-----------------------|-------------------------|---------------------|-------------------|
| Conradh na Gaeilge    | 1401046A                | €883,515            | €883,515          |
| Glór na nGael         | 1401044A                | €1,144,770          | €1,144,770        |
| Oireachtas na Gaeilge | 1401045A                | €660,780            | €660,780          |
| Gaelscoileanna Teo    | 1401042A                | €752,020            | €752,020          |
| Gael Linn             | 1401043A                | €694,264            | €694,264          |
| Cumann na bhFiann     | 1401047A                | €800,006            | €790,838          |

Moladh go gcaithfí grinnmhonatóireacht a dhéanamh ar obair na gceannagraíochtaí toisc gur socruithe nuafhorbartha iad seo. Cuireadh in iúl go raibh an próiseas ollmhór bainistíochta athruithe aitheanta ag an Choiste Iniúchta mar riosca do na ceannagraíochtaí uile agus deimhníodh go ndéanfaí monatóireacht air.

**D'fhill E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo.**

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le hiarratas ón Áisaonad don tréimhse Eanáir go Nollaig 2015.

| <b>Ainm Eagrais</b> | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|---------------------|-------------------------|---------------------|-------------------|
| An tÁisaonad        | 1401077                 | £283,840            | £283,840          |

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó na €13,339 a chur ar fáil d'Ollscoil na hÉireann Gaillimh don tuarascáil taighde Nuachaintoírí na Gaeilge. Aontaíodh go dtabharfadh Ollscoil na hÉireann cur i láthair don Bhord i bhfómhar 2015 bunaithe ar mholtaí agus thorthaí an taighde.

| <b>Ainm Eagrais</b>           | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|-------------------------------|-------------------------|---------------------|-------------------|
| Ollscoil na hÉireann Gaillimh | 1401063                 | €23,188.50          | €13,339           |

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ó Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus ón Ghaeláras don tréimhse Eanáir go Nollaig 2015.

| Ainm Eagrais               | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta  |
|----------------------------|------------------|--------------|-------------|
| Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | 1401076          | £114,765     | £104,484    |
| An Gaeláras                | 1401075          | £210,755.56  | £128,787.88 |

Ghlac an Bord leis na moltaí uile faoi Scéim na Foilsitheoireachta de chuid Chlár na Leabhar Gaeilge don tréimhse Eanáir go Nollaig 2015.

| Ainm Eagrais                   | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|--------------------------------|------------------|--------------|------------|
| Cois Life                      | CLG 14018        | €125,417     | €103,103   |
| Cló Iar-Chonnacht              | CLG 14020        | €213,508     | €163,000   |
| Futa Fata                      | CLG 14025        | €131,322     | €77,016    |
| Leabhar Breac                  | CLG 14022        | €114,388.44  | €61,740    |
| Foilseacháin Ábhar Spioradálta | CLG 14019        | €26,088.98   | €23,200    |
| Arlen House                    | CLG 14026        | €86,500      | €20,500    |
| LeabhairCOMHAR                 | CLG 14024        | €50,800      | €21,000    |
| An Sagart                      | CLG 14027        | €58,125      | €38,500    |
| An tSnáthaid Mhór              | CLG 14030        | €72,984.80   | €15,000    |
| Duillí Éireann                 | CLG 14031        | €13,221      | €1,500     |
| Éabhlóid                       | CLG 14021        | €33,598      | €15,000    |
| Coiscéim                       | CLG 14028        | €177,590     | €107,500   |
| Ponc Press                     | CLG 14023        | €7,615       | €5,000     |
| Coimicí Gael                   | CLG 14032        | €26,200      | €10,000    |

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ó Scéim Deontas Cholmcille.

| Ainm Eagrais             | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|--------------------------|------------------|--------------|------------|
| An Gaeláras              | CC14025          | £3,860       | £2,500     |
| East Belfast Mission     | CC14027          | £3,560       | £3,560     |
| Scoil Cheoil an Earraigh | CC14029          | £3,000       | £2,400     |
| Pobal                    | CC14028          | £4,283.40    | 0          |

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €9,600 a chur ar fáil le haghaidh taighde ar Shlí Cholmcille.

### An Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ag ar pléadh an tuairisc ar na comhaid bhunmhaoinithe. Cuireadh in iúl na céimeanna a bhí le glacadh sa chás go raibh cáipéisí in easnamh ag na heagrais nár éirigh leo stádas mar cheanneagraíocht a bhaint amach ach aontaíodh go gcuirfí nóta ar na comhaid sin lena léiriú go raibh an t-eolas iarrtha ag Foras na Gaeilge. Cuireadh in iúl go raibh an chéad seiceáil ráithiúil déanta ar chomhaid na gceanneagraíochtaí agus go rabhthas sásta leo. Cuireadh in iúl gur ghlac an Coiste leis an Pholasáí Coimhlint Leasa don Fhoireann (**Aguisín 1**). Cuireadh in iúl gur phléigh an Coiste an litir bainistíochta maidir le cuntais 2012 agus go raibh Foras na Gaeilge ag cloí le haguísín 2 den mheamram airgeadais maidir le tairiscintí srl. Aontaíodh gurbh fhiú aguisín 2 den mheamram airgeadais a chur isteach leis na cuntais feasta. Scaipeadh liosta den obair a bhí déanta ag an Iniúchóir

Inmheánach maidir le 2013 agus obair eile le déanamh maidir le 2014 agus deimhníodh go ndearna an Bord iniúchadh ar an chóras rialaithe inmheánaigh do 2013.

### **Coiste Stiúrtha an Fhoclóra**

Cuireadh in iúl go raibh uaslódáil na n-iontrálacha breise le déanamh ar 18 Nollaig. Ghlac an Bord leis an mholadh go síneofaí an conradh le Ingénierie Diffusion Multimédia (IDM) ó Nollaig 2014 go dtí Nollaig 2016, ar chostas iomlán de €18,025 (**Aguisín 2**). Ghlac an Bord leis an mholadh maidir leis an suíomh focal.ie a athrú go dtí teama.ie agus leis an mholadh suim nach mó ná €9,767.33 a íoc le Fiontar leis an obair a chur i gcrích agus €5,000 den tsuim sin a íoc i mbliana. (**Aguisín 3**).

### **Coiste Nuachtán agus Irisí**

Cuireadh in iúl go raibh uasdátú faighte ag an Choiste ó Tuairisc.ie a léirigh go raibh ag éirí go maith leo ó seoladh an tionscadal. Cuireadh in iúl go raibh ceist ardaithe ag duine amháin faoi chlúdach ar an tuaisceart agus go gcuirfí sin in iúl don eagarthóir. Cuireadh in iúl go mbeadh NÓSMag le seoladh go hoifigiúil i mí Eanáir. Cuireadh in iúl go raibh deireadh leis an Choiste Nuachtán agus Irisí anois agus ghabh Cathaoirleach an Choiste buíochas le gach ball den Choiste agus leis an fheidhmeannas as an obair ar fad. Ghabh an Bord buíochas le Cathaoirleach agus le baill an Choiste fosta.

### **03.129 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 DEIREADH FÓMHAIR 2014 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2014**

Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe ar an nasc físhomhdhála ó Bhaile Átha Cliath agus bhí plé ar an ráiteas caiteachais. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí Eanáir 2015. Scaipeadh cuntais 2013 ar an Bhord mar eolas. Cuireadh in iúl go raibh cead an Bhoird de dhíth leis na cuntais a shíniú agus thug an Bord an cead sin don Phríomhfheidhmeannach agus don Chathaoirleach.

Ghabh an Bord buíochas le foireann na rannóige airgeadais as an obair ar fad a rinneadh go dáta. D'fhág an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú.

### **04.129 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

### **05.129 DUL CHUN CINN NA gCEANNEAGRAÍOCHTAÍ Ó 1 IÚIL 2014**

Thug an Bord suntas do na tuairiscí a cuireadh ar fáil maidir le dul chun cinn na gceanneagraíochtaí ó mhí Iúil go dáta. Cuireadh in iúl go dtiocfadh tuairisc eatramhach arís i mí Iúil 2015 agus tuairisc níos iomláine ansin i mí na Nollag 2015.

### **06.129 UASDÁTÚ MAIDIR LEIS AN SCÉIM PHOBAIL GAEILGE**

Cuireadh in iúl gur tharla na fócasghrúpaí mar chuid den chomhairliúchán ar an Scéim Phobail Gaeilge. Ardaíodh ceist arís faoin dóigh ar luadh nach mbeadh ach dhá dheontas ag dul d'aon chontae amháin. Cuireadh in iúl go raibh daoine ag díriú ar an fhiigiúr sin amháin ach míníodh nach dtiocfadh tuairimí ar ais mura raibh aon



fhigiúir luaite. Cuireadh in iúl go raibh tuairisc á hullmhú bunaithe ar na haighneachtaí a fuarthas ón chomhairliúchán agus go mbeadh an tuairisc faoi bhráid an Bhoird i mí Eanáir. Aontaíodh go gcuirfí uair an chloig ar leataobh ar an chlár don mhír seo agus go ndéanfaí plé iomlán ina leith ansin.

#### **07.129 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus cuireadh in iúl:

- Go raibh an SSC i ndiaidh imeacht ar luathscor. Fógraíodh an post sin agus post mar Chlár bhainisteoir: Cumarsáid, Margaíocht & Feasacht.
- Go raibh cruinniú ag an Phríomhfheidhmeannach le hOifig na nOibreacha poiblí (OPW) maidir le hoifigí nua i mBÁC. Tá siad ag toiseacht a chuartú oifige dúinn anois ach tá an margadh ag bogadh sa treo contráilte faoi láthair. Beidh ar Fhoras na Gaeilge díol as aon obair bhreise a bheadh le déanamh mar gheall ar na rialacha nua maidir le sábháilteacht. Beidh síneadh ama le cur leis an léas ar Chearnóg Mhuirfean.
  - Go mbeadh plé ar leith le déanamh faoin Áis agus roghanna éagsúla le hiniúchadh.
- Go mbeadh léas Ghaoth Dobhair istigh ar an bhliain seo chugainn.
- Go raibh sé i gceist go ndéanfaidh an tAire Stáit fógra maidir le liosta bailte a d'fhéadfadh bheith ina mbailte seirbhíse Gaeltachta ar an Aoine an 19 Nollaig.
- Go raibh €500,000 geallta ag ROS d'Fhoras na Gaeilge sna 3 bliana seo romhainn don tionscadal *Séideán Sí*. Tá socrú comhpháirtíochta comhaontaithe le CCEA. Cuireadh tús leis an tionscadal seo in 2014 agus tá táirgeadh na n-ábhar, lena n-áirítear cluichí litearthachta agus gníomhaíochtaí ar líne, faoi lán seoil.
- Go raibh an PAI ag déanamh athbhreithniú ar struchtúr na heagraíochta faoi láthair.
- Gur eagraíodh Lá Foirne ar 02 Nollaig. Rinne ionadaí ó Xfinity cur i láthair ar na leasuithe ar an scéim pinsin agus bhí deis ag an fhoireann (agus ag foireann Uiscebhealaí Eireann) ceisteanna a chur agus cúrsaí a shoiléiriú.
- Gur cheart monatóireacht a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an duine céanna a bheith mar eagarthóir ar [www.tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie) agus ar Comhar.
- Ghlac an Bord leis an ainmniúchán a bhí molta ag Údarás na Gaeltachta, Rachel Ní Riada, ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge / Loch Garman. Cuireadh in iúl gur éirigh Bríd de Róiste as Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlaigh agus gur ainmníodh Caitlín Mhic Cárthaigh mar chomharba uirthi ag cruinniú Boird Fhoras na Gaeilge ar 31 Deireadh Fómhair.
- Gur cuireadh litir chuig Cléireach na Dála maidir leis an athbhreithniú ar an Chaighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe faoin dóigh a bhfuiltear ag caitheamh le Foras na Gaeilge.
- Go raibh an ARC&C ag súil cuntais 2013 a bheith glanta roimh dheireadh na bliana.

Thug an Bord suntas do thuairisc na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (ETI) ar na campaí samhraidh ó thuaidh agus gabhadh buíochas le foireann na rannóige oideachais agus leis na daoine a reáchtáil na campaí. Ghabh an Bord buíochas leis an ardbhainistíocht as an obair ar fad.

#### **08.129 TUAIRISC AR AN CHRUINNIÚ CATT**

Thug an Bord suntas don tuairisc ar an chruinniú CATT.

#### **09.129 CRUINNITHE BOIRD 2015**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú den Fhoras Teanga le bheith ann i mí an Mhárta i mBéal Feirste agus aontaíodh go gcuirfí tús leis an chruinniú Boird oíche Dhéardaoin 5 Márta agus é a chríochnú luath an mhaidin dár gcionn le go mbeadh cruinniú den Fhoras Teanga ann ar 12.00i.n. Dé hAoine 6 Márta. Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le cruinnithe Boird 2015 (**Aguisín 4**).

#### **10.129 COMHFHREAGRAS**

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras mar aon leis an tuairisc achomhair 6 mhí don Bhord ó Fhiontar.

#### **11.129 TUAIRISC ÓN CHOISTE OSRADHAIRC**

|                                                                                                                                                                                              |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 & 4 agus faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise. |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

#### **12.129 AON GHNÓ EILE**

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**

**Cathaoirleach**

**23 Eanáir 2015**

***Foras na Gaeilge  
Nochtadh Leasanna – Fostaithe***

Is cuid thábhachtach de phobal na Gaeilge iad foireann Fhoras na Gaeilge féin agus beidh siad gníomhach in imeachtaí agus le grúpaí áirithe Gaeilge. Aithníonn Foras na Gaeilge na scileanna agus an saineolas a thugann baill foirne chuig na grúpaí seo agus an taithí a thugtar ar ais chuig Foras na Gaeilge dá réir. Déanann an polasaí seo iarracht an méid seo a aithint, agus an chosaint chuí a thabhairt don fhoireann agus d'Fhoras na Gaeilge faoi seach.

***Polasaí Ginearálta***

Is é príomhdhualgas gach fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge seirbhís rialta, phoncúil agus shásúil a sholáthar d'Fhoras na Gaeilge. Is sárú ar an Pholasaí seo é aon ghníomhaíocht nó ghnó le linn nó lasmuigh d'uaireanta oibre a imríonn nó a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar chumas fostaí an dualgas sin a chomhlíonadh nó a thagann salach nó a d'fhéadfadh teacht salach ar leasanna, spriocanna agus pholasaithe Fhoras na Gaeilge agus féadfaidh sé go dtionscnófar gníomh smachtaithe in aghaidh an fhostaí sin lena n-áireofaí briseadh as post.

***Infheidhmitheacht***

Gach fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge.

***Sainmhíniú***

Ní cheadmhach do lucht bainistíochta ná d'fhostaithe a bheith páirteach i bhfostaíocht/leasanna gnó seachtracha atá ag teacht salach nó a d'fhéadfadh teacht salach ar aon ghnó de chuid Fhoras na Gaeilge. Dá bhrí sin, ní mór d'fhostaithe Fhoras na Gaeilge a chur in iúl i scríbhinn don Phríomhfheidhmeannach – a choinníonn taifead rúnda – aon leas nó choimhlint phearsanta nó teaghlaigh a d'fhéadfadh a bheith ann a d'imreodh tionchar ar a neamhchlaontacht maidir le cur i gcrích a gcuid dualgas más ann dá leithéid nó a luaithe agus a tharlaíonn a leithéid lena n-áirítear:

- Aon leas, scairshealbhú nó choimhlint leasa fhéideartha a bheadh ag fostaí le comhlacht nó eagraíocht óna gceannaíonn Foras na Gaeilge earraí, oibreacha nó seirbhísí,
- Aon fhostaíocht nó leasanna gnó seachtracha atá nó a d'fhéadfadh teacht salach ar ghnó Fhoras na Gaeilge,
- Aon leas de chuid ghartheaghlach fostaí a dtarlódh coimhlint leasa den chineál dá bharr,
- Aon choimhlint fhéideartha a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar bheith rannpháirteach i measúnú iarratas ar dheontas nó in údarú deontas de chuid Fhoras na Gaeilge ar mhaoiniú.
- Is ceart do bhall foirne éirí as oifig in aon eagraíocht a fhaigheann maoiniú, nó a dtiocfadh leis iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, ó Fhoras na Gaeilge nuair a dhéantar post a thairiscint i bhForas na Gaeilge don bhall foirne. Sa chás go bhfuil baint mar choisteoir nó mar shealbhóir oifige ag an fhostaí le

heagraíocht agus gur mhaith leo cás a dhéanamh fanacht in áit san eagrais i gceist is féidir sin a dhéanamh i scríbhinn leis an Bhainisteoir líne a chuirfidh an cás faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh agus ní bheidh dul thar a bhreith siúd.

- I gcás fostaí reatha beidh clár ama faoi éirí as oifig in eagrais a fhaigheann maoiniú, nó a dtiocfadh leis iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, ó Fhoras na Gaeilge le haontú leis an bPríomhfheidhmeannach. Is féidir le fostaí cás a dhéanamh i scríbhinn leis an Bhainisteoir Líne a chuirfidh an cás faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh agus ní bheidh dul thar a bhreith siúd.
- Caithfidh an Príomhfheidhmeannach éirí as oifig in aon eagraíocht a fhaigheann maoiniú, nó a d'fhéadfadh iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, ó Fhoras na Gaeilge nuair a thairgtear post an Phríomhfheidhmeannaigh i bhForas na Gaeilge di/dó, agus ní ceart di/dó glacadh le tairiscint poist / ról mar oifigeach ina dhiaidh sin in aon eagraíocht dá leithéid.

### ***Láimsheáil Choimhlintí Leasa***

- i. Sa chás go dtarlaíonn coimhlint leasa d'fhostaí, ní mór dó/di stad de bheith ag plé leis an iarratas ar dheontas, an chonradh nó an chás ina bhfuil coimhlint leasa nó choimhlint leasa fhéideartha, agus ní ceadmhach dó/di féacháil le haon tionchar a imirt ar chinní a bhaineann leis an chás.
- ii. Má tharlaíonn ceist an raibh nó nach raibh ceist coimhlint leasa ann d'fhostaí i gcás áirithe, ní mór an cheist a chur faoi bhráid an té dá bhfuil sé freagrach. Sa chás gur gá é, is é an Príomhfheidhmeannach a dhéanfaidh cinneadh ar an cheist agus ní bheidh aon dul thar a b(h)reith.
- iii. I gcás fostaithe a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí gnó seachtracha, go díreach nó go hindíreach, roimh fheidhmiú an Pholasaí Coimhlint Leasa nó sular fostaíodh ag Foras na Gaeilge iad, ní mór dóibh é seo a chur in iúl, i scríbhinn, dá Stiúrthóir agus cead a iarraidh leanstan le gníomhaíochtaí den chineál.
- iv. Ní mór do bhaill foirne cásanna a sheachaint ina bhféadfadh a leasanna pearsanta féin teacht salach ar leasanna Fhoras na Gaeilge. Ní ceadmhach, go háirithe, do bhaill foirne ar aon chúis baint a bheith acu den chineál gnó/comhairliúcháin le haon duine nó chomhlacht lena bhfuil nó lenar dóiche go mbeadh caidreamh ag Foras na Gaeilge seachas ina gcáil mar bhall foirne de chuid Fhoras na Gaeilge.
- v. Ní ceadmhach do bhaill foirne Fhoras na Gaeilge acmhainní nó am Fhoras na Gaeilge a úsáid chun a dtairbhe pearsanta féin, nó chun tairbhe daoine/eagraíochtaí nach bhfuil aon bhaint acu le Foras na Gaeilge nó lena chuid gníomhaíochtaí.
- vi. Tá sé toirmiscithe ar bhaill foirne deiseanna gnó a chuirtear faoina mbráid le linn a dtréimhse fostaíochta le Foras na Gaeilge a chur ó dhoras Fhoras na Gaeilge, chun a dtairbhe pearsanta féin,

- vii. Sa chás gurb é tuairim na Bainistíochta go bhfuil nó go bhféadfadh drochthionchar a bheith á imirt ag aon ghníomhaíocht lena bhfuil ball foirne bainteach ar a c(h)umas chun a c(h)uid oibre a dhéanamh go sásúil, nó go bhfuil nó go bhféadfadh coimhlint leasa tarlú dá barr, beidh sé de cheart ag Foras na Gaeilge á áitiú air/uirthi éirí as nó lagú siar ar an ghníomhaíocht sin.

12 Nollaig 2014

Dáta athbhreithnithe Nollaig 2016

**AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE, CONRADH COTHABHÁLA DON  
SUÍOMH BEO  
– MOLADH DON CHRUINNIÚ BOIRD, 12 NOLLAIG 2014** (lgn 0.1)

Ag deireadh na bliana 2010 d'fhaomh an Bord conradh maidir le forbairt agus cothabháil an suíomh beo don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge (FNBG) a shíniú leis an gcomhlacht *Ingénierie Diffusion Multimédia* (IDM). Beidh an conradh sin rite ag deireadh na bliana reatha, agus táthar ag moladh é a shíneadh go dtí deireadh na bliana 2016, .i. go dtí deireadh thionscadal an Fhoclóra.

Bronnadh an conradh ar IDM mar thoradh ar chomórtas poiblí. De bharr go bhfuil sé socraithe ag an mBord agus ag na Ranna anois go leanfaidh tionscadal an Fhoclóra ar aghaidh go dtí deireadh na bliana 2016, is gá socrú i dtaca leis an suíomh beo a shíneadh go dtí an dáta sin. Bheadh deacrachtaí suntasacha praiticiúla i gceist dá ndéanfaí an suíomh a mhalartú go dtí soláthróir eile agus an FNBG fós á chur i gcrích – baineann an conradh cothabhála ní hamháin le hóstáil an tsuímh ach freisin le soláthar an tsainbhogearra a láimhseálann na hiontrálacha, na comhaid fuaime agus na comhaid ghramadaí san Fhoclóir.

**MOLADH**

**Dá bhrí sin moltar go síneofaí an conradh cothabhála le IDM ó Nollaig 2014 go dtí Nollaig 2016, ar chostas iomlán de €18,025 agus sin a dhíol i mbliana.**

**AN SUÍOMH *focal.ie* A ATHRÚ GO DTÍ *tearma.ie*  
– MOLADH DON BHORD, 03 NOLLAIG 2014** (lgn 0.1)

Le cúpla mí anuas rinneadh athbhreithniú ar an suíomhanna gréasáin atá ag Foras na Gaeilge a bhaineann le cúrsaí foclóireachta agus téarmaíochta, agus conas mar ba cheart iad a fhorbairt sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma.

Ceann de na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú sin ná go ndéanfaí an suíomh ***focal.ie*** a athrú go dtí ***tearma.ie***, le go mbeidh sé níos soiléire don phobal go mbaineann an suíomh le cúrsaí téarmaíochta, agus chun aon mheascán idir ***focal.ie*** agus ***focloir.ie*** a sheachaint. Tá sé beartaithe feachtas poiblíochta maidir le ***focloir.ie*** a sheoladh ag tús mhí an Mhárta, 2015, agus tá sé inmhianaithe go mbeadh an t-athrú ar ***focal.ie*** curtha i gcrích faoin dtráth sin.

**MOLADH**

Beidh obair bhreise i gceist do *Fiontar* maidir leis an athrú sin a chur i gcrích, obair nach bhfuil clúdaithe faoin gconradh reatha leo. Tá meastachán de €9,767.33 faighte ó *Fiontar* maidir leis an obair sin. Is gá tús a chur leis an obair a luaithe agus is féidir, le go mbeidh an t-athrú curtha i gcrích faoi 01 Márta 2015.

Tá faomhadh á lorg glacadh leis an meastachán de €9,767.33, agus €5,000 den tsuim sin a íoc le *Fiontar* i mbliana.

**Foras na Gaeilge**

**Cruinniú Boird: 12 Nollaig 2014**

**Mír:**

**Cruinnithe Boird i 2015 - Moladh**

|                                                   |                                                |
|---------------------------------------------------|------------------------------------------------|
| <b>Dé hAoine, 23 Eanáir</b>                       | <b>Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath</b>    |
| <b>Déardaoín 5 Márta &amp; Dé hAoine, 6 Márta</b> | <b>Béal Feirste</b>                            |
| <b>Dé hAoine, 17 Aibreán</b>                      | <b>Sráid Fhreidric, Báile Átha Cliath</b>      |
| <b>De hAoine, 22 Bealtaine</b>                    | <b>Cultúrlann Uí Chanáin, Doire</b>            |
| <b>Dé hAoine, 26 Meitheamh</b>                    | <b>Béal an Mhuirthead</b>                      |
| <b>Dé hAoine 24 Iúil</b>                          | <b>Béal Feirste</b>                            |
| <b>Dé hAoine, 25 Meán Fómhair</b>                 | <b>Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath</b>    |
| <b>Dé hAoine, 30 Deireadh Fómhair</b>             | <b>Óstán City West (Oireachtas na Gaeilge)</b> |
| <b>Dé hAoine, 11 Nollaig</b>                      | <b>Béal Feirste</b>                            |